



TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Tuarascáil Bhliantúil 2019

www.Tusla.ie

Clár Ábhair

Gluais	4
Brollach ón gCathaoirleach	4
Nóta ón bPríomhfheidhmeannach	6
Ár misean, ár bhfís, ár luachanna agus ár n-iompar	7
1. Léargas ginearálta ar sheirbhísí	8
1.1 Soláthar seirbhísí	8
1.2. Ag tacú leis an soláthar seirbhísí	9
1.3. 2019 – Ár n-uimhreacha don bhliain	10
1.4. Plean Corparáideach 2018–2020	15
1.5. Plean Gnó 2019	16
1.6. Gaiscí is mó le linn 2019	17
1.7. Dúshláin is mó le linn 2019	19
1.8. An scéal is déanaí maidir leis an bPlean Gníomh Straitéiseach mar fhreagra ar Imscrúdú HIQA i dtaca le bainistíocht líomhaintí mhí-úsáid ghnéis leanaí	21
1.9. Aiseolas ó úsáideoirí na seirbhísí	24
2. Soláthar Seirbhísí	31
2.1 An tSeirbhís um Chosaint agus Leas Leanaí	31
2.2. Cúraim mhalartacha agus uchtú	38
2.3. Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh	45
2.4. An Rannóg um Rialáil ar Sheirbhísí Leanaí	51
2.5. Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)	53
2.6. Seirbhísí Foréigean baile, Foréigean gnéis agus Foréigean bunaithe ar an inscne (Seirbhísí FB-FG-FI)	56
3. Ag tacú leis an soláthar seirbhísí	59
3.1. Rannóg na gCoimisiúnaithe	59
3.2. Acmhainní Daonna	62
3.3. Airgeadas	65
3.4. Rannóg na nEastát	66
3.5. An Rannóg Dlíthiúil	67
3.6. Rannóg na Teicneolaíochta	69
3.7. Seirbhísí Corparáideacha	71
3.8. Rannóg na Cumarsáide	75
3.9. An Rannóg Straitéise agus Pleanála Gnó	76
3.10. Oifig um Chlárbhainistiú (OBC)	76
3.11. An Rannóg Polasaithe agus Taighde	77
3.12. Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh	80

Clár Ábhair

4. Bord Tusla, Rialachas Feidhmiúcháin agus Corparáideach	81
4.1. Ceannasaíocht agus Éifeachtúlacht	81
4.2. Cuntasaíocht	85
4.3. Córais Cháilíochta agus Riosca	87

Aguisíní	90
Aguisín 1: Achoimre ar rioscaí agus rialuithe corparáideacha	90

Cuid II	
Ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	
Eolas 96	
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird	97
Ráiteas maidir le Srianata Inmheánacha	107
uarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (lch. 1)	132
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (lch. 2)	133
Ráitis Airgeadais	134
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	139

Gluais

Acrainm Béarla	Acrainm Gaeilge	Brí
ABC	CÓCB	An Clár Óige Ceantar-bunaithe
ACIMS	SC ₇ MdCM	An tSeirbhís Chigireachta agus Monatóireachta don Chúram malartach
ACTS	STCM	An tSeirbhís Teiripe Chomhairliúcháin Mheasúnaithe
AGS	-	An Garda Síochána
ARC	CI7R	An Coiste Iniúchta agus Riosca
C&AG	ARC ₇ C	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CAS	STC	An Scéim Tacaíochta Caipitil
CASP	-	Nósanna Imeachta a thugann bunús le líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí
CCA	RMdPC	Roghanna malartacha do phobail chruthaitheacha
CEO	-	Príomhfheidhmeannach
CFSN	LTdL ₇ T	Líonra tacaíochta do Leanaí agus do Theaghlaigh
CPC	CCL	Comhdhálacha Cosanta Leanaí
CPD	FGL	Forbairt ghairmiúil leanúnach
CPNS	CFCL	An Córas fógraithe um Chosaint Leanaí
CPRI	LTC ₇ E	Líomhaintí a tuairiscíodh cheana agus Eachtraí
CPW(S)	(S)CLL	An Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí
CRC	ICL	Ionad Cónaithe Leanaí
CRS	SCdL	Seirbhísí Cónaithe do Leanaí
CSR	RuRaSL	An Rannóg um Rialáil ar Sheirbhísí Leanaí
CYPP	PdL ₇ DÓ	An Plean do Leanaí agus do Dhaoine Óga
CYPSC	CdSdL ₇ DÓ	Coistí do Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
DCYA	-	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
DEIS	Clár DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a sheachadadh (“An Clár DEIS”)
DML	BÁC ₇ LL	Baile Átha Cliath – Laighin Láir
DNC	BÁC-TnaC	Baile Átha Cliath – Tuaisceart na Cathrach
DNE	BÁC-Thoir Thuaidh	Baile Átha Cliath – Thoir Thuaidh
DP(C)	(Cu)CS	An Coimisiún um Chosaint Sonraí
DPER	RCP ₇ A	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
DPO	OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
DPSU	ASCR	An tAonad Seirbhíse Cosanta Roinne
DSGBV	FB-FG-FI	An tSeirbhís Foréigean baile, Foréigean gnéis agus Foréigean bunaithe ar an inscne
EAG	CCS	An Coiste Comhairleach Saineolaithe
EPIC	EPIC	<i>Empowering People In Care</i>
E-Sign	E-Síniú	Síniú leictreonach
ESRI	ITE ₇ S	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EU	AE	An tAontas Eorpach
EWS	SLO	Seirbhísí Leasa Oideachais
FOI	-	Saoráil faisnéise
FRC	IAdT	Ionad Acmhainní do Theaghlaigh

Acrainm Béarla	Acrainm Gaeilge	Brí
GAL	CAL	Caomhnóir <i>Ad Litem</i>
GDPR	RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
HIQA	ÚF ₇ CS	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte
HR	-	Acmhainní Daonna
H&S	-	Sláinte agus Slándáil
HSC	OPdSB	Oifigeach Pobail don Scolaíocht Bhaile
IADT	IEDT	Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta
ICT	IT	Teicneolaíocht na Faisnéise
IFMS	CCBA	Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais
INIS	SE ₇ IE	Seirbhís Eadóirseachta agus Inimírce na hÉireann
IRPP	CCdLT	An Clár Cosanta do Lucht Tearmainn
ISS	ISS	<i>International Social Services</i>
KPI	-	Eochairtháscaire feidhmíochta
MACES	MACES	<i>Multiple Adverse Childhood Experiences Service</i>
MOU	-	Meamram Tuisceana
NCCIS	CNFdCL	An Córas Náisiúnta Faisnéise do Chosaint Leanaí
NIMS	CNdBE	An Córas Náisiúnta do Bhainistíocht Eachtraí
NPCF	CCNT	Creat Coimisiúnaithe Náisiúnta um Thuismitheoireacht
NPOC	CMdBN	An Coiste Maoirseachta do Bheartais Náisiúnta
NUIG	OÉG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
OGP	OSR	An Oifig um Sholáthar Rialtais
PPGs	BNITanna	Beartais, Nósanna imeachta agus Treoirlínte
REC	CET	An Coiste um Eitic Thaighde
RED	(Foireann) AMS	Foireann Athbhreithnithe, Measúnaithe agus Stiúrtha
RFQs	-	Iarratais ar mheastacháin
RSA	ÚSB	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
SCA	GÉS	An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
SCP	CCS	An Clár Críochnaithe Scolaíochta
SCS	SdLD	Seirbhísí do Leanaí dealaithe
SCSA	PDALT	Páistí dealaithe atá ag lorg tearmann
SEN(s)	FIET	Fógra(i) maidir le himeacht nó eachtra tábhachtach
SIC	RSI	Ráiteas ar Smachtú inmheánach
SLMF	FBOS	Fóram Bainistíochta na nOifigeach Sinsearach
SPU	AS ₇ PG	An tAonad Straitéise agus Pleanála Gnó
SQC	CSC	An Coiste Seirbhíse agus Cáilíochta
TAG	CC(T)	Coiste Comhairliúcháin (Tusla)
TESS	STOT	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla
WLD	F ₇ FdO	Foghlaim agus Forbairt d'Oibrithe
WRC	CuCsÁO	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Brollach ón gCathaoirleach

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2019 do Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – a chur in bhur láthair.

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo gur tháinig an Ghníomhaireacht le chéile le linn 2019 ar bhealach cuimsitheach agus go ndearnadh dul chun cinn dearfach d'fhonn ár gcuspóirí a bhaint amach de réir na cumhachtaí a thug an Rialtas dúinn. Tá réimse cúraimí an-leathan ag TUSLA, tá siad casta agus dúshlánach. Is údar misnigh é, mar sin, bheith in ann tuairisciú go bhfacthas dul chun cinn ar fud na Gníomhaireachta. Arís agus arís eile, faighim spreagadh de bharr gairmiúlacht agus tiomantacht na mball foirne ina gcuid oibre.

Obair mhór mhillteach a bheas ann i gcónaí d'fhonn sláinte leanaí agus torthaí do leanaí a fheabhsú. Ní bheidh sé furasta ár ráiteas misin a bhaint amach ina iomláine, ach ní mór dó bheith mar sprioc againn agus mar cheann scríbe againn feasta. Bíonn dúshlán ag baint le seirbhís chomhsheasmhach

agus iomchuí a sholáthar do leanaí leochaileacha agus do theaghlaigh timpeall na tíre.

Mar sin de, ní mór don Ghníomhaireacht bheith in ann glacadh leis nuair a dhéantar botúin, bheith ag síor-fheabhsú agus ag nuáil agus bheith tiomanta cultúir nua a chruthú nach bhfuil dírithe ar na seanbhealaí agus na sean chleachtais.

Thug Bord Tusla faoi líon áirithe athraithe le linn 2019 agus é mar sprioc aige rialachas chomhlachta Stáit, a bhfuil foireann oibre de cheithre mhíle go leith daoine ag obair dó, a fheabhsú. Bunaíodh trí choiste nua:

- An Coiste Seirbhíse agus Cáilíochta (CS₇C)
- An Coiste Iniúchta agus Rioscaí (CI₇R)
- An Coiste Eagraíochta agus Forbartha (CE₇F)

Is é is aidhm leis an athstruchtúrú seo, obair thábhachtach na gcoistí a éascú agus am breise a thabhairt don Bhord d'fhonn cinntí straitéiseacha a dhéanamh agus d'fhonn maoirseacht níos mó a dhéanamh ar ghnóthaí na Gníomhaireachta.

Bhí earcú agus coinneáil oibrithe sóisialta ina ábhar inní don Ghníomhaireacht le linn 2019. Bhíothas ag súil le moltaí nuálaíochta ó Ghrúpa Oideachais na nOibrithe Sóisialta (GOOS) a fháil, ach níor tharla sin go fóill. Rinne Tusla iarracht tograí nua a fhorbairt d'fhonn céimithe iomchuí a mhealladh le linn 2019 agus táthar ag déanamh infheistíochta i straitéisí d'fhonn an líon foirne reatha a choinneáil. De bharr nádúr na hoibre cosanta agus leasa leanaí agus a dhúshlánaí is atá sí, ní féidir dul i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna earcaíochta gan tacaíocht ón Stát.

Is é ceannaireacht na n-eagraíochtaí móra an rud a chruthaíonn cultúr agus carachtar na n-eagraíochtaí sin. Mar sin de, is é an cinneadh is tábhachtaí atá ag an mBord; Príomhfheidhmeannach a roghnú. Chuireamar fáilte roimh Phríomhfheidhmeannach nua i mí Meán Fómhair, Bernard Gloster. I ngeall ar a chúlra agus a phearsantacht, tá an Bord sásta go bhfóirfidh an Príomhfheidhmeannach nua leis an obair atá roimhe; is é sin ceannaireacht a léiriú don chéad chéim fhorbartha eile de chuid Tusla. Tacaíonn an Bord leis go huile is go hiomlán agus tá muinín iomlán ag an mBord as.

Arís eile, ba mhian liom buíochas a ghabháil le Pat Smyth as a chuid oibre mar Phríomhfheidhmeannach sealadach agus a ba mhian liom ómós a thabhairt dó as an méid a rinne sé le linn a thréimhse sa phost sin.

Chomh maith leis sin, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr. Katherine Zappone agus le Rúnaí Ginearálta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus a fhoireann as ucht a gcuid tacaíochta le linn 2019.

Ar deireadh, ba mhaith liom ómós a léiriú do Norah Gibbons, a cailleadh le déanaí. Ba í Nora an chéad chathaoirleach ar Tusla. Throid sí go paiteanta ar son chearta leanaí, duine lán-tuairimí láidre ab ea í agus chuir sí go mór le saol na hÉireann ar bhealach tábhachtach. Aireofar uainn go mór í.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe Bord, an Coiste Feidhmiúcháin, Rúnaí an Bhoird, agus le baill foirne lonnaithe in os cionn 300 pobail éagsúla, fud fad na tíre, as ucht a dhiongbháilte agus a dhíograisí is a bhíodar ina gcuid oibre agus tá mé ag dúil le dul chun cinn leanúnach a fheiceáil arís in 2020.

Pat Rabbitte

Pat Rabbitte
Cathaoirleach

Nóta ón bPríomhfheidhmeannach

Is pribhléid é bheith ceaptha i mo Phríomhfheidhmeannach ar Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Chuir mé tús le mo chuid oibre i mí Meán Fómhair 2019. Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Bhord agus d'fhoireann Tusla as an bhfáilte mhór a cuireadh romham.

Ní mór ómós a léiriú do Pat Smyth as an sár-obair atá déanta aige go nuige seo. Ba é a bhí mar Phríomhfheidhmeannach sealadach ar Tusla sular ceapadh mise agus ba é a bhí i gceannas ar an eagraíocht le linn an chuid is mó de 2019, tréimhse na tuarascála seo.

Léirítear sa Tuarascáil gnóthaí na Gníomhaireachta i dtimpeallacht atá ag éirí níos gnóthaí, níos casta agus níos dúshlánaí ar go leor bealaí. D'aineoinn sin, tá fianaise ann go bhfuil obair fhiúntach ar bun agus tá sé tábhachtach dianobair ár bhfoirne lonnaithe sna pobail áitiúla, fud fad na hÉireann, a aithint.

Agus mé ag cur tús le mo phost nua, rinne mé tagairt do thrí thosaíochtaí mar fhreagra ar an timpeallacht níos casta atá os comhair ár n-eagraíochta; cáilíocht oibre, muinín na foirne agus muinín an phobail. Le chois sin, tá trí philéar athchóirithe; dea-chleachtas, cultúr

agus struchtúr. Beidh ábhar na tuarascála seo mar bhunchloch agam d'fhonn gnímh agus athchóirithe eile a dhéanamh as seo amach.

Ní ionstraim trédhearcachta poiblí amháin an cháipéis seo; tá fíorluach na cáipéise le fáil sna mionsonraí a thugann léargas agus tuiscint dúinn maidir le fairsingeacht agus scóp na gcumhachtaí a úsáideann an Ghníomhaireacht ina cuid oibre chuile lá beo. Táimid ag súil leis go dtógfaidh léitheoirí na cáipéise seo an t-am le n-iad féin a chur ar an eolas mar gheall ar ár gcuid oibre san earnáil thábhachtach soláthar seirbhísí poiblí seo do líon mór leanaí agus a dteaghlaigh.



Bernard Gloster
Príomhfheidhmeannach

Ár misean, ár bhfís, ár luachanna agus ár n-iompar

Ár bhfís

Éire tiomanta do shábháilteacht agus do dhea-shláinte leanaí, daoine óga agus teaghlaigh.

Ár misean

Obair lena chéile chun seirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhonn torthaí níos fearr abhaint amach do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh agus do phobail.

Ár luachanna



MUINÍN



MEAS



COMHBHÁ



**OBAIR
LENA CHÉILE**



MACÁNTACHT

Iompair

An cumhacht a thabhairt do leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail bheith rannpháirteach sna cinntí a mbeidh tionchar acu ar a saolta agus bheith acmhainneach.

Bheith iontaofa agus tiomanta.

Bheith oscailte, trédhearcach agus soiléir maidir leis an gcaoi a dhéantar cinntí agus na cúiseanna taobh thiar diobh.

Tuiscint a bheith againn do gach leanbh, duine óg, ball agus cara teaghlaigh.

Glacadh leis go bhfuil buanna agus laigí ag gach uile theaghlach.

Labhairt ar bhealach díreach le húsáideoirí seirbhísí.

Úsáid a bhaint as an éisteacht ghníomhach d'fhonn a chinntiú go dtugaimid aird ar gach uile dhearcadh.

Bheith tuisceanach ar a bhfuil ó úsáideoirí seirbhísí agus ar a bhfuil de dhíth orthu.

Bheith freagrúil do chomhghleacaithe agus d'úsáideoirí seirbhísí.

Caitheamh go cineálta le daoine.

A oiread eolais agus is féidir a bhailiú d'fhonn bheith in ann cinntí comhfhirosacha a dhéanamh.

Úsáid a bhaint as teanga chruinn agus simplí.

Bheith tiomanta go mbeimid i dteagmháil ar bhonn seasmhach agus leanúnach leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Go dtiocfaimid ar réitigh nuálaíochta comh-chruithaithe agus cruthaitheacha d'fhonn leanaí a choinneáil slán sábháilte.

Rannpháirtíocht réamhghníomhach, comhoibriú agus ailiú fóghlama le gach páirtí leasmhar.

Tuiscint chomhroinnte ar na hiarmhairtí úsáideoirí seirbhíse iarrtha.

Bheith ag obair leanúnach d'fhonn bheith ag sior-fheabhsú agus d'fhonn go mbeidh ár seirbhísí ar ardchaighdeán.

Iontaofa, Eiticiúil agus Cothrom.

Cur chuige freagrach stuama i leith an dea-chleachtais.

Gairmiúil i gcónaí.

Seirbhísí agus tacaíochtaí seasmhacha.

Cur chuige freagracha agus trédhearcacha.

1. Léargas ginearálta ar sheirbhísí

1.1 Soláthar seirbhísí

Bunaíodh Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – ar an 1 Eanáir 2014 i gcomhréir leis an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus is é atá freagrach as sláinte agus torthaí leanaí a fheabhsú.


Tá Bord i gceannas ar Tusla agus tá an bord seo freagrach as treo straitéiseach na Gníomhaireachta, mar aon le cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na srianta feidhmíochta agus comhlíonta agus na nósanna imeachta le rioscaí a smachtú. Tá Cathaoirleach an Bhoird freagrach don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis na bearta a chuirtear i bhfeidhm d'fhonn tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta na Gníomhaireachta a bhaint amach. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord maidir le feidhmíocht feidhmeanna na Gníomhaireachta.

Tá Tusla freagrach as réimse seirbhísí, lena n-áirítear:

- Cosaint agus Leas Leanaí
- Cúram malartach agus uchtú
- Tacaíocht teaghlaigh
- An Chigireacht Luath-bhlíanta
- Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)
- Foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean bunaithe ar an inscne

Soláthraítear seirbhísí na gníomhaireachta ar bhealach casta, is é sin, de réir líonra cuimsitheach tíreolaíoch: Baile Átha Cliath-Laighin Láir, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh, Baile Átha Cliath Theas, agus Baile Átha Cliath Thiar. Bristear síos na ceantair seo in 17 limistéir agus soláthraítear roinnt seirbhísí ag leibhéal náisiúnta, chomh maith.

Struchtúir Bhainistíochta de réir Ceantair




1.2. Ag tacú leis an soláthar seirbhísí

Ní amháin go bhfuil an soláthar sábhailte agus caighdeán na seirbhísí sláinte ag brath ar sheirbhísí tosaigh, tá sé ag brath chomh maith ar chumasóirí bunriachtanacha le cinntiú go bhfuil na seirbhísí, ar a mbraitheann an pobal orthu, ábalta feidhmiú ar bhonn éifeachtach, amhail: Acmhainní Daonna, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Dlíthiúla, Seirbhísí IT, Coimisiúnú, Seirbhísí Corparáideacha (Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Sonraí, Foghlaim agus Forbairt Foirne), Cumarsáid, Pleanáil Straitéise agus Gnó, Bainistiú na gClár, Beartais agus Taighde.




1.3. 2019 – Ár n-uimhreacha don bhliain




¹ Glactar leis go bhfuil duine ina chónaí 'i mbochtanas seasta' má tá sé/sí i mbaol an bhochtanaís de réir an tsainmhíneithe thíos agus má tá cónaí air/uirthi i dteaghlach nach raibh faoi dhá cheann de na 11 cumasóirí bunriachtanacha nó níos mó.

² Glactar leis go bhfuil aon duine a bhfuil teacht isteach coibhéisithe faoi bhun 60% den airmheán náisiúnta aige/aici, i mbaol an bhochtanaís.


Cúram malartach




Rialáil ar sheirbhísí Tacaíochta Leanaí




Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh



Treochtaí tábhachtacha 2014–2019




Faoi dheireadh ráithe a ceathair de 2019, bhí 24,827 cásanna oscailte ag an nGníomhaireacht go náisiúnta. As na cásanna oscailte, bhí 79% (19,536) acu sannta ar oibrí sóisialta ainmnithe. Faoi dheireadh 2019, bhí 5,291 (21%) de na cásanna ag fanacht ar shannadh; sin laghdú 18% le hais mí na Nollag 2018, nuair a tuairiscíodh 6,432 cásanna ag an am ba ghnóthaí. Bhí ar a laghad 32% (1,688) de na cásanna a bhí fós le sannadh, marcáilte ‘gníomhach’ ar chórais dualgas¹.




Tháinig méadú ar líon na gcásanna ateoráíodh chugainn ó 55,136 in 2018 go 56,561 (méadú 3%). I measc na gcúiseanna luaite leis na cásanna seo, bhí imní faoi leas linbh/leanaí agus imní faoi mhí-úsáid leanaí.


¹ D'fhéadfadh cás atá fós le sannadh bheith marcáilte ‘gníomhach’ sa chóras dualgas. Ciallaíonn sé seo go bhfuil foireann thiomnaithe nó grúpa oibrithe sóisialta atá ainmnithe ar uainchlár dualgas ag gníomhú chun leas an linbh/na leanaí ábhartha a chosaint. Seo roinnt samplaí de ghnímh ábhartha; glaonna gutháin a bhaineann leis an gcás, cuairt a dhéanamh ar leanaí, réamh-mheasúnaithe, athbhreithnithe nó pleananna gníomh a chomhlánú maidir le leanaí faoi chúram na Gníomhaireachta. Ní mór do na gnímh seo bheith déanta laistigh den tréimhse tuairiscithe míosúla.




Cuirtear san áireamh sna bhfigiúirí do 2017, 2018 agus 2019 leanaí faoi chúram fhoireann na hOibre Sóisialaí i leith Leanaí Dealaithe atá ag lorg tearmainn (80, 67, agus 67). Cuirtear san áireamh i bhfigiúr 2014, leanaí atá ag fáil cúraim faoisimh ón mbaile.



Cuirtear san áireamh sna céatadáin do 2017, 2018 agus 2019 leanaí faoi chúram fhoireann na hOibre Sóisialta i leith Leanaí Dealaithe atá ag lorg tearmainn. Cuirtear san áireamh sna céatadáin do 2015, leanaí atá ag fáil cúraim faoisimh ón mbaile.



As na cúramóirí altrama údaráithe, bhí oibrí sóisialta Link ag 93% díobh faoi dheireadh 2019, seo méadú 3% ó 2018. Ba é seo an céatadán is airde a tuairiscíodh ó bunaíodh an Ghníomhaireacht in 2014.



In 2019, thug an Chigireacht Luathbhlianta 2,308 cuairteanna cigireachta ar sheirbhísí luathbhlianta. Bhí gá le breis oibre, ama agus cruinnithe le cuid de na seirbhísí chun a chinntiú go raibh siad ag feidhmiú go sábháilte. Bhí tionchar aige seo ar sceideal na gcuartheanna cigireachta; d'ainneoin sin, thug na bearta breise dóthain muiníne don Ghníomhaireacht i leith na seirbhísí ábhartha.

1.4. Plean Corparáideach 2018–2020

Forbraíodh Plean Corparáideach Tusla 2018 – 2020 i gcomhréir le hAlt 42 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus léiríonn an plan tosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta thar thréimhse thrí bliana. Tacaítear le cur i bhfeidhm an phlean trí shraith bhliantúil de phleananna gnó. Pléann cuid mhaith de na tosaíochtaí a luaitear sa Phlean Corparáideach ar bhealach díreach, nithe a shonraigh páirtithe leasmhara Tusla, a d'fhéadfaí feabhsú agus thairis sin, léirítear iontu a thiomanta is atá an eagraíocht feabhas a chur uirthi féin go leanúnach agus a toil cultúr dírithe ar cháilíocht, ar fhoghlaim agus ar fhreagracht a fhorbairt. Léirítear seacht spriocanna straitéiseacha ardleibhéil i bPlean Corparáideach 2018–2020, léirítear sraith ghnímh chorparáideach le gach ceann acu freisin. Úsáidfear príomhtháscairí feidhmíochta leis na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Bristear na seacht gcuspóirí straitéiseacha, a luaitear i bPlean Corparáideach 2018–2020, síos ina 69 gnímh chorparáideach ghaolmhar atá le baint amach le linn saolré an phlean. Bainfear amach na gnímh chorparáideach trí shraith shonrach de ghnímh ghnó agus príomhtháscairí feidhmíochta a bhaint amach. Sna pleananna seo, sonrófar na céimeanna atá le tógáil, an tréimhse ama d'fhonn an cuspóir a bhaint amach agus na torthaí lena bhfuiltear ag súil leo. Coinneofar súil ar dhul chun cinn na ngníomhartha trí shraith bhliantúil pleananna gnó. Is é is aidhm leis na pleananna gnó seo, a gcuirfear i dtoll a chéile i gcomhréir le hAlt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, cuntas bliantúil a thabhairt ar an méid nach mór don Ghníomhaireacht baint amach le linn na bliana amach romhainn d'fhonn cloí leis na mórchuspóirí straitéiseacha a luaitear sa Phlean Corparáideach. Sonraítear na gnímh nach mór baint amach i bhfianaise Phlean Chorporáidigh na Gníomhaireachta 2018–2020, i bPlean Gnó 2019.

*Cuspóirí
Straitéiseacha
TUSLA
2018-2020*

- 1

Tacaíochtaí agus seirbhísí comhtháite

Cur chuigí comhtháite i dtaca le tacaíochtaí agus seirbhísí Tusla, a bhfuil freagairtí soiléire ag baint leo d'fhonn torthaí níos fear a bhaint amach, a chur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht ar fad.
- 2

Feidhmeanna Rialála

Rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí i dtólamh agus go cuí i gcomhréir le Creatáil Cáilíochta agus Rialála d'fhonn comhlíonadh a chinntiú agus d'fhonn feabhsú sna seirbhísí do leanaí a spreagadh.
- 3

Seirbhísí intomhaiste ar ardchaighdeán agus bunaithe ar fhianaise

Déan cinnte de go bhfuil na seirbhísí a sholáthraíonn agus atá coimisiúnaithe ag TUSLA sábháilte, eagraithe, bunaithe ar fhianaise, dírithe ar thorthaí agus intomhaiste.
- 4

Caidrimh, comhoibriú agus comhpháirtíocht

Caidrimh chomhoibriúchá, cleachtais rannpháirteacha agus cumarsáid éifeachtach a fhorbairt le gach páirtí leasmhar d'fhonn cur chuige comhordaithe i leith an tSoláthair seirbhísí a chur ar fáil.
- 5

Beartais agus Reachtaíocht

Tacú le beartais Rialtais agus le reachtaíocht trí fhorbairt agus comhordú a dhéanamh ar bheartais, straitéisí, cláir agus creatáil Tusla.
- 6

Seirbhísí Corparáideacha

Déan cinnte de go bhfuil seirbhísí corparáideacha Tusla (eastáit, airgeadas, rialachas, acmhainní daonna, IT, dlíthiúl) ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach d'fhonn tacú le soláthar seirbhísí na gníomhaireachta.
- 7

Foireann, cultúr agus foghlaim

Cumhacht a thabhairt do n-ár bhfoireann fás, cultúr bunaithe ar luachanna a fhorbairt agus forbairt mar eagraíocht foghlama.


1.5. Plean Gnó 2019

Chuir Tusla – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhara Plean Gnó a eisíodh faoin dara timthriall trí bhliana i gcomhréir le Plean Corparáideach na Gníomhaireachta 2018–2020, i láthair. I gcomhréir le hAlt 46 den Acht, éilítear ar an nGníomhaireacht a Plean Gnó a sheoladh chuig an Aire in níos lú 30 lá ná an dáta a fhoilsíonn an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Ráiteas Feidhmíochta. Cuireadh tacaíocht faoi Phlean Gnó 2019 ag an bPlean Corparáideach 2018–2020, faisnéis feidhmíochta na gníomhaireachta agus tugadh i gcuntas freisin na treochtaí a luadh sa Chreat Feidhmíochta agus an Ráiteas Feidhmíochta a d'eisigh an tAire.

Leag Plean Gnó 2019 amach céard a bhí le baint amach le linn na bliana 2019 d'fhonn na mórchuspóirí straitéiseacha sa Phean Corparáideach a bhaint amach. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phean Ghnó uair sa ráithe agus seoltar tuarascáil in aghaidh gach ráithe chuig Bord Tusla agus chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Aithníodh 50 ionaid soláthair seirbhísí do 246 gnímh i bPlean Gnó 2019 do bhliain a dó sa timthriall trí bliana. Chomhlánaigh an Gníomhaireacht 143 (58%) dá cuid ghnímh ghnó ó Phlean Gnó 2019; tarraingíodh

siar 12 (5%) gnímh agus tugadh 91 (37%) gnímh ar aghaidh do 2020. Sa tuarascáil seo, léireofar roinnt de na gnímh ghnó a baineadh amach.

Léiríonn an graf seo a leanas líon na ngníomhartha gnó i gcoinne gach cuspóir straitéiseach agus an líon dóibh a comhlíonadh le linn 2019. Tugadh gach gníomh nár comhlíonadh le linn 2019 ar aghaidh go 2020. Déanfar monatóireacht ar na gnímh seo, mar aon le gnímh ghnó 2020, trí chóras tuairiscithe na Gníomhaireachta don Phlean Gnó.



1.6. Gaiscí is mó le linn 2019

Ó bunaíodh an Gníomhaireacht, tharla go leor ócáidí cinniúnacha agus go leor athraithe in 2019, lena n-áirítear:

- Breis curtha i bhfeidhm den Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí d'fhonn feabhsú leanúnach a fhréamhú in ár n-ábaltacht timpeallacht, ina dtacaítear le n-ár bhfoireann dhíograiseach d'fhonn ár múnla náisiúnta Comharthaí na Sábháilteachta i leith an dea-chleachtais, a chruthú. Tacaítear leis an múnla seo, trí rochtain a sholáthar d'fhoinsí éagsúla ar líne atá bunaithe ar fhianaise d'fhonn a chinntiú go mbunaítear idirghabhálacha ar na cur chuigí fianaise-bhunaithe is fearr agus d'fhonn obair i gcomhpháirt le leanaí, teaghlaigh agus pobail chun sábháilteacht éifeachtach leanaí a bhaint amach;
- Teachnt i bhfeidhm céimneach an Chórais Náisiúnta Faisnéise do Chúraim Leanaí (CNFCL). Leis seo, fuair 17 rannóga oibre sóisialta rochtain ar chóras comhtháite náisiúnta amháin d'fhonn cásanna cosanta agus leasa leanaí a bhainistiú;
- Forbairt agus leathadh a dhéanamh ar an obair a dhéantar a bhuíochas leis an gClár Cosanta, Comhoibrithe agus Tacaíochta Teaghlaigh. Tacaíonn an Clár seo le teaghlaigh ina bpobail áitiúla trí thogra a sholáthar, amhail Parenting 24/7 (suíomh gréasáin a sholáthraíonn tacaíocht do thuismitheoirí) agus Meitheal; múnla náisiúnta dea-chleachtais a thugann réimse tacaíochtaí éagsúla le chéile d'fhonn cuidiú le leanaí a bhfuil tacaíocht ó níos mó ná seirbhís aonair amháin ag teastáil uathu;
- Cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Iontógála don Chlár Críochnaithe Scoile (CCS);
- Comhtháthú na Struchtúr Rialachas do gach ceann de na ceithre feidhmeanna Tusla, a bhfuil freagracht aige i leith bréag-iniúchtaí agus measúnaithe do gach uile rannóg agus seirbhís;
- Aitheantas ón gCoiste Saineolaithe mar gheall ar an dul chun cinn cuimsitheach atá déanta ag an nGníomhaireacht d'fhonn na gnímh a sonraíodh i bPlean Gnímh Straitéiseach Tusla ag eascairt as an Imscrúdú HIQA i dtaca le líomhaintí mhí-úsáid ghnéis leanaí i gcoinne aosaigh a bhfuiltear in amhras fúthu, (Samhain 2018).

- Togra malartaithe gníomhaireachta a raibh sé mar aidhm aige spreagadh a thabhairt d'oibrithe lánaimseartha gníomhaireachta athrú go conarthaí fostaíochta díreacha a bhí anseo. Tháinig níos mó cinnteachta don fhoireann oibre as an méid seo agus bhí leanúnachas cúraimí níos fearr mar thoradh air freisin. Thairis sin bhíodar in ann cur chuig a chaighdeánú agus leanúnachas a chinntiú agus seirbhísí a bhí á soláthar; ach go háirithe nuair a tháinig sé do chothabháil chaidrimh fhadtéarmacha le leanaí agus le teaghlaigh;
 - Soláthar ríomhairí glúine, gutháin chliste agus MiFinna d'os cionn 3,800 baill foirne;
 - Seachtain an Altramaís a reáchtáil Tusla i nDeireadh Fómhair 2019. Fuair an Gníomhaireacht os cionn 400 teachtaireachtaí de bharr na hócáide seo;
 - Fuair Ionad Cúram Leanaí Rosebrook agus Ionad Cúram Speisialta Bhaile Uí Dhubhda Dámhachtain Ballraíochta ón eagraíocht
- Investing for Children in 2019;
- Rinneadh seirbhís náisiúnta den tSeirbhís Teiripe agus Tacaíochta Iar-Uchtaithe agus i dteannta oifig Bhaile Átha Cliath, osclaíodh brainsí nua i gCorcaigh agus i nGaillimh;
 - Forbairt na Straitéise úire do Rannpháirtíocht Leanaí agus an Óige 2019-2023;
 - Athbhrandáil na Seirbhíse Oideachais agus Leasa mar Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT);
 - Comhdháil leis an bPobal Roma maidir le cén chaoi dul i ngleic leis an bhforéigean baile agus gnéis. Reáchtáladh an chomhdháil seo in 2019 agus d'fhreastail os cionn 80 rannpháirtithe uirthi.

Tabharfar breis léargais maidir leis na gaiscí seo tríd an tuarascáil seo.

1.7. Dúshlán is mó le linn 2019

D'ainneoin an dul chun cinn a chonaic an Gníomhaireacht, glactar leis go bhfuil Tusla ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach agus bíonn tionchar ag cúinsí inmheánacha agus seachtracha ar a feidhmíocht agus ar a soláthar seirbhísí. Bhí tionchar ag na nithe seo leanas ar threocht na Gníomhaireachta le linn 2019:

Reachtaíocht agus Ceanglais Reachtúla

De bharr gur chomhlacht reachtúil Tusla, a bhfuil cúraimí Stt i leith cosanta agus leasa leanaí uirthi; feidhmíonn an Gníomhaireacht laistigh de cheanglais shonrach reachtúil, agus reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear:

- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- An tAcht Oideachais (Leas), 2000
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013
- An tAcht Uchtála, 2010
- An tAcht Uchtála (Leasú), 2017
- Reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí iarchúram
- Reachtaíocht a bhaineann le foréigean baile
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL)

Tugann an reachtaíocht achtaithe cumhachtaí cuimsitheacha do Tusla agus bíonn tionchar díreach aige seo ar sholáthar sheirbhísí na Gníomhaireachta. Lean tírdhreach na reachtaíochta ag síor-athrú i gcónaí agus chuir an méid seo le ceanglais na Gníomhaireachta lena n-áirítear dul i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus ar an Acht Oideachais (Leas), 2000, mar aon le athstruchtúrú a dhéanamh ar an tseirbhís chaomhnóra ad litum agus measúnú a dhéanamh ar mholtaí leasaithe do Reachtaíocht Uchtála.

Rialáil

In 2019, bhí rialáil agus maoirseacht sheachtrach ó ghníomhaireachtaí amhail HIQA, an tOmbudsman do Leanaí, an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta mar chuid lárnach i n-ár iarrachtaí d'fhonn ár gceanglais reachtúil a chomhlíonadh agus d'fhonn muinín an phobail a chinntiú trí fhreagracht a ghlacadh, trí bheith trédhearcach agus trí sheirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach. D'fhan an Gníomhaireacht tiomanta na seirbhísí uile a fheabhsú i bhfianaise an éilimh mhéadaithe do na seirbhísí sin, acmhainní srianta agus an iallaigh bhreise a d'fhéadadh an próiseas rialála cur ar sholáthar na seirbhísí ar bhonn laethúil. Lean an Gníomhaireacht leis an maoirseacht agus rialachas gear i dtaca le Plean Gníomh Straitéiseach Tusla a d'eascair as an Imscrúdú HIQA maidir le líomhaintí mhí-úsáid ghnéis leanaí i gcoinne aosaigh a bhfuiltear in amhras fúthu, a rinne Tusla (Samhain 2018) agus riachtanais an Ghrúpa chomhairligh Saineolaithe (GCS) a éilíonn beartais bhreise feabhsaithe ar an nGníomhaireacht.

Éileamh ar sheirbhísí

Dúshlán mór is ea é go bhfuil daonáireamh agus tírdhreach socheacnamaíoch na hÉireann ag athrú. Leis seo, tá méadú ag teacht ar líon úsáideoirí phríomhsheirbhísí Tusla. As an 1,190,502² leanaí agus an 1,218,370³ teaghlaigh a chónaíonn in Éirinn, tá 7.7% de leanaí ina gcónaí i mbochtanas leanúnach le 15.9% de leanaí i mbaol an bhochtanaís.

Tháinig méadú le cois 420,000 duine ar dhaoanáireamh na hÉireann idir 2007 agus 2017. As sin, tháinig méadú de bheagnach 140,000 ar an líon daoine idir 0 agus 19 bliana d’aois (Seo an t-aoisghrúpa príomha a úsáideann seirbhísí Tusla). Meastar go leanfaidh daonáireamh na hÉireann ag méadú thar na blianta amach romhainn i bhfianaise an ráta dearfaigh inimirceoirí atá ag teacht go hÉirinn, ráta breithe thar an meán agus ceann de na rátaí báis is lú san Eoraip.

Léiríonn figiúirí ó Aibreán 2019 gur tháinig méadú 10,378 ar an líon daoine gan dídean in Éirinn, as sin ba leanaí 3,794 (37%) díobh sin. Mhéadaigh líon na leanaí gan dídean faoi os cionn 330% (2,914) idir Nollaig 2014 (880) agus Aibreán 2019. Tá líon na n-inimirceoirí go hÉirinn ag méadú le blianta beaga anuas mar gheall ar chúrsaí geilleagair bheith níos fearr. Agus Éire ag éirí níos ilchultúrtha, meastar go gcuirfeadh an meascán náisiúntachtaí agus cultúir éileamh níos mó ar sheirbhísí Tusla. Chuige sin, beidh ar Tusla scileanna nua a fhorbairt le bheith ábalta gníomhú ar bhealach iomchuí nuair a thagann sé go riachtanais ár gcliaint.

Acmhainní Gníomhaireachta

Ní mór an spás fioscach ina sholáthraíonn Tusla a cuid seirbhísí a mheas go cuimsitheach. Bíonn sé dúshlánach go leor don Ghníomhaireacht a cuid seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach i bhfianaise an chaipitil atá ar fáil.

In 2019, ba é €23.6 milliún an tsuim airgid a bhí ag teastáil ón nGníomhaireacht. Bhí rialachas airgeadais dian riachtanach d’fhonn bheith in ann cloí leis an mbuiséad seo. Chuir roinnt costais ó 2018, costais a bhain le (1) deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha agus (2) do sheirbhísí cónaithe príobháideacha agus do sheirbhísí cúraim altrama, brú airgeadais sa bhreis ar an nGníomhaireacht le linn 2019.

D’fhonn cobhsaíocht a sholáthar agus d’fhonn leanúnachas a chinntiú do leanaí agus do theaghlaigh, mar aon le leanúnachas d’ár bhfostaithe; ó thús 2019, díriodh ar sheasmhacht foirne d’fhonn an fhoireann reatha a choinneáil i bpost. Tá dúshlán fós ag baint le soláthar seirbhísí laistigh den chomhionann lán-aimseartha don Ghníomhaireacht.

Agus Tusla ar an eolas maidir leis na dúshláin seo agus ag tógáil ar an méid a baineadh amach in 2019, tá Tusla ag breathnú i dtreo 2020 trí lionsa an Phlean Chorporáidigh 2018–2020. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do sholáthar sheirbhísí slána, éifeachtacha, ar ardchaighdeán; mar aon le rialachas d’ardchaighdeán agus slán, agus freagracht ina leith laistigh den Ghníomhaireacht. É seo uilig, agus aird na Gníomhaireachta dírithe ar a misean lárnach – torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail.

1.8. An scéal is déanaí maidir leis an bPlean Gníomh Straitéiseach mar fhreagra ar Imscrúdú HIQA i dtaca le bainistíocht líomhaintí mhí-úsáid ghnéis leanaí

Mar fhreagra ar fhoilsiú na tuarascála HIQA ar an Imscrúdú i dtaca le bainistíocht líomhaintí mhí-úsáid ghnéis ar leanaí i gcoinne aosaigh a bhfuiltear in amhras fúthu ag Tusla i Meitheamh 2018, d’fhorbair an Ghníomhaireacht Plean Gnímh Straitéiseach chun aird a thabhairt ar a bhfuil le feabhsú agus ar na rioscaí a sonraíodh. Naoi dtéama feabhais atá luaite sa Phlean. Tá liosta ghnímh shainmhínithe curtha le gach téama agus cruthaíodh na liostaí gnímh seo d’fhonn feabhas intomhaiste a dhéanamh ionas go laghdófar bearnaí agus na rioscaí a sonraíodh i dtuarascáil HIQA.

Bunaíodh Grúpa neamhspleách saineolaithe (GNS) d’fhonn maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a d’eascair as Tuarascáil HIQA⁴. Tháinig an GNS agus Coiste Feidhmiúchán Tusla le chéile ar bhonn míosúil d’fhonn ceisteanna a chur agus comhairle a thabhairt. Díriodh ar théamaí sonracha faoi stiúir Chathaoirleach an GNS. D’ullmhaigh an GNS a thuarascáil dheiridh⁵ le linn na ceathrún ráithe in 2019. Déanann Tusla maoirseacht inmheánach ar an bPlean Gnímh Straitéiseach go síoraí d’fhonn a chinntiú nach gcaillfear móiminteam agus go dtabharfar gach gníomh chun críche.

Baineadh amach roinnt gaiscí tábhachtacha le linn 2019 faoi gach ceann de na téamaí feabhais. Áirítear sa tábla seo a leanas na téamaí feabhais agus na gaiscí a ghabhann leo:

Téama feabhais	Gaisce
Téama feabhais 1: Feabhas a chur ar bhainistíocht na gcásanna cosanta agus leasa leanaí a chuirtear ar aghaidh chuig Tusla i gcomhréir leis an gcuir chuige Túsáit do Leanaí d’fhonn a chinntiú go n-aithnítear agus go bhfreagraítear cásanna dochair in am iomchuí. Leis seo, áirítear laghdú i líon na gcásanna atá ag fánacht ar oibrí sóisialta bheith sannta.	Leanadh leis an gcur i bhfeidhm céimneach den mhúnla náisiúnta dhea-chleachtais Comharthaí na Sábháilteachta i gcomhréir leis an Straitéis Chosanta agus Leasa Leanaí d’fhonn an bhainistíocht ar na cásanna atreoraithe a fheabhsú. Úsáideadh ceardlanna a bhí dírithe ar an dea-chleachtas chun na nithe seo a leanas a chinntiú: cur chuigí leanúnacha, cleachtais ar féidir comparáid a dhéanamh eatarthu agus an fhoghlaim roinnte a úsáid ar bhealach praiticiúil. Forbraíodh agus údaraíodh córais fheabhsaithe d’fhonn túsáit a thabhairt do chásanna nuair atá sin de dhíth agus d’fhonn cásanna a dhruid. Tá cur i bhfeidhm céimneach de na córais seo á bhrú ar aghaidh trí na struchtúir rialachais agus foghlama seo. Forbraíodh roinnt bearta éifeachtúla tuairiscithe do thairseach ar líne Tusla, amhail an ‘doras tosaigh digiteach’ ionas go mbeidh tuairisceoirí in ann tuairiscí a sheoladh láithreach agus ar bhealach sábhailte trí fhoirm shimplí a líonadh amach. Seoltar an fhoirm seo chuig an Rannóg nó an Fhoireann chuí laistigh de Tusla.

⁴ HIQA, *Report of the investigation into the management of allegations of child sexual abuse against adults of concern by the Child and Family Agency (Tusla)* faoi ordú an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, 14 Meitheamh 2018. [I mBéarla amháin].

⁵ Féach <https://www.gov.ie/en/publication/3eeb15-final-report-of-the-expert-assurance-group-to-the-minister-for-child/>

² Daonáireamh 2016

³ Daonáireamh 2016

Téama feabhais	Gaisce
Téama feabhais 2: Sainmhínigh agus cuir próiseas pleanála sábháilteachta nua i bhfeidhm ar fud na Gníomhaireachta d’fhonn tacú leis an mbainistíocht rioscaí do leanaí agus do theaghlaigh	Tugadh isteach mionphróisis shábháilteachta agus leanann a gcur i bhfeidhm ar aghaidh trí úsáid a bhaint as ceardlanna dírithe ar an dea-chleachtas cosanta leanaí agus an dea-chleachtas i leith cásanna leasa leanaí.
Téama feabhais 3: Feabhas a chur ar na próisis agus na struchtúir a bhaineann le cásanna mí-úsáid iardhearcacha a bhainistiú d’fhonn cur chuige leanúnach éifeachtach náisiúnta a chinntiú ina leith.	Tugadh chun críche na Nósanna Imeachta Náisiúnta d’fhonn líomhaintí mhí-úsáid leanaí a chruthú (mar aon le cásanna iardhearcacha) ⁶ , agus cuireadh clár substainteach in áit le teacht i bhfeidhm na nósanna imeachta ó mhí Iúil 2020 le tacaíocht ón gCóras Náisiúnta Faisnéise Cúram Leanaí. Bunaíodh foirne idirdhisciplíneacha i ngach ceann de na ceithre réigiúin Tusla chun cinntiú go ndéanfar bainistiú leanúnach ar chásanna iardhearcacha agus d’fhonn saineolas a bhailiú.
Téama feabhais 4: Córais agus próisis láidir a fhorbairt d’fhonn tacú leis an obair idirghníomhaireachta éifeachtach agus d’fhonn bainistíocht ar cásanna cosanta agus leasa leanaí atreoraithe a fheabhsú.	Bunaíodh agus cuireadh i bhfeidhm próisis le nasc agus teagmháil a chruthú idir Tusla agus leis an Aonad Seirbhísí Cosantacha de chuid an Gharda Síochana (ASCanna). I gcomhréir leis an bPrótocal Comhoibre <i>Túsáit do Leanaí</i>, bunaíodh Fóram Bainistíochta d’Idirghabhálaithe Sinsearach (FBdIS) i ngach rannóg Tusla agus i ngach roinn Garda, agus cruthaíodh post an Oibrithe Shóisialta Phríomha Náisiúnta, a fheidhmíonn mar idirghabhálaí idir Tusla agus an Garda Síochána. Lainseáladh an clár píolótach <i>Barnahus</i> – a thugann seirbhísí sláinte, teiripe agus póilíneachta le chéile i mbealach atá dírithe ar an leanbh – nuair atáthar in amhras faoi eachtraí mí-úsáid gnéis – i nGaillimh i mí Meán Fómhair. Faigheann an clár píolótach tacaíocht foirne ó Tusla agus déanann Tusla comhoibriú le gníomhaíochtaí ábhartha, amhail an HSE, an Garda Síochána agus na Ranna Rialtais dona bhfuil siad freagrach.
Téama feabhais 5: Córais bhainistíochta faisnéise shábhailte agus éifeachtach a chur i bhfeidhm d’fhonn tacú le obair cásanna agus comhlíonadh le dea-chleachtas sa réimse.	Tugadh chun críche clár 18 mí faoin Straitéis IT d’fhonn obair ghutháin phóca a cheadú do gach oibrí sóisialta sa chéad ráithe de 2019. Tríd an togra seo, soláthraíodh guthán póca cliste, ríomhaire glúine agus trealamh nascála <i>Mi-Fi</i> do 1,800 oibrí sóisialta ar an bhfoireann. Leis na gléasanna seo go léir, féadfaidh oibrithe sóisialta nótaí do chásanna, rphoist is araile a uaslódáil agus a athrú ag aon am agus in aon áit, nuair is mian leo déanamh amhlaidh. Údaraíodh an Straitéis Bhainistíochta Faisnéise a bhfuil Sruth Oibre Bainistíochta Taifid mar chuid di. Rinneadh obair shuntasach ar mhodúl an Chórais Náisiúnta Faisnéise Cúraim Leanaí a bhaineann leis na Nósanna Imeachta d’fhonn mí-úsáid leanaí a chruthú.

Téama feabhais	Gaisce
Téama feabhais 6: Déan cinnte de go bhfuil an meascán scileanna, na tacaíochtaí agus na struchtúir riaracháin chuí ag foireann Tusla d’fhonn tacú leis an bhfoireann tosaigh seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a sholáthar.	In 2019, chuir Tusla tús le togra aistrithe gníomhaireachta d’fhonn oibrithe gníomhaireachta lán-aimseartha comhionann a aistriú go conarthaí fostaíochta díreacha. Sáraíodh an sprioc uasta dhó seo; 408 an líon conarthaí a eisíodh faoin togra seo. Leis an méid seo, feicfear leanúnachas cúram sláinte níos mó trí sheasmhacht an lucht oibre, mar aon le cur chuigí níos caighdeánaí agus soláthar níos leanúnaí de sheirbhísí; ach go háirithe nuair a thagann sé le caidrimh fhadtéarmacha a chruthú le leanaí agus le teaghlaigh.
Téama feabhais 7: Córais rialachais, bhainistíochta agus mhaoirseachta ar fud na gníomhaireachta a fheabhsú d’fhonn feidhmíocht a optamú, rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus d’fhonn a chinntiú go bhfuil maoirseacht éifeachtach ar chásanna á cur i bhfeidhm.	Tugadh chun críche an beart ráthaíochta feidhmíochta agus aontaíodh leis an gceardchumann go gcuirfí i bhfeidhm céimeanna a haon agus a dó den bheart sin. Údaraíodh creat feabhsaithe agus feidhmíochta seirbhíse. Forbraíodh córas le athbhreithniú a dhéanamh ar ráthaíocht feidhmíochta ar bhonn córasach trí chomhdhálacha feidhmíochta. Socraíodh iniúchtaí inmheánacha pleanáilte, le tacaíocht chairt iniúchta, mar ghnáth-chleachtas sa Ghníomhaireacht in 2019.
Téama feabhais 8: An córas bainistíochta rioscaí don eagrais a láidriú d’fhonn tacú le cleachtais bhainistíochta rioscaí éifeachtach agus leanúnach agus d’fhonn seirbhísí a fheabhsú.	Ba sprioc thábhachtach é cruthú an Chláir ar-líne i bhforbairt an chórais bainistíochta rioscaí de chuid na Gníomhaireachta. Bhí cúpla feabhsuithe don chóras bainistíochta rioscaí curtha leis an gcóras ar-líne agus tháinig feabhsuithe breise as tuairisciú rioscaí níos fearr, a léiríonn spleáchas inmheánach.

⁶ D’aineoinn go raibh an próiseas tagtha chun críche in 2019 agus an tuarascáil seo á foilsiú, measann an Ghníomhaireacht go mbeidh dúshláin ag baint lena chur i bhfeidhm in 2020.

1.9. Aiseolas ó úsáideoirí na seirbhísí

Mar sheirbhís reachtúil, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh iachall ar Tusla idirghábháil a dhéanamh i saol phríobháidigh an teaghlaigh. Uaireanta féadfaidh iachall bheith ar Tusla gníomhú gan iarratas ón teaghlach bheith faighte mar go bhfuiltear in amhras faoi shábháilteacht nó shláinte leanaí. Cuid lárnach den-ár gcuid oibre is ea é a chinntiú go bhfuilimid ag baint úsáid éifeachtach as ar gcumhachtaí agus go bhfuilimid dírithe ar shábháilteacht agus ar shláinte na leanaí an t-am ar fad. Comhoibriú le leanaí, teaghlaigh agus na mórliónraí atá acu atá mar aidhm againn d'fhonn leanaí a choinneáil sábháilte ó aon dochar. Cuidíonn aiseolas leanúnach ó leanaí, ó thuismitheoirí agus úsáideoirí eile ár seirbhísí dúinn tuscint cá bhfuil ag éirí linn agus cá mbeidh orainn feabhsú. D'fhonn tacú leis an tiomantas seo, riarann Tusla beartas náisiúnta aiseolais agus gearáin- 'Inis dúinn'. Déanann Tusla iarrachtaí fóinteacha teacht ar dhearcthaí na leanaí, na ndaoine óga agus na dteaghlach a úsáideann seirbhísí Tusla, lena n-áirítear aon duine atá drogallach nó nach bhfuil fonn orthu seirbhísí Tusla a fháil.

Freagraíonn na seirbhísí cuí gach gearán agus gach aiseolas a fhaightear; réiteach áitiúil a bhíonn mar sprioc ag an bhfoireann chuí agus iad ag déileáil le haiseolas agus le gearáin. Nuair is gá imscrúdú a dhéanamh, cuirtear fios ar oifigigh ghearáin agus athbhreithnithe laistigh de na limistéir seirbhíse áitiúil. Bíonn an fheasacht oibre atá acu mar gheall ar sheirbhísí áitiúla ina cuidiú dóibh agus iad ag déanamh iniúchta ar ghearán agus ag obair ar réiteach.

In 2019, bhunaigh an Stiúrthóireacht Dearbhaithe Cáilíochta; An fhoireann Nuálaíochta agus Forbartha um Eispéireas Seirbhíse, d'fhonn idirghabhálacha réamhghníomhacha a éascú le húsáideoirí seirbhíse. Leis seo, iarrtar aiseolas/comhpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhíse i dtaca lena dtuairimí agus lena dtaithí le n-ár gcuid seirbhísí (m.sh. Trí shuirbhéanna, fóraim, painéil bhallraíochta choiste do thomhaltóirí).

Chomh maith leis sin, cintíonn an fhoireann seo; an tsoláthar de chóras gearáin ar ardchaighdeán, go bhfuil tacaíocht ann d'oifigigh atá ag déileáil le gearáin agus go ndéantar athbhreithniú cuí, agus go bhfuil spreagadh chun feabhais in áit do chóras na ngearán, d'oiliúint foirne i leith an chórais ghearáin, agus d'anailís fhaisnéise agus tuairiscithe mar gheall ar ghearán Tusla, i measc tacaíochtaí eile.

Gaiscí is mó le linn 2019

Chonacthas athbhunú an Ghrúpa Chomhairligh Tusla (GCT) in 2019. Tá an grúpa déanta suas de dhaoine óga idir 18 agus 25 bliana d'aois a tháinig tríd an gcóras cúraim Stát iad féin. Grúpa a chuireann comhairle ar Tusla i dtaca le ceisteanna cúraim agus iarchúraim. In 2019, b'as na contaetha a leanas na baill den Ghrúpa comhairleach: Gaillimh. Corcaigh, an Mhí, Áth Cliath, an Cabhán

agus Muineachán. Beidh an GCT ag earcú ball nua do 2020. Forbraíodh roinnt suirbhéanna freisin, a gcuirfear i bhfeidhm i gcomhpháirt le seirbhísí tosaigh Tusla le linn 2020.

Thug an Fhoireann um Úsáideoirí Seirbhísí agus Aiseolas mar gheall ar Thaithí faoi roinnt tograí a spreagann an cultúr tuairiscithe. Rinneadh cur síos orthu siúd i **bPlean Gnó 2019** faoi **Chuspóir Straitéiseach 4**. Chonacthas na torthaí a leanas i ngeall ar chomhlíonadh na ngníomhartha seo:

- Bunú córais tacaíochta d'fhonn faisnéis thuairiscithe chuimsitheach a sholáthar i dtaca le gearán tríd an gcóras;
- Forbairt agus feabhsú ar na córais agus na struchtúir do rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhíse;
- Athfhorbairt agus cur i bhfeidhm chlár oiliúna d'fhonn déileáil le gearáin.

Leanfaidh an fhoireann bheith ag comhoibriú le leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail ar bhealach rannpháirteach (mar aon le daoine drogallacha nó a dhiúltaíonn do n-ár seirbhísí a fháil). Úsáidfear an fhaisnéis a mbailítear tríd an aiseolas ó úsáideoirí seirbhísí chun feabhsuithe agus forbairtí seirbhíse a chur chun cinn agus d'fhonn tacú le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí, do dhaoine óga, do theaghlaigh agus do phobail.

Gearáin

In 2019, tuairiscíodh 741 gearán tríd an gCóras Náisiúnta do Bhainistíocht Eachtraí (CNdBE). Seo méadú 76% i líon na dtuairiscí a fuarthas go ginearálta. Meastar go méadóidh an figiúr seo tuilleadh in 2020 d'fhonn fás leanúnach i gcultúr an tuairiscithe i leith na ngearán a léiriú.

Réiteach a oiread gearáin agus is féidir go háitiúil, sin sprioc Tusla. In 2019, thángthas ar réiteach áitiúil i gcás beagnach 294% níos mó de chásanna a bhí curtha leis an CNdBE le hais figiúirí 2018. Léiríonn sé seo éifeachtúlacht ardaithe i leith na ngearán a bhainistiú ag an leibhéal áitiúil agus is rud dearfach é sin.

Sa tábla thíos, baintear úsáid as faisnéis a cuireadh leis an CNdBE chun anailís chomparáideach a dhéanamh ar threochtaí ardleibhéil i dtaca le gearáin a fuarthas idir 2017 agus 2019.

Cúiseanna Gearán	2017	2018	2019
Iompair nó meon	12.82%	11.31%	16.89%
Seirbhís easnamhach	22.01%	15.08%	14.80%
Gan catagóir	12.18%	14.32%	13.60%
Soláthar faisnéise	5.98%	9.30%	10.61%
Caitheadh go héagothrom leis an ngearánaí	5.13%	4.52%	7.92%
Easpa freagraí / gnímh	10.26%	8.29%	6.88%
Cumarsáid lag	5.98%	7.79%	6.73%
Moill bheith ar fhreagraí / ar chinntí	4.91%	7.04%	5.98%
Easpa comhairliúcháin	3.63%	3.77%	4.04%
Torthaí ar mheasúnú	1.28%	3.27%	2.84%
Faillí ghairmiúil	2.56%	2.01%	2.54%
Cumarsáid fágtha gan freagra	1.28%	1.26%	2.09%
Níor cloíodh leis an mbeart cuí	1.71%	2.26%	1.79%
Caighdeán lag curtha i bhfeidhm	3.42%	2.26%	0.75%
Droch-chaoi bheith ar fhoirgnimh	0.00%	0.50%	0.75%
Níor cloíodh le Reachtaíocht	0.21%	0.00%	0.60%
Drochbhail bheith ar thaifid	1.50%	0.50%	0.60%
Leithcheal	0.00%	2.26%	0.45%
Gan seirbhís gutháin bheith ar fáil	0.64%	0.75%	0.15%
Sárú bheith déanta ar Nós Imeachta	4.27%	3.52%	0.00%
Cúrsaí Lónadóireachta / Bia	0.21%	0.00%	0.00%

Tuarascáil maidir le gearáin agus athbhreithnithe ó chomhpháirtithe arna maoiniú ag Tusla


I gcomhréir le hAlt 70(2) den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh, 2013, éilítear ar ghníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú Tusla agus ar ghníomhaireachtaí comhpháirteacha tuarascáil ghinearálta a sheoladh chuig an nGníomhaireacht a chlúdaíonn na gearáin go léir ón mbliain roimhe. Le linn 2019, d'oibrigh an tAonad Náisiúnta Coimisiúnaithe,

Foireann Taithí Seirbhíse agus Aiseolais de chuid Tusla agus an fhoireann IT i gcomhpháirt le chéile d'fhoneann Córas Gabhála Gearáin a sholáthar. Bhí an córas le cur ar thairseach na rannóige coimisiúnaithe.

I ndiaidh comhoibrithe bheith ar bun le linn 2019 idir na ranna a luadh thuas, bunaíodh Rannóg na nGearán agus cuireadh ar thairseach na rannóige coimisiúnaithe í. Tiocfaidh sí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020. Éascóidh an méid seo seoladh agus gabháil na ngearán ó chomhpháirtithe a fhaigheann maoiniú Tusla.

Aiseolas dearfach

Fuair Tusla aiseolas dearfach ar 168 ócáid le linn 2019. Méadú d'ós cionn 300% é seo ar fhigiúirí 2018. Seo a leanas blaiseadh beag den aiseolas a fuarthas:




DUINE ÓG

“Ba cheart go gcloisfeadh chuile dhuine atá ag smaoineamh ar dhul ina chónaí go neamhspleách mo scéal-sa... chuaigh mé síos bóthar dorcha agus ní dhéanfaidh mé dearmad air go brách. Bhí an t-ádh orm mar go raibh oibrí iarchúram ag breathnú i mo dhiaidh – sheas sé liom. Le bheith iomlán ionraic libh, nuair a bhí cúrsaí saoil go hainnis ní raibh sé éasca mar bhí faitíos orm cabhair a lorg. Bheinn fós ansin braon de chuile shórt murach gur lorg mé cabhair, agus rud eile atá go maith – mura bhfreagraíonn d'oibrí iarchúram do ghlaoch, is i gcrúinniú atá sé/sí nó rud éigin mar sin, ach cuirfidh sé/sí glaoch ar ais ort i gcónaí, gan teip, geallaim duit an méid sin mar ní ligfidh d'oibrí iarchúram síos thú ná éinne eile ach an oiread”.




BREITHEAMH AGUS CAL

“ní fhéadfainn locht a fháil as an gcaoi ar dhéileáil Tusla leis an gcás seo. Rinne Tusla sár-obair, amach is amach. Rinne Tusla bainistíocht an-mhaith ar na mionsonraí deacra sa chás seo, chaith Tusla go haireach, go hairdeallach agus go gairmiúil leis an gcás. Tá an fhoireann cosanta agus leasa leanaí, le moladh ach go háirithe ag an gcaoi ar chaith sí le riachtanais [ainm] agus as an gcaoi ar chuir sí na riachtanais sin i lár an phróisis cinntí”.




RANNÓG NA HOIBRE SÓISIALTA LEIGHIS

“ghabh an Rannóg buíochas leis an bhfoireann dualgais as ucht an oiliúint tairsigh a sholáthraíodh; mhothaigh ár bhfoireann go raibh níos mó muiníne acu anois a rá cén uair ba chóir cásanna a chur ar aghaidh chuig Tusla; bhí an chumarsáid agus na caidrimh idir an fhoireann agus Rannóg na hOibre Sóisialaí an-dearfach”.




GRÚPA ABHCÓIDEACHTA

“Nótaí gairid anseo le cur in iúl don bheirt agaibh a bhuíoch is atá mé go raibh sibh toilteanach bualadh le [ainm] agus chomh toilteanach is a bhí sibh d’fhonn a iarratas ar dheontas iarchúram a bhrú thar an líne. Déanfaidh seo difear ollmhór ina shaol, ina chuid staidéir agus dá shaol amach anseo. Beidh sé ar an gcomhairle [ainm] go luath agus tá sé ag súil bheith ann mar ghlór ionas nach bhfaighidh daoine óga eile iad féin san áit chéanna is a fuair sé é féin nuair a d’fhág sé an córas cúram. Is mó seans nach leanfadh sé ag freastal ar an triú leibhéal gan bhur dtacaíocht, agus d’fhéadfadh sé bheith gan dídean ar feadh píosa i bhfad níos faide ná mar a bhí. Is cinnte go mar gheall oraibhse nár tharla seo agus tá mé fíorbhuíoch díbh dá bharr”.




SOLÁITHREOIR SEIRBHÍSE CÓNATHE PHRÍOBHÁIDIGH

“Thug sibh tacaíocht ollmhór dom agus do [ainm an duine óig] agus tá mé fíorbhuíoch as bhur gcuidiú agus as bhur gcomhairle ar leas [ainm] le ceithre bliana anuas”.




SOLÁITHREOIR SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA

“Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl i ngeall ar an gcaoi ar caitheadh liom, le m’fhoireann agus leis na leanaí le linn cuairteanna cigireachta. Bhí an cur chuige gairmiúil agus cuirtéiseach ó thúis go deireadh”.



TUISMITHEOIR

“Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as do litir ina raibh eolas cabhrach agus tá mé ag súil go mór le cloisteáil ó Sheirbhísí Coiscithe agus Comhpháirtíochta”.



BREITHEAMH

“Plean iarchúram cuimsitheach, a ullmhaíodh don duine óg ag an tSeirbhís Iarchúram le hinchur ón duine óg féin, le moladh”.




Suirbhé do Thuismitheoirí

Seo a bhfuil ag obair go héifeachtach, dar libh!


D'iarramar oraibh bhur dtuairimí a roinnt linn

Ó Dheireadh Fómhair 2018 go dtí Eanáir 2019, d'iarramar ar thuismitheoirí a bhí ag fáil seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a dtuairimí faoi bheith ag plé le hoibrithe sóisialta a roinnt linn. Ar an iomlán, ghlac 111 tuismitheoirí timpeall na tíre páirt i suirbhé ar an nguthán dúinn.

Mothaíonn tuismitheoirí go n-éistear leo





Is féidir brath ar oibrithe sóisialta



Tugann oibrithe sóisialta faoi deara a bhfuil ag obair go héifeachtach nuair a thagann sé go cúraim, sábháilteacht agus sláinte leanaí. D'aontaigh 83.8% d'fhreagróirí leis an méid sin agus níor aontaigh 9%.

Bíonn oibrithe sóisialta cruinn soiléir faoi aon ábhar inní atá orthu



A bhfuil uaibh as seo amach..

- go bhfeabhsóimid ár gcumarsáid libh
- go mbeidh caidrimh níos iontaofa eadrainn
- go mbeimid níos ionraice libh
- go bhfeicfidh sibh níos mó leanúnachais ag teacht ó oibrithe sóisialta
- go mbeidh baint níos mó agaibh le pleananna a ullmhú linn

"D'fhéadfadh an t-oibrí sóisialta éisteacht níos mó a thabhairt dom ag cruinnithe. Bíonn daoine neirbhiseach ag cruinnithe..."

"Bheadh teagmháil níos mó ina chuidiú chun rudaí a mharú san ubh"

"Mothaím gur éist m'oibrí sóisialta liom agus níos tábhachtaí fiú, nuair a labhair sí le mo leanbh d'éist sí agus thuig sí. Bhí mo leanbh sásta leis an tacaíocht a fuair sí..."

Tuigeann mo leanaí go bhfuil na hoibrithe sóisialta agus na Gardaí ansin le cuidiú leo, lena ndualgais a chomhlíonadh agus le leanaí a choinneáil slán".

Má tá aon aiseolas nó smaointe agat d'fhonn ár seirbhísí a fheabhsú, nó faoin gcaoi a bhíimid ag obair leat agus le do leanaí, bíodh comhrá agat le d'oibrí sóisialta ag d'oifig áitiúil Tusla. Nó féadfaidh tú moladh, gearán nó teachtaireacht a sheoladh chugainn ag tellus@tusla.ie nó trí ghlaoh a chur ar (01) 771 8500 (Luan go hAoine).

2. Soláthar Seirbhísí

Soláthraíonn Tusla réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí uilíocha agus dírithe tríd an gcontanaim cúraim, idir idirghabháil agus cosc luath go cosaint leanaí agus seirbhísí leasa leanaí, go dtí cúraim malartach (amhail cúraim altrama agus cúraim cónaithe). Thairis sin, tá freagracht ag an nGníomhaireacht i leith réimse leathan seirbhísí leasa oideachais. Bíonn Oifigigh Leasa Oideachais ag obair le daoine óga agus le teaghlaigh a bhfuil fadhbanna acu freastal ar scoil. Tá Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an Scéim Idirghabhála Pobail don Scoiláocht Bhaile agus an Clár Críochnaithe Scoile i gcomhréir leis an togra DEIS, (seasann na litreacha sin do: Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a sheachadadh). Déanann Tusla coimisiúnú ar réimse seirbhísí FB-FG-FI freisin. Sna codanna atá le teacht, áireofar na forbairtí a rinneadh in 2019 maidir leis na seirbhísí seo a leanas:

2.1 An tSeirbhís um Chosaint agus Leas Leanaí

Is é cuspóir na Seirbhíse Cosanta agus Leasa Leanaí cinntiú go gcomhlíonann an Gníomhaireacht a ceanglais reachtúil i gcomhréir leis an Acht um Cúraim Leanaí, 1991 agus an tAcht Leanaí, 2001. Éilítear ar an nGníomhaireacht leas na leanaí i mbaoil nó gur ghá a chosaint a aithint agus a chur chun cinn agus éilítear uirthi seirbhísí cosanta leanaí a sholáthar, lena n-áirítear iarratais d'fhonn leanaí a thabhairt isteach i gcúram Stát agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh. Bíonn 20,000 cásanna cosanta leanaí oscailte, gach lá den bhliain. Sa chuid seo a leanas, déantar cur síos ar ghaicéir na bhfoirne cosanta agus leasa leanaí ó gach ceann de na ceithre ceantair seirbhíse:



Foireann Tusla agus a cairde ó Chomhairle na nÓg EPIC ar Lá Fhéile an Chúram Stáit.

Mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise Cosanta agus Leasa Leanaí, rinneadh suirbhé ar thuismitheoirí in 2019 agus thacaigh gach Rannóg agus Seirbhís Tusla leis. Tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí agus ar chaidrimh na dtuismitheoirí a bhí ag fáil seirbhísí cosanta agus leasa leanaí ó Tusla leis an oibrí sóisialta a bhí

sannta lena gcásanna. Ach go háirithe, bhí fonn ar Tusla fáil amach an raibh an cineál caidrimh idir na tuismitheoirí agus na hoibrithe cosúil leis an gcaidreamh molta sa cháipéis treorach Comharthaí na Sábháilteachta. Léirítear an suirbhé agus torthaí an tsuirbhé sa ghrafaic seo a leanas.

Baile Átha Cliath agus Laighin Láir (BÁC, LL)

Tionscnamh náisiúnta maidir le cásanna atá ag fanacht ar leithdháileadh: Bhí trí limistéar i gCeantar BÁC, LL mar chuid de thionscnamh náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige laghdú a dhéanamh ar líon na gcásanna atá ag fanacht ar leithdháileadh. Tá roinnt Pleananna Feabhais Seirbhíse i bhfeidhm sna limistéir áirithe seo agus tá limistéir ag déanamh athstruchtúraithe chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís ag feidhmiú go héifeachtach agus laistigh de na hacmhainní atá ar fáil di.

Baile Átha Cliath Láir Theas: Rinneadh athstruchtúráil ar Ghlacadh Isteach/an tSeirbhís CLL in 2019, rud a chinntigh go gcuirtear i bhfeidhm an Straitéis Comharthaí Sabháilteachta agus muid ag deileáil le hatreoraithe nua. Ó Aibreán 2019, chonacthas laghdú 45% i líon na gcásanna nach bhfuil sannaithe ag an measúnú tosaigh nó le linn an athbhreithnithe tosaigh.

Leis an athstruchtúráil a rinneadh ar an **bhfoireann Athbhreithnithe, Measúnaithe agus Stiúrtha (AMS)** ag tús 2019, bhí próisis daingne i bhfeidhm agus leabaithe faoi dheireadh 2019. Dúnadh nó atreoraíodh os cionn 800 cásanna a raibh tosaíocht mheánleibhéil nó bhonnleibhéil ag baint leo agus a bhí seolta chuig foirne AMS sa chéad dul síos, chuig gníomhaireachtaí maoinithe trí chruinnithe na Seirbhíse Comhairleoireachta Comhar.

I mBaile Átha Cliath Thiar Theas-Cill Dara-Iarthar Chill Mhantáin, cuireadh tús leis an athstruchtúráil ar an tseirbhís glactha isteach agus CLL i mí Meán Fómhair 2019 agus luadh Márta mar dháta críochnaithe. Bhí obair mhór le déanamh anseo d'fhonn foirne glactha isteach agus foirne cosanta leanaí a athailíniú sa cheantar. Tá beirt Cleachtóirí Foréigin Bhaile sannaithe ag na foirne glactha isteach agus na hoibre sóisialta. Tá ról tábhachtach ag na cleachtóirí seo d'fhonn tacú le hoibrithe sóisialta CLL bheith ábalta cásanna casa a bhaineann le foréigean baile a bhainistiú agus d'fhonn mná a threorú chuig na seirbhísí foréigin bhaile ábhartha in am cuí. Tá ról tábhachtach ag oibrithe foréigin baile in atreorú chásanna ábhartha trí AMS, an tSeirbhís Comhairleoireachta Comhar agus na próisis Meitheal. Rinneadh gaisce tábhachtach in 2019 nuair a údaraíodh an tríú cleachtóir foréigin baile, rud a chiallaíonn gur féidir leis an tseirbhís tacaíocht seo leathadh. Beidh an té ina phost ag tús 2020. Bhí 90-100 atreoraithe chuig AMS/Comhar (250 leanaí), agus 450 an líon leanaí a atreoraíodh ó Rannóga Oibre Sóisialta chuig seirbhísí pobail.

In 2019, chonaic an ceantar Lár Tíre laghdú suntasach i líon na gcásanna a bhí fós le sannadh. Thit an figiúr ó 411 in Eanáir 2019 go 230 i Nollaig 2019. Thit líon na gcásanna le tosaíocht ardleibhéil ó 84 in Eanáir go 20 i Nollaig. D'imir an t-athstruchtúráil a rinneadh ar an tSeirbhís Glactha Isteach, is é sin dhá fhoireann ar leith a chruthú i gcomhair Glactha Isteach agus Sannta, tionchar mór air seo. Thairis sin, chuidigh ceapachán an chúigiú Ceannaire Foirne Dualgais leis. Seo ról atá dírithe go sonrach ar chásanna nach bhfuil sannta go fóill.

An Deisceart

In 2019, chonaic ceantar an Deiscirt laghdú sna cásanna a bhí fós le sannadh as ucht an úsáid a baineadh as an múnla chleachtais *Comharthaí na Sabháilteachta* agus na ceardlanna dea-chleachtais a ghabh leo. Rinneadh athchóiriú ar na foirne d'fhonn feabhas a chur ar an bpróiseas glactha isteach agus ar an bpróiseas measúnaithe a bhí ann d'atreoraithe ionas go bhféadfaí iad a uaslódáil ar an gCóras Náisiúnta Faisnéise do Chúram Leanaí (CNFdCL) laistigh de 24 uair an chloig. Chuidigh úsáid foirne oibrithe sóisialta laistigh d'fhoirne CLL leis an gCeantar cásanna a dhúnadh níos luaithe.

I dtéarmaí coinneála agus oiliúna foirne, chonacthas seasmhacht níos fearr sna foirne CLL. Tharla seo de bharr Chláir Mhalartuithe Foirne. Fuair baill foirne oiliúint chuimsitheach ag ceardlanna cleachtais sa réimse seo.

Bhí taithí an-mhaith ag ceantar an Deiscirt leis an gClár Cosanta, Comhpháirtíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh (an Clár CCTT) agus úsáideadh tograí pobail cruthaitheacha malartacha (tograí PCM) i ngach réimse.

Thosaigh An Fóram Réigiúnach um Chosaint agus Leas Leanaí agus an Chomhdháil um Chosaint Leanaí ag feidhmiú sa réigiún agus chonacthas tacaíochtaí agus feabhsaithe seirbhíse do chosaint agus leas leanaí, dá bharr.

Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart

Tá baint ag an ngaisce is mó a rinneadh i mBaile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart le Cuspóir Straitéiseach 1 de Phlean Gnó 2019 (is é sin, cur i bhfeidhm na Straitéise Cosanta agus Leasa Leanaí, mar aon leis an múnla *Comharthaí na Sabháilteachta*) agus baineann sé freisin le tosaíochtaí na Seirbhíse Cosanta agus Leasa Leanaí, ailínithe leis an bPlean Gnímh HIQA, a sholáthar.

Lean gach limistéar in BÁC agus an tOirthuaisceart ag cur i bhfeidhm agus ag cur chun cinn *Comharthaí na Sabháilteachta*, bhí

athstruchtúráil ar na foirne cosanta agus leasa leanaí mar chuid den obair seo. Seo a leanas breis gníomhartha ábhartha:

- Seisiúin Rialta leis an gComhairleoirí i bhfeidhil *Comharthaí na Sabháilteachta*;
- Ceardlanna cleachtais Rannóige;
- Comhdhála ar Chosaint Leanaí ailínithe le *Comharthaí na Sabháilteachta*;
- Oiliúint maidir le húsáid treochtaí.

Léiríonn fianaise ó iniúchtaí cáilíochta a tugadh faoi i ndá cheann de na ceithre limistéir an dul chun cinn atá á dhéanamh sa réimse seo. Bhí dea-chomharthaí ann maidir le húsáid *Comharthaí na Sabháilteachta* ag an doras tosaigh i dTuaisceart na Cathrach (BÁC TnaC) agus bhí úsáid an scálaithe amhlaidh níos mó i mBÁC TnaC ná mar bhí in iniúchadh a tugadh faoi roimhe seo.

Is é an gaisce eile in BÁC agus an tOirthuaisceart an laghdú atá tagtha ar líon na gcásanna nach raibh sannta in 2019, tá an méid seo ag teacht le tosaíochtaí na Seirbhíse Cosanta agus Leasa Leanaí a sonraíodh i bPlean Gnímh HIQA. Bhí líon na gcásanna nach raibh sannta ag an leibhéal is ísle dá bhfacthas riamh sa Chabhán agus i Muineachán faoi dheireadh 2019 agus laghdaíodh líon na gcásanna sin ó 1,200 go 55 i mBaile Átha Cliath Thuaidh. Bhí an toradh amhlaidh sa Chabhán agus i Muineachán i ngeall ar líon foirne amháin bheith sa limistéar agus de bharr an úsáid a baineadh as acmhainní pobail agus as an gClár CCTT, mar aon le idirghabháil luath chun a chinntiú nach sroichfidh teaghlaigh an tairseach cosanta agus leasa leanaí i gcomhair idirghabhálacha. D'éirigh le BÁC Thuaidh líon a gcásanna a laghdú trí Straitéis Bhainistíochta Rioscaí Pleanáilte a úsáid. Thacaigh breis maoirseachta ar chásanna a bhí ag fanacht ar shannadh in Lú agus sa Mhí agus obair i dtaca le réamh-mheasúnaithe i mBÁC TnaC leis na ceithre limistéar líon na gcásanna nach raibh sannta a laghdú le linn 2019. Baineadh amach an méid seo d'ainneoin acmhainní gann, d'ainneoin easpa foirne ach go háirithe i ngach ceantar le linn na bliana.

Aiseolas bailithe ag an Rannóg Cigireachta Cosanta agus Leasa Leanaí do Chontae Mhaigh Eo Deireadh Fómhair 2019.

“Labhair tromlach na leanaí go dearfach faoin obair a rinne oibrithe sóisialta leo. Dúirt leantóir amháin gurbh ‘iontach an taithí é’ agus go bhfuair sí cuidiú níos mó ná mar a bhí sí ag súil leis”.

“Bhí tromlach na leanaí fabhrach maidir le hoibrithe sóisialta agus dúirt gur ar mhaithe leo féin a bhí na hoibrithe agus gur thuig siad an méid sin”.

“Bhí gach tuismitheoir ar labhair na cigirí leo an-mholtach maidir leis an tseirbhís a soláthraíodh dóibh. Mar shampla, dúirt tuismitheoir amháin go ndearna oibrithe sóisialta bainistíocht an-mhaith ar a chás, gur caithheadh go gairmiúil agus go béasach leis”.

“Thug tuismitheoirí le fios go labhraíodh leo go leanúnach agus gur coinníodh ar an eolas iad nuair a bhí forbairtí ina gcuid cásanna agus gur míníodh gach rud go mion dóibh agus cúrsaí ag titim amach”.

Mhol Garda Síochana an Mhuilinn gCearr, an Ceannaire Foirne as ucht a comhoibrithe leis na Gardaí agus iad ag plé cás gáinneála daoine, bhí ar an Stát na daoine óga sa chás seo a thógáil isteach i gcúram Stát.

Údaraíodh Ordú Cúraim inniu. Mhol idir Bhreitheamh agus Chaomhnóir agus fhoireann an HSE, Tusla as ucht an dea-láimhseáil a rinneadh ar an gcás seo agus ar an gcaoi a láimhseáladh castachtaí an cháis go haireach, go tuisceanach agus go gairmiúil.

An Iarthar

Reáchtáladh Grúpaí Réigiúnacha Tascanna agus Críochnaithe in Meitheamh, in Iúil agus i Lúnasa 2019 agus an ceantar ag ullmhú do chuairteanna cigireachta cosanta agus leasa leanaí. Bhí an obair seo dírithe ar chaighdeánú réigiúnach agus an dea-chleachtas i leith churtha i bhfeidhm chaighdeáin HIQA. Thug HIQA cuairteanna cigireachta ar dhá cheantar san Iarthar in 2019 faoin gcóras nua cigireachta i leith cosanta agus leasa leanaí – Maigh Eo agus Sligeach-Liatroim-Iarthar an Chabháin.

Ba é Contae Mhaigh Eo an chéad cheantar a tugadh cuairt cigireachta air. Bhí féin-mheasúnú agus forbairt Plean Feabhsuithe Cáilíochta mar sprioc ag an gcúairt seo. Tugadh faoin gcúairt ar Mhaigh Eo ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus rinneadh cigireacht ar an gceantar de réir seacht gcaighdeán. Foilsíodh an tuarascáil deiridh ar an 16 Nollaig 2019. Bhí trí chinn de na caighdeáin comhlíonta ag an gceantar, bhí trí chinn eile comhlíonta go caighdeán an-ard agus bhí ceann amháin fágtha comhlíonta i bpáirt.

Tugadh faoin gcúairt cigireachta ar cheantar Shligigh-Liatroma-Iarthair an Chabháin ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019. Fuair an ceantar marc sásúil comhlíonta i dtrí chinn de na caighdeáin, marc an-ard comhlíonta i dtrí chinn eile agus fuair marc comhlíonta i páirt i gceann amháin. Rinneadh atheagrú ar na Seirbhísí Glactha Isteach agus Cosanta agus Leasa Leanaí d’fhonn an múnla náisiúnta *Comharthaí na Sabháilteachta* a chur i bhfeidhm. Cuireadh i bhfeidhm an Córas Náisiúnta Faisnéise do Chosaint Leanaí go réigiúnach freisin.

Sampla den dea-chleachtas sa cheantar is ea feidhmiú na foirne AMS chun teagmháil láidir agus idirghabháil éifeachtach a chinntiú idir an Clár CCTT agus an tSeirbhís Dualgais Glactha Isteach Oibre Sóisialta. Éascaíonn na próisis agus na nósanna imeachta a thacaíonn le AMS, cur chuigí atreoraithe agus cinntí nuair a sheolann an tSeirbhís Oibre Sóisialta na cásanna seo anuas nó nuair a atreoraítear iad, nó fiú nuair a sheolann *Meitheal* cásanna aníos. Eascaíonn ceithre féidearthachtaí as cinntí na foirne AMS do theaghlaigh: idirghabháil pobail le heagrais phobail, *Meitheal*, comhdhálacha leasa teaghlaigh nó dul siar chuig an tSeirbhís Oibre Sóisialta.

An Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí (SCLL)

Soláthraíonn an Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí feidhm chomhairleach speisialta d’fhonn eolas don phleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus d’fhorbairt bearta tábhachtacha chuig na Seirbhísí Cosanta agus Leasa Leanaí, a dhéanamh.

In 2019, shásaigh an tSeirbhís Cosanta agus Leasa Leanaí roinnt tiomantais a sonraíodh i **bPlean Gnó 2019** faoi **Chuspóir Straitéiseach 1**, lena n-áirítear:

- Soláthar Thosaíochtaí na Seirbhíse Cosanta agus Leasa Leanaí ailínithe ag Plean Gnámh HIQA;
- Dul chun cinn maidir leis an Tionscamh Taighde Gnámh a cruthaíodh d’fhonn cur i bhfeidhm Comharthaí na Sabháilteachta agus taithí na foirne, na dtuismitheoirí agus na leanaí leis, a leanúint;
- Soláthar cláir oiliúna dhá lá agus cúig lá d’fhoirne Cosanta agus Leasa Leanaí (1,657 i láthair ar an iomlán) agus soláthar seisiúin eolais seachtracha le gach eagraíocht comhpháirteach.

Thairis sin, forbraíodh ceardlann ar an bpleanáil sabháilteachta agus soláthraíodh an oiliúint seo le foirne as deich gceantair. Reáchtáladh an chéad bhabhta ceardlanna dírithe ar an gcleachtas don Ghlacadh Isteach agus do Chur

in Ord Tosaíochta thar na ceantair go léir; ainmníodh 34 ceannairí cleachtais áitiúla agus tacaíodh leo d’fhonn breis tograí glactha isteach agus curtha in ord tosaíochta a éascú as seo amach.

Comharthaí na Sabháilteachta – Teacht le chéile

D’fhreastail os cionn 300 oibrithe ar an ócáid agus craoladh í ar an ngréasán freisin. Oibrithe cosanta leanaí tosaigh, ceannairí foirne, oibrithe sóisialta príomha, bainisteoirí ceantair agus baill den Choiste Stiúrtha Sinsearach tromlach na n-oibrithe a d’fhreastail mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach nua, Bernard Gloster. Ghlac comhghleacaithe ón gClár CCTT, Leanaí i gCúraim, Foréigean Baile agus seirbhísí IT agus dlíthiúla TULA páirt, chomh maith.

Pléadh cur i bhfeidhm an mhúnla Comharthaí na Sabháilteachta i gcásanna casta, pleanáil shábháilteachta i gcúraim altrama, comhdhálacha cosanta leanaí, agus conas iarratais chuig na cúirteanna a fheabhsú. Chuir na CIL béim ar ról tábhachtach na maoirseachta grúpa, an taighde agus na tacaíochta a fhaightear ón fhoireann foghlama agus conas a chuidigh an méid seo le cur i bhfeidhm an mhúnla Comharthaí na Sabháilteachta. Cuireadh béim freisin ar an gcaoi go bhfuil Comharthaí na Sabháilteachta anois ag éirí leabaithe i gcultúr ár gcleachtais agus cén chaoi ar tógadh baill foirne leis an múnla agus cén chaoi a



Reáchtáladh Teacht le Chéile Comharthaí na Sabháilteachta thar dhá lá, ar an 13-14 Samhain i mBaile Átha Luain. Bhí curtha i láthair ann ó chleachtóirí tosaigh ó gach ceann de na ceithre ceantair seirbhíse.

nglac siad úinéireacht air. Threoraigh Pene Turnell, comhairleoir do Comharthaí na Sabháilteachta an príomhfheidhmeannach nua trí ceacht léirmheasta ar an múnla mar chuid den ócáid.

Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó na rannpháirtithe an-dearfach den chuid is mó. Thug rannpháirtithe le fios gur mhothaigh siad bródúil as an geachtas, gur mhothaigh siad lán-fuinnimh agus go raibh siad spreagtha an múnla náisiúnta nua a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre i gcónaí.

An Córas Náisiúnta Faisnéise do Chúraim Leanaí ⁷ (CNFdCL)

Is é is aidhm leis an gCóras Náisiúnta Faisnéise do Chúraim Leanaí, cáilíocht, sábháilteacht, éifeachtacht agus soláthar Sheirbhísí Leanaí a fheabhsú. Tá an clár dírithe ar réiteach teicniúil a sholáthar d'fhonn tacú leis an ardaidhm seo tríd an CNFdCL a neadú tríd an eagrais ar fad.


Seo a leanas roinnt gnímh ón **bPlean Gnó 2019** faoi **Chuspóir Straitéiseach 6**:

- Próiseas gnó a chruthú (i gcomhpháirt leis an Aonas Bheartais agus Taighde) do chásanna stairiúla mí-úsáid d'fhonn cartlannú iomchuí a dhéanamh ar shonraí dhaoine fásta;
- Réitíodh na fadhbanna a bhí ann maidir le cáilíocht sonraí (bhain sé seo le malartú/aistriú sonraí). Rinneadh léirmheas ar na sonraí agus cuireadh pleananna i dtoll a chéile d'fhonn na sonraí a ghlanadh suas i ngach ceantar;

- Comhoibriú leis an Stiúrthóireacht Cháilíochta i dtaca leis an bpróiseas inmheánach do bhailíochtú agus d'údarú sonraí trí na struchtúir rialachais ábhartha.

Earcaíodh Bainisteoir Náisiúnta, Ceann Náisiúnta um Cháilíocht Sonraí agus Tuairiscí agus Ceann Náisiúnta don Dea-Chleachtais in 2019 d'fhonn tacú le forbairt an chreat cháilíochta sonraí agus tuairisciú feabhsaithe sa Ghníomhaireacht. Agus an triúir feidhmeannaigh nua in áit, beidh cáilíocht na sonraí ag síor-fheabhsú agus beidh tuairiscí níos eolaí agus níos beaichte.

Tháinig méadú leanúnach ar líon na dtaifid a cruthaíodh ar an CNFdCL de réir a chéile. Mhéadaigh líon na dtaifid ó 89,000 faoi dheireadh 2018 go 131,000 faoi dheireadh 2019. Léiríonn sé seo go raibh níos mó daoine i ndiaidh teacht i dtaithí ar an gcóras nua agus leathadh an chórais go réimsí cleachtais eile. Bhí inrochtaineacht na teicneolaíochta soghluaiste, amhail gutháin phóca chliste, ríomhairí glúine agus gléasanna MiFi ina chuidiú anseo. Mar thoradh ar obair leanúnach 2019 agus na hacmhainní breise leis, tá tuairisciú feabhsaithe ar bun agus tá an t-aisghabháil taifid níos fearr freisin. Cuidíonn an méid seo leis an tseirbhís líon méadaithe idirghabhálacha luath a dhéanamh do leanaí agus do theaghlaigh



SCL: GUTH LINBH, MEÁN FÓMHAIR 2019:

"B'fhéidir go mbeidh faitíos ort nó mar sin, ach tá an fhoireann anseo nuair a thagann fonn cainte ort nó más maith leat rud a dhéanamh. Tá an fhoireann thuas anseo i Lios na nÓg cineálta agus greannmhar agus níos mó fiú"

⁷ Agus an tuarascáil seo á foilsiú, glactar leis go ndearnadh dul chun cinn suntasach in 2019; d'aineoinn an méid sin, tá clár forbartha suntasach fós le baint amach nuair a thagann sé do chúrsaí CNFdCL

Seirbhísí Tusla taobh amuigh d'uaireanta gnó (STAUG)

Is í an tSeirbhís taobh amuigh d'uaireanta gnó (STAUG) a chinntíonn sábháilteacht agus sláinte leanaí nach bhfuil ag fáil cúram ná cosanta leordhóthanach taobh amuigh d'uaireanta gnó na Ghníomhaireachta. Soláthraíonn STAUG socrúchán práinneacha do leanaí in am an ghátair. Déanfaidh STAUG agus STAUG-Práinneach a ndícheall le cinntiú nach bhfuil ar leanaí dhul isteach i gcúraim práinneach mura bhfuil fíorghá leis. Cuirfidh STAUG an leanbh, an teaghlach agus an Rannóg Oibre Sóisialta i dteagmháil ionas go bpléifear an cás lá arna mhárach.

Rinneadh 2,186 cásanna a atreorú chuig STAUG in 2019 agus as sin d'eagraigh STAUG socrúchán do 635 leanaí in 2019; sholáthraigh STAUG lóistín thar oíche ar feadh 4,025 oíche in 2019 chomh maith.

International Social Services (ISS)

In 2019, nuair a ceapadh Oibrí Sóisialta Príomha don tSeirbhís seo, aistríodh ISS ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath agus lonnadh é leis an bhfoireann Tusla do Pháistí Dealaithe a bhí ag lorg tearmann. Phróiseáil an tseirbhís 197 atreoraithe in 2019, 102 díobh ó Tusla go tíortha eile, 95 ó thíortha eile agus 112 an líon iarratas a próiseáladh faoi scáth Rialachán na Brúiséile II agus Choinbhinsiúin na Háige. Phléigh an tseirbhís le 100 fiosrúcháin eile a tháinig ó Sheirbhísí Sóisialta Tusla agus ó thíortha eile.

I gcomhpháirt le hAmbasáid Laitvia agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, eagraíodh cuairt oideachais d'fheidhmeannaigh na Cúirte Dílleachtaí i Riga, i mí Márta 2019. I dteannta an méid sin, ghlac an tseirbhís páirt i gcruinniú do chomhordaitheoirí cásanna an ISS i mBeirlín in Aibreán 2019 agus i gcruinniú de chuid an Líonra Eorpach Breithiúnach i mBúcairist i mBealtaine 2019.



Foireann Tusla ag ullmhú le fáilte a chur roimh an lucht freastail ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.



fás agus bogadh ar aghaidh lena saolta”. Is mian linn cúram a thabhairt do dhaoine óga agus iad a chothú ionas go mbainfidh siad barr a gcumais amach, go mbeidh siad neamhspleách agus go mbeidh feasacht shóisialta acu agus iad ina ndaoine fásta.

Tá socrúcháin éagsúla ar fáil laistigh de na príomhionaid chónaithe. Braitheann an cineál socrúcháin ar riachtanais an linbh, cá bhfuil an tIonad lonnaithe, agus na daoine a bhfuil cónaí orthu san Ionad cheana. Féadfaidh soláthróir Stát, soláthróir deonach nó soláthróir príobháideach cúram cónaithe a chur ar fáil.

Is é atá i gceist leis an gcúram speisialta, cúram gearrthéarmach, seasmhach agus sábháilte i dtimpeallacht shábháilte teiripeach. Clár aonair tacaíochta agus idirghabháil gairmiúil a sholáthar, sin aidhm an chúraim speisialta agus cuideoidh an méid seo leis an leanbh bail sheasmhach a chur air/uirthi agus ansin bogfaidh sé/sí ar aghaidh go socrúchán níos scaoilte bunaithe ar a riachtanais measúnaithe.

Tá rochtain ag daoine óga i gcúram ar thacaíochtaí breise amhail Dochtúir Teaghlaigh, teiripe urlabhra agus teanga, fisiteiripe, síceolaí agus araile.

2.2. Cúraim mhalartacha agus uchtú

Leanaí i gcúram Stát agus Seirbhísí Altrama

Tá freagracht ar Sheirbhísí Chúraim Stát agus Seirbhísí Altrama soláthar a dhéanamh do chosaint agus do chúram leanaí nach bhfuil in ann cónaí lena dtuismitheoirí, i ngeall ar chúiseanna éagsúla. Cintíonn an tSeirbhís seo go gcomhlíontar riachtanais leanaí i dtithe altrama. Déantar seo trí oibrithe sóisialta agus feidhmeannaigh eile ó Tusla a chur in áit le tacú leis na leanaí agus na cúramóirí altrama, trí phróisis pleanála agus athbhreithnithe agus trí oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do chúramóirí altrama.

I nDeireadh Fómhair 2019, thug Tusla faoi fheachtas faisnéise poiblí náisiúnta d’fhonn breis cúramóirí altrama a earcú, agus é mar aidhm ag Tusla na ráflaí a chloistear sa phobal faoi incháilitheacht i leith bheith i do chúramóir altrama a chur ar neamhní, agus ainm Tusla a neadú mar Sheirbhís Phríomha Altrama na hÉireann. Ba é seo an chéad togra earcaíochta a rinneadh ó bunaíodh an Ghníomhaireacht in 2014.

Is é an manma a bhí ag Seachtain Náisiúnta an Chúraim Altrama, D’fhéadfá bheith i do chúramóir altrama foirfe dom. Bhí sé mar sprioc ag an bhfeachtas a oiread poiblíochta agus feiceálachta agus ab fhéidir a chruthú d’fhonn bearna earcaíochta Tusla i leith cúramóirí altrama a líonadh, agus an oiread daoine agus ab fhéidir a spreagadh le dul i dteagmháil le Tusla faoi bheith ina gcúramóirí altrama. Bhí Tusla sa tóir ar gach

cineálacha cúramóirí altrama do leanaí nach féidir leo fanacht sa bhaile lena dteaghlaigh ar chúiseanna áirithe. Bíonn Tusla ag obair le réimse cúramóirí altrama, amhail; lánúin nach den ghnéas céanna iad, lánúin chomhghnéis, daoine ó gach cúlra eitneach/creidmheach, daoine fostaithe/dífhostaithe, daoine singil/pósta agus tuismitheoirí a bhfuil poist acu beirt.

D’éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas agus thacaigh líon mór páirtithe leasmhar seachtracha, fearais chomhpháirtithe agus baill de Thithe an Oireachtais leis. Craoladh agallaimh le cúramóirí altrama ar an aer ar stáisiúin raidió timpeall na tíre agus fuair an feachtas clúdach leathan sna meáin ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, araon. Tháinig os cionn 400 fiosrúcháin as Seachtain Náisiúnta an Chúraim Altrama chuig Tusla ó dhaoine a raibh suim acu bheith ina gcúramóirí altrama.

An tSeirbhís Chónaithe Leanaí (SCL)

Bunaíodh an tSeirbhís Chónaithe Leanaí (SCL) mar sheirbhís náisiúnta in 2015. Is é seo a leanas an Ráiteas Misin atá againn: “Cuirtear leanaí i gcúraim cónaithe d’fhonn timpeallacht shábháilte, spreagúil a sholáthar dóibh nuair nach féidir leo fanacht sa bhaile nó i dtimpeallacht teaghlaigh malartach, amhail i gcúraim altrama. Is é cuspóir an Chúraim Chónaithe, spás sábháilte mothúcháin agus síceolaíoch a sholáthar, ar bhealach pleanáilte, ionas go mbeidh leanaí in ann teacht chucu féin, forbairt,

Tusla National Fostering Week

October 14th - 20th 2019

You Could Be My Perfect Foster Carer.

Are you...

- Single?
- Married?
- Renting?
- A homeowner?
- From Ireland?
- Not from Ireland?



For more information visit:

www.fostering.ie

freephone: 1800 226 771 or

email: tusla.fostering@tusla.ie

TUSLA

An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Fostaíonn SCL 1,000 daoine agus tá 46 ionaid ina seilbh nó á feidhmiú aici go náisiúnta (le sé ionaid speisialta san áireamh). Soláthraíonn SCL réimse leathan seirbhísí sna hionaid seo; seirbhísí príomhchúram cónaithe, cúram speisialta, cúram faoisimh, ullmhúchán do dhaoine a bheas ag fágáil an chórais, seirbhísí máthair agus leanbh do dhéagóirí, agus Páistí Dealaithe atá ag lorg tearmainn (PDALT).

Seo a leanas roinnt gaiscí a bhain an tSeirbhís amach i rith 2019::

- Corn an Domhain 2019 do dhaoine óga i gcúram sa Pholainn
- Fuair Rosebrook agus Baile Uí Dhubhda an Dámhachtain Ballraíochta ón eagraíocht Investing in Children don dara uair as a chéile;
- Fuair Rosebrook tuarascáil chigireachta HIQA ar ais gan Plean Gnímh leis;
- Ba é Radharc na Sailí an chéad Ionad go náisiúnta nach bhfuair Plean Gnímh HIQA;
- Fuair Ionad Chorrán na Maoile (BÁC/Laighin Láir) Dámhachtain Investing in Children as ucht tionscnamh gairdín a críochnaíodh le linn Samhradh 2019. Chríochnaigh daoine óga agus an fhoireann san Ionad an tionscnamh gairdín. Is é a bhí i gceist; dearadh a chruthú don ghairdín cúl le plandaí nua, ceapacha bláthanna, luibheanna, cúl peile agus áit suí;
- Comhlánaíodh oiliúint chuimsitheach d'fhonn an Creat do thorthaí WellTree a bhunú sna hionaid chúraim go léir;



GUTH AN LINBH, SCL SAN IARTHAR:

"Is brá liom chomh chairdiúil is atá na hoibrithe agus cé chomh suaimhneach is atá an teach. Taitníonn sé liom go mbím ag fáil béilí éagsúla don dinnéar an t-am ar fad nuair a bhím anseo"



- Córas atreoraithe réigiúnach amháin a bhunú ó Mheán Fómhair 2019 i gcomhair socrúcháin sna hionaid chónaithe Stát;
- Spásanna breise a chruthú sna hionaid do pháistí dealaithe atá ag lorg tearmainn (Ionaid PDALT)

Dámhachtain ón eagrais Investing in Children bronnata ar Ionad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhubhda

Ionad Cúraim Speisialta atá i mBaile Uí Dhubhda. Soláthraíonn an t-ionad timpeallacht theiripeach sheasmhach do dhaoine óga atá idir 12 agus 17 bliana d'aois. Cuidíonn an cúram a fhaigheann daoine óga i mBaile Uí Dhubhda leo a bhféinmhuinín a neartú agus díriú isteach ar a mbuanna pearsanta. Lena chois sin, tugann sé na huirlisí don duine óg roghanna fiúntacha a dhéanamh, bheith acmhainneach agus bheith freagrach astu féin.

I mí Aibreáin, bronnadh an Dámhachtain Ballraíochta mór le rá Investing for Children ar Ionad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhubhda. Bronnadh an Dámhachtain mar aitheantas agus mar cheiliúradh ar na cleachtais rannpháirteacha agus chuimsitheacha atá in úsáid i mBaile Uí Dhubhda agus as ucht a thiomantas bheith ag plé le daoine óga d'fhonn fíor athraithe a chruthú.

Bhí ar Bhaile Uí Dhubhda cur chuige cuimsitheach comhrá a léiriú, seo comhrá ina mbíonn fáilte

roimh daoine óga a chuid féin a rá. D'ainneoin an méid sin, ní hé deireadh an scéil an comhrá, ní mór go n-eascróidh athraithe asti. Seo a leanas roinnt athraithe a chonacthas i mBaile Uí Dhubhda de bharr an chur chuige seo; breis saoirse laistigh den ionad do dhaoine óga, athraithe i dtaca le bainistíocht airgid phóca, rochtain ar na cistin, líon mór gníomhaíochtaí nua agus roghanna siamsaíochta, an leibhéal rannpháirtíochta i gcruthú biachláir, saoirse na seomraí codlata a mhaisiú i stíl na ndaoine óga féin. Léann na leanaí na tuairiscí a sheoltar chuig Investing for Children, tugann siad a mbeannacht dóibh agus bíonn siad rannpháirteach sa phróiseas ó thús go deireadh.

Dámhachtain Gaisce bronnata ar an gcéad seachtar ó Ionad Cúraim Speisialta

I nDeireadh Fómhair, bronnadh Dámhachtain Gasice cré-umha (Dámhachtain an Uachtaráin) ar sheachtar ó ionad cúraim speisialta. Ba iad seo na chéad daoine óga i gcúram speisialta a leithéid de dhuais a fháil. As Ionad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhubhda i mBaile Átha Cliath agus as Ionad Cúraim Speisialta Coovagh House i Luimneach do na daoine óga seo.

Gaisce – Dúshlámh ó Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn atá sa Dámhachtain, a bhfuil sé mar chuspóir aige uchtach a thabhairt do dhaoine óga mianta a gcríoithe agus barr a gcumas a bhaint amach. Thug daoine óga i mBaile Uí



Fóram ar leith atá sa Chéad Siompóisiam Náisiúnta don tSeirbhís Chónaithe Leanaí d'fhonn plé a dhéanamh ar an aistriú as an gcúram speisialta do dhaoine óga.



Bronnadh Dámhachtain Gasice cré-umha (Dámhachtain an Uachtaráin) ar sheachtar ó ionad cúraim speisialta.



Lainseáiltear Seirbhís Tacaíochta Iar-Uchtála nua i bpáirt le Barnardos.

Dhubhda agus in Coovagh House faoin dúshlán le fonn agus bhain siad amach a gcuid dúshlánacha Gaisce sna catagóirí seo a leanas; gníomhaíochas pobail, scil phearsanta, aclaíocht áineasa agus turas eachtraíochta.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a thug na daoine óga fúthu le linn an Dúshláin:

- Tiomsú airgid do charthanachtaí do dhaoine gan dídean trí dhíolacháin chistí a eagrú
- Cóiríú agus cothabháil rothar a dhéanamh do na hionaid
- Obair le heagraíochtaí leasa ainmhithe áitiúla le madraí a thabhairt siúlóidí, iad a chothú agus cúram a thabhairt dóibh
- Forbairt scileanna saoil d'fhonn iad féin a ullmhú don saol pobail i ndiaidh dóibh cúram Stát a fhágáil
- Scileanna Garraíodóireachta agus Tírdhreachaithe a fhoghlaim
- Scileanna ullmhúcháin bia agus cothaithe cothrom a fhoghlaim
- Léiriú ceoil agus amhránaíocht
- Gníomhaíochtaí aclaíochta, spóirt uisce agus sléibhteoireacht.

Agus é ag déanamh comhghairdeas leis na daoine óga as an *Gaisce* cré-umha a fháil, dúirt **Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn** an méid seo a leanas: *“Déanaim comhghairdeas leis na daoine óga seo go léir as tabhairt faoin Dámhachtain Gaisce. Lean na daoine óga seo bóithre éagsúla, agus tugadh ag an bpointe seo iad, agus meabhraíonn seo dúinn go bhfuil fiúntas i*

ngach uile dhuine, beag beann ar a chúlra nó a stair. Inniu lá iontach daoibh, do bhur muintir agus do gach duine a bhí páirteach in bhur dturas go dtí an Gaisce cré-umha agus ba cheart daoibh bheith an-bródúil asaibh féin”.

An tSeirbhís Uchtála

Tá sé mar cuspóir ag an tSeirbhís Uchtála, teaghlaigh incháilithe agus iomchuí a sholáthar do leanaí trí uchtú. Soláthraíonn an tSeirbhís eolas, comhairleoireacht agus tacaíocht do dhaoine ó teaghlaigh bhreithe freisin, daoine a scaradh trí shocráithe uchtála agus cúram stairiúla. Éascaíonn an tSeirbhís Uchtála teagmháil idir páirtithe nuair a thóilíonn gach páirtí, trí phróiseas rianaithe. Mar aon leis seo, baineadh amach roinnt gaiscí in 2019, lena n-áirítear:

- Comhlíonadh an cheachta mheasúnaithe a d'iarr an tAire. Rinne an fhoireann oibre sóisialta athbhreithniú ar 1,044 taifid idir Nollaig agus Aibreán 2019 agus cuireadh na comhaid faoi bhráid athbhreithnitheora neamhspleáigh;
- Bíonn an fhoireann oibre sóisialta ag cúl in iúl don 151 daoine a raibh a mbreithe cláraithe go mídhleathach orthu, go ndearnadh amhlaidh. Thángthas ar dhaoine, lena mbaineann an scéal seo dóibh, i dtíortha eile fiú. Thasteal baill foirne chomh fada leis an Astráil d'fhonn na daoine seo a chur ar an eolas nár cláraíodh a mbreith go dleathach;
- Choimisiúnaigh an tSeirbhís Uchtála leathadh ar na Seirbhísí Tacaíochta Teiripeacha Iar-Uchtála do leanaí. Feidhmíonn an tseirbhís

seo ar bhonn náisiúnta anois agus tá oifigí nua lonnaithe i gCorcaigh agus i nGaillimh mar aon le hoifig Bhaile Átha Cliath agus áirítear ann leanaí a uchtaíodh ó chúram Stát;

- Lean an tseirbhís leis an gcoimisiúnú do sheirbhís chomhairleoireachta tiomnaithe dóibh siúd a cláraíodh a mbreith go mídhleathach. Áirítear anseo seisiúin ghrúpa agus seisiúin aonair;
- Chuidigh earcú Oifigigh Shaorála Faisnéise/Chosanta Sonraí in Márta 2019, le seirbhís phearsanta a thabhairt dóibh siúd a raibh a sonraí breithe uathu;
- Reáchtáil an tSeirbhís sraith seisiúin eolais d'oibrithe sóisialta Tusla sa cheathrú ráithe de 2019 maidir le teacht isteach na pleanála fadtarmaí agus comhreachaí do leanaí faoi chúram Stát. Bhí le cois 500 i láthair ag na seisiúin. Ba é ról na Seirbhíse sa togra seo, oiliúint a chur oibrithe sóisialta i dtaca leis na forálacha ag eascairt as an Acht Uchtála (Leasú), 2017 agus na himpleachtaí a bheidh ann d'oibrithe sóisialta i dtéarmaí uchtála ón gcúram altrama. Thacaigh na seisiúin eolais seo le choincheap an fhadtéarmachais a thabhairt isteach i Seirbhísí Cosanta agus Leasa Leanaí na hÉireann agus bhí na seisiúin seo mar chuid den mhórobair a bhí ar siúl d'fhonn a chinntiú go ndéanfar iarratais uchtála in am trátha, nuair is é sin atá ar leas an libh.

In 2019, fuarthas 194 iarratais uchtála do thuismitheoirí ionchasacha i gcomhair measúnaithe, iarratas leatuismitheora an cineál iarratais ba choitianta a fuarthas, beagnach a leath de na hiarratais go léir (48%; 94). Atreoraíodh 179 leanaí i gcomhair uchtála, arís is iarratais leatuismitheora an tromlach dóibh (61%; 109). Cuireadh 152 measúnaithe uchtála ar aghaidh chuig coistí uchtála áitiúla. Fuarthas 2,332 fiosrúcháin maidir le seirbhísí eolais agus rianaithe, agus tháinig 804 iarratais ar eolas agus rianaithe as sin. Faoi dheireadh 2019, bhí 619 iarratasóirí ag fanacht ar sheirbhís eolais agus rianaithe, sin laghdú 21% (161) le hais 2018.

Seirbhísí Iarchúram

Soláthraíonn Tusla seirbhísí iarchúram do dhaoine óga incháilithe d'fhonn iad a ullmhú don chúram Stát a fhágáil agus d'fhonn tacú leis an duine óig aistriú go saol neamhspleách sa phobal mar aosach. In 2019, bunaíodh seirbhísí iarchúram i ngach ceantar agus cuireadh struchtúir churtha i bhfeidhm áitiúla in áit freisin. Seo gaisce a bhaineann leis an ngealltanais a rinneadh i **bPlean Gnó 2019** faoi **Chuspóir Straitéiseach 4**.

Ag deireadh 2019, bhí 2,744 daoine óg/aosaigh ag fáil seirbhísí iarchúram, agus bhí plean iarchúram in áit do 87% (2,265) dóibh sin. Ba é 714 an líon iomlán atreoraithe do sheirbhísí iarchúram in 2019, bhí 99% de na hatreoraithe seo incháilithe do mheasúnú riachtanais.

In 2019, cuireadh i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta an Múnla Soláthar Seirbhísí Iarchúram caighdeánaithe a aontaíodh, mar aon le cur i bhfeidhm an Bheartais leasaithe don Iarchúram Náisiúnta. Eisíodh cáipéis threorach i dtaca leis an dea-chleachtas chun na críche seo freisin.

Táthar ag leanúint aghaidh le soláthar lóistín faoin Scéim Tacaíochta Caipitil (STC) do dhaoine atá i ndiaidh an cúram Stát a fhágáil mar bheartas coiscitheach lóistín. Faightear lóistín do dhuine a fhágann cúram Stát ionas nach mbeidh sé/sí gan dídean agus d'fhonn easpa dídine a chosc. Is iad seo a leanas na daoine incháilithe don STC; daoine le riachtanais sláinte inchinne casta, míchumais nó andúiligh nó tuismitheoirí óga atá mbaol easpa dídine ach a d'fhéadfaidís cónaí go neamhspleách gan tacaíochta sa todhchaí. Bhog an chéad duine a d'fhág cúram Stát isteach go luath in 2019. Tá 70 ionaid lóistín anois ag Tusla agus soláthraíodh spás do 45 duine iontu faoin 31 Nollaig 2019.

Thosaigh an idirghabháil leis an Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Forbairt Pobail le moladh agus tacaíocht a léiriú don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sonraíodh trí chuspóirí (dhá cheann do 2019 agus ceann amháin do 2020) le go mbeidh an Clár Ionchuimsithe Sóisialta agus Gníomhachais Phobail (CISGP) agus Bainisteoirí Iarchúram Tusla in ann comhoibriú le cheile i dtéarmaí tacaíochtaí

do grúpaí daoine óga sainithe idir 15 agus 25 bliana d'aois a bheas ag fágáil chúraim Stát, ach nach bhfuil ag déanamh cúrsaí oideachais, oiliúna nó nach bhfuil fostaithe, mar ullmhúchán do shaol na hoibre.

Leanadh leis an obair ar an gCreat Lóistín do dhaoine a bhí ag fágáil chúraim Stát in 2019. Gné amháin bainteach leis an bhforbairt seo ba é tacú le cás gnó do sheirbhísí a choimisiúnú do dhaoine óga a raibh riachtanais chasta ag baint leo idir 2020 agus 2023, agus freisin múnla cúraim agus lóistín a chruthú do gach duine óg in Iarchúram a raibh riachtanais chasta ag baint leo, ach go háirithe aosaigh óga nach bhfuil rochtain acu ar áiseanna lóistín agus cúram reatha Tusla.

Seirbhísí Teiripe

Is é cuspóir na Seirbhísí Teiripe cúram a dhéanamh ar leanaí agus ar teaghlaigh a bhfuil riachtanais teiripe acu nach bhfuil ag fáil na seirbhísí sin ó chomhlachtaí Stát eile. D'fhéadfadh riachtanais teiripe bheith ag leanaí i gcúram altrama agus in ionaid chónaithe a bhaineann le tráma agus ceangal agus d'fhéadfadh soláthar seirbhíse teiripe comhtháite leis an bhfoireann oibre agus cúram sóisialta bheith de dhíth. In 2019, bunaíodh seirbhísí teiripe réigiúnacha ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Gealltanais ab ea seo de réir **Cuspóir Straitéiseach 1 de Phlean Gnó 2019**.

Seirbhísí do Leanaí Dealaithe (SdLD)

Soláthraíonn Seirbhísí do Leanaí Dealaithe cúram, seirbhísí athaontaithe teaghlaigh agus iarchúram do phaistí dealaithe atá ag lorg tearmainn (PDALT) i gcomhréir le prionsabal go bhfaighidís cothromas cúraim ag na seirbhísí seo á soláthar dóibh.

Chonacthas líon cuimsitheach gaiscí i leith na seirbhíse seo, lena n-áirítear:

- Soláthraíodh tacaíocht agus acmhainní don SdLD d'fhonn a ceanglais a chomhlíonadh i leith an Chláir Chosanta do Lucht Tearmainn (CCdLT);
- Ghlac an tseirbhís páirt i dtionscnamh pro bono le Comhairle Teifeach na hÉireann agus Comhairle Inimirceoirí na hÉireann;

- Fuair gach oibrí sóisialta oiliúint in Samhain 2019 maidir leis an Measúnú Rioscaí Cosanta Leanaí do Tusla agus don SdLD go sonrach, d'fhonn bheith in ann measúnaithe aoise a dhéanamh i gcomhréir le cur i bhfeidhm an Achta Cúram Leanaí, 1991, arna leasú;
- Eagrú cuairteanna rochtana teaghlaigh idirnáisiúnta sa Ghearmáin agus san Albáin;
- Ghlac ceann foirne oibre sóisialta páirt i gcomhdháil a d'eagraigh Missing Children Europe (sa Bheilg) i Nollaig 2019;
- Éascadh aistrithe Bhaile Átha Cliath chuig ballstáit AE eile agus glacadh isteach leanaí a bhí ag teacht go hÉirinn tríd an líonra Bhaile Átha Cliath 3 agus a prótacail a bhaineann leis;
- Athaontaithe teaghlaigh- d'aineoinn easpa acmhainní, bhí torthaí dearfacha ann do n-ár leanaí i gcúram agus in iarchúram;
- Tá cuid mhaith leanaí faoi n-ár gcúram ag freastal ar an oideachas tríú leibhéil;
- Bronnadh bonn cré-umha ar dhuine óg amháin i n-ár seirbhís ag na Cluichí Eorpacha sa Phortaingéil le linn Samhradh 2019;
- Bhí an ráta athraithe foirne d'oibríthe sóisialta agus oibríthe iarchúram ag 0%;
- Bhí 98% de na cliaint iarchúram ag déanamh cúrsa oideachais/oiliúna de shaghas éigin;
- Bhí plean iarchúram in áit do gach duine óg a atreoraíodh chuig an tSeirbhís iarchúram;
- Rinneadh na staitisticí PDALT a thaifead agus a thuairisciú go náisiúnta;
- Rinneadh ionadaíocht ar PDALT sna straitéisí iarchúram náisiúnta;
- Reáchtáladh cruinnithe athaontaithe teaghlaigh do dhaoine óga a bhí dealaithe óna dteaghlaigh;
- Bunaíodh an chéad lóistín STC do ghrúpa deartháireacha/deifúracha PDALT.

2.3. Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh

Stíl oibre agus réimse leathan gníomhaíochtaí a threisíonn líonraí sóisialta neamhfhoirmeálta trí cláir agus seirbhísí pobalbhunaithe is ea an Tacaíocht Teaghlaigh. Tá príomhfhócas na seirbhísí seo ar an idirghabháil luath agus é mar aidhm acu sláinte agus cearta gach leanbh, duine óg agus a teaghlaigh a chur chun cinn. Tugtar cúnamh freisin dóibh siúd atá leochaileach nó i baol, chomh maith.

An Clár Cosanta, Comhpháirtíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh (CCTT)

Is é cuspóir an Chláir Chosanta, Chomhpháirtíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, tacú le leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus teaghlaigh rochtain a fháil ar sheirbhísí coisctheacha agus tacaíochta agus an deis a thabhairt dóibh bheith rannpháirteach sna cinntí atá á ndéanamh faoina saolta ag an am céanna. Tá sé mar aidhm aige rudaí a d'fhéadfadh bheith ina mbagairt do leanaí nó daoine óga a chosc trí sheirbhísí inmharthana laistigh de Tusla agus

na heagraíochtaí comhpháirteacha a chur ar an bhfód, amhail obair choisctheach agus obair idirghabhála luath.

Sásaíonn an soláthar an chláir seo, ceanglas reachtúil Tusla i gcomhréir leis an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach d'fhonn 'seirbhísí tacaíochta teaghlaigh coisctheacha arb aidhm dóibh leas leanaí a chur chun cinn' a sholáthar. Oibríonn an Clár CCTT d'fhonn comhcheangailteacht a chruthú trí seirbhísí Tusla agus seirbhísí seachtracha a thabhairt le chéile tríd an gcontanais cúraim.



Ag ceiliúradh na tuismitheoireachta dearfaí ag an gceathrú Chomhdháil Náisiúnta Tuismitheoireachta.



Reáchtáiltear Comhdháil Náisiúnta don Chlár CCTT 2019 i gCill Chainnigh do chleachtaithe agus do chomhpháirtithe, a bhíonn ag obair le cinntiú 'nach bhfuil aon bhealach mícheart' ann do theaghlaigh d'fhonn tacaíocht teaghlaigh a lorg.

Baineadh amach roinnt gnímh a sonraíodh i **bPlean Gnímh 2019** faoi **Chuspóirí Straitéiseacha 1, 3 agus 4**, lena n-áirítear:

- Foilsiú, scaipeadh agus cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus an Óige 2019–2023;
- Foilsiú agus cur i bhfeidhm an Creat Coimisiúnaithe Náisiúnta Tuismitheoireachta (CCNT);
- Breis feabhsaithe, tacaíochtaí agus forbartha do ról na Seaimpíní Tacaíochta do Thuismitheoirí (STdT);
- Breis curtha i bhfeidhm agus forbartha de na meamraim tuisceana le comhpháirtithe tábhachtacha;

- Cur i bhfeidhm na bpleananna coimisiúnaithe don togra Pobail Cruthaitheacha Malartacha (PCM) do 2019;
- Ailíniú an Chláir Óige Ceantar-bunaithe faoi scáth Tusla;
- Torthaí do Pháistí- Lárionad Sonraí agus Faisnéise curtha in áit ag Tusla agus ag gníomhaireachtaí comhpháirteacha;
- Críochnaíodh forbairt an Chreat Cháilíochta don LTdL₇T;
- Comhoibriú leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus comhpháirtithe eile d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise *First 5*.

Is iad seo na gnéithe lárnacha i gClár Cosanta, Comhpháirtíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh Tusla (CCTT); na líonraí tacaíochta do leanaí agus do theaghlaigh (na líonraí LTdL₇T) agus Meitheal, an múnla náisiúnta idirghabhála luath, a bhfuil Tusla i gceannas air. Tá na líonraí (LTdL₇T) ann le tacú le comhtháiteacht na seirbhísí go léir a bhfuil ról acu le n-imirt i saolta leanaí agus teaghlaigh i gceantar ar leith. In 2019, bhí 115 líonraí in Éirinn ag feidhmiú tríd an gcontanaim cúraim ag an leibhéal áitiúil i páirt le teaghlaigh d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon bhealach mícheart ann teacht ar chabhair. Éascaíonn na líonraí comhordú agus úsáid Meitheal. Tá an rolladh amach céimíúil den chlár CCTT mar creat soláthair iomlánach ag cinntiú go mbíonn an soláthar seirbhísí reatha, leanúnach agus seasmhach timpeall na tíre.

Is é *Meitheal*, an múnla náisiúnta idirghabhála luath a bhfuil Tusla i gceannas air. Múnla fréamhaithe é a bhfuil sé mar aidhm aige cinntiú go n-aithnítear, go dtuigtear agus go bhfreagraítear riachtanais agus buanna leanaí agus a dteaghlaigh ar bhealach éifeachtach agus in am trátha ionas go bhfaigheann leanaí agus tuismitheoirí an cuidiú agus an tacaíocht atá de dhíth orthu d'fhonn saolta na leanaí a fheabhsú agus d'fhonn a gcearta a aithint trí foireann a thabhairt le chéile timpeall an linbh chun tacaíocht choisctheach a sholáthar. In 2019, tháinig 2,330 ar phróisis *Meitheal* isteach agus dúnadh 1,654 próisis.

Tacaíocht Tuismitheoireachta

Na tacaíochtaí do thuismitheoirí a láidriú agus a fhorbairt agus déanamh cinnte de gur tosaíocht iad na tacaíochtaí agus na seirbhísí seo do Tusla agus a comhpháirtithe. Sholáthraigh an Clár CCTT creat straitéiseach agus cáipéis treorach ar scileanna tuismitheoireachta. Gné thábhachtach den Sruth Tacaíochta Tuismitheoireachta é an cur i bhfeidhm den Straitéis de chuid an Rialtais, an Straitéis First 5 agus ailíniú na oibre sin le hobair an Aonaid um Bhearta Tacaíochta Tuismitheoireachta de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Seo a leanas roinnt tograí tacaíochta tuismitheoireachta:

- Foilsiú agus poiblíocht a dhéanamh ar 50 teachtaireachtaí tábhachtacha do chleachtaithe;
- Bunú an tsuímh ghréasáin Parenting24seven do thuismitheoirí;
- 35 tionscnaimh rannpháirtíochta maoinithe do thuismitheoirí;
- Seaimpíní Tacaíochta Tuismitheoireachta; bhí 133 ann in 2019.

Ceann de na príomhchuspóirí atá sa Chlár CCTT is ea cultúir rannpháirteach a cruthú, cultúr a thabharfaidh glór agus spás do leanaí agus a dteaghlaigh i ngach gné d'obair Tusla. Tá gealltanais láidir ann leanaí agus daoine óga a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcinntiú a mbeidh tionchar acu ar a saolta. Tá sé seo ag imirt dea-thionchar ar leanaí agus ar theaghlaigh, agus feictear fianaise den méid sin tríd an gcóras ar fad. In 2019, tugadh faoi 37 tionscnaimh mhaoinithe do Rannpháirtíocht Leanaí agus an Óige go háitiúil, bronnadh 75 Dámhachtain Ballraíochta Investing in Children agus cuireadh oiliúint ar os cionn 2,000 baill foirne i gcleachtas rannpháirteach.



Foilsiú oifigiúil na Straitéise Rannpháirtíochta do Leanaí agus don Óige 2019-2023 de chuid Tusla.

An Straitéis Rannpháirtíochta do Leanaí agus don Óige 2019-2023 agus Bliainiris 2019

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an Gníomhaireacht an Straitéis Rannpháirtíochta nua do Leanaí agus don Óige 2019-2023 agus bhí ócáid fhoilsithe ann i mBaile Átha Cliath. Tá rannpháirtíocht leanaí agus an óige ag croílár aon chur chuige leanbh-dírthe, bunaithe ar chearta má táthar le dul ag obair le leanaí agus daoine óga. Tá Tusla tiomanta do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus cinntí á ndéanamh. Leagtar síos sa Straitéis Rannpháirtíochta do Leanaí agus don Óige 2019-2023 cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag Tusla tacú leis an gcleachtas rannpháirteach, é a spreagadh agus é a cheiliúradh laistigh de sheirbhísí Tusla agus seirbhísí a fhaigheann maoiniú Tusla.

Le cruthú na Straitéise Rannpháirtíochta do Leanaí agus don Óige, bhí ar Tusla tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin. Bhí os cionn 300 baill foirne Tusla, gníomhaireacht a fhaigheann maoiniú Tusla agus daoine óga páirteach sa chomhairliúchán ar rinneadh ar bhonn náisiúnta. Chomh maith leis sin, phléigh Tusla an Straitéis le réimse leathan páirtithe leasmhara d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin agus na riachtanais a mbeadh gá leo d'fhonn an cleachtas rannpháirteach a neadú tuilleadh sa Gníomhaireacht.

Mar aon le sin, d'fhoilsigh Tusla an Bhliainiris do Rannpháirtíocht Leanaí agus an Óige, 2019. Ó 2016 go 2018, chuir Tusla, i bpáirt le Atlantic Philanthropies, maoiniú ar fáil d'fhonn tograí náisiúnta i leith na rannpháirtíochta leanaí agus óige a fhorbairt. Bhí sé riachtanach go dtiocfadh na smaointe ina leith seo ó na daoine óga iad féin, agus i rith na tréimhse seo, roghnaíodh 45 tionscnaimh go náisiúnta le maoiniú a fháil. Leis an Bhliainiris do Rannpháirtíocht Leanaí agus an Óige 2019, tugtar léargas nó blaiseadh beag de na 45 tionscnaimh maoinithe – taispeántar céard a bhí uathu a dhéanamh ag tús na dtionscnaimh agus céard atá baint amach acu laistigh de thréimhse ama sách-gearr.

Seachtain Náisiúnta Tacaíochta an Linbh agus an Teaghlaigh

Reachtáladh an dara Seachtain Náisiúnta Tacaíochta an Linbh agus Teaghlaigh i mBealtaine. Deis a bhí anseo do Tusla an spotsolas a chur an réimse tacaíochtaí do thuismitheoirí, do leanaí agus do theaghlaigh atá ar fail ó Tusla agus ó sheirbhísí a fhaigheann maoiniú Tusla agus iad a chur chun cinn.

Tá Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh ann do gach leanbh, gach teaghlach agus gach duine aonair in am an ghátair. Soláthraíonn Tusla seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta teaghlaigh mar chuid dá clár CCTT d'fhonn a chinntiú go n-aithnítear, go dtuigtear agus go freagraítear riachtanais agus buanna na leanaí agus na dteaghlaigh.

Tá príomhfhócas na seirbhísí seo ar an idirghabháil luath agus é mar aidhm acu sláinte agus cearta gach leanbh, duine óg agus a dteaghlaigh a chur chun cinn agus a cosaint. Thairis sin, tugtar aire dóibh siúd atá leochaileach nó i mbaoil. Mar aon leis an réimse seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a sholáthraíonn Tusla go díreach, maoiníonn Tusla 332 seirbhísí áitiúla breise ar fud na hÉireann.

Go náisiúnta, reachtáladh os cionn 160 ócáid aonaracha agus seisiúin eolais mar chuid de Sheachtain Náisiúnta Tacaíochta an Linbh agus an Teaghlaigh d'fhonn infheictheacht a chruthú, fios

a chur ar an bpobal agus d'fhonn eolas a thabhairt don phobal maidir leis an réimse tacaíochtaí atá ar fáil dóibh. D'éirigh go han-mhaith leis na hócáidí agus bhí clúdach an-leathan orthu sna meáin timpeall na tíre agus ar na hardáin shóisialta. Bhí an t-aiseolas ón bpobal an dearfach go deo agus bhí iontas ar go leor fáil amach faoin méid tacaíochta a sholáthraíonn Tusla don bpobal féin.



Ceiliúránn BÁC Thiar Theas-Cill Dara-Cill Mhantáin Thiar, Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe don Teaghlach ag ceann de na 160 ócáid a reachtáladh mórthimpeall na tíre le linn Seachtain Náisiúnta Tacaíochta Tusla don Leanbh agus don Teaghlach.

Changing Futures

I mí Márta, d'fhoilsigh Tusla suíomh gréasáin nua do leanaí, ChangingFutures.ie d'fhoillcuidiú le daoine óga obair Tusla a thuiscint. Lainseáladh an suíomh gréasáin ag ócáid sa *Printworks* i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhreastal os cionn 100 leanaí, daoine óga agus baill foirne Tusla agus baill foirne ó eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú Tusla. Bhí an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr. Katherine Zappone, i láthair chomh maith.

Tionscnamh a bhraitheann ar an óige is ea é Changing Futures; daoine óga ar fad a chruthaigh agus a d'fhorbair ainm t-ainm, an lógó, an íomhá, an dearcadh agus na hábhair. Tháinig an coincheap amach as an Togra Rannpháirtíochta do Leanaí agus don Óige i mBaile Átha Cliath Thoir Theas agus Cill Mhantáin, ansin rinneadh é a leathadh ina thionscnamh náisiúnta. Ó 2016, reáchtáil seisear daoine óga a bhí taithí saoil acu le Tusla

agus a seirbhísí maoinithe lá speisialta dar teideal, Agenda Day™, seisiún plé a bhí i gceist d'fhoillcuidiú daoine óga a fháil. Is as sin a tháinig coincheap an tsuímh gréasáin do dhaoine óga a mbeadh eolas inrochtana faoi sheirbhísí Tusla air.

Bhí daoine óg i lár an aonaigh an t-am ar fad nuair a tháinig sé d'fhorbairt an tsuímh. Chuidigh mic léinn ón Institiúid Ealaín, Deartha agus Teicneolaíochta (IEDT) i nDún Laoghaire le dearadh an tsuímh agus leis na hábhair meán, chomh maith.

Ní bheadh ChangingFutures.ie ann murach an cruthaitheacht, an díograisí, an paisean agus an nuálaíocht a bhí laistigh den ghrúpa daoine óga seo. Léiriú iad na daoine óga seo ar daoine óga go léir, daoine óga iontacha, a dhéanann Tusla freastal orthu.

2.4. An Rannóg um Rialáil ar Sheirbhísí Leanaí

Tá ról tábhachtach ag an Rannóg um Rialáil ar Sheirbhísí Leanaí (RuRaSL) d'fhoillcuidiú na seirbhísí do leanaí a chur chun cinn agus a chosaint. Cinntíonn RuRaSL go bhfuil na seirbhísí seo cláraithe agus go ndéantar cigireacht agus monatóireacht orthu. Tugann an méid sin faoiseamh do thuismitheoirí agus don phobal go bhfuil na seirbhísí ag comhlíonadh a ndualgas reachtach agus rialála. Le forbairt an RuRaSL in 2019, tháinig líon forbairtí tábhachtacha chun cinn maidir le ceanglais reachtúla rialála. Áirítear leis seo, tús a chur le straitéis rialála d'fhoillcuidiú comhtháiteacht agus ailíniú a chinntiú i ngach fearann feidhmíochta d'fhoillcuidiú go mbeidh seirbhísí ag síor-fheabhsú agus d'fhoillcuidiú go ndéanfar bainistíocht ar fheidhmíocht. Seo a leanas achoimre de na gaiscí a baineadh amach ón gcúig fhearainn atá faoi stiúir na Rannóige Rialála do Sheirbhísí Leanaí:

Rannán Cigireachta na Luathbhlianta

Déanann Rannán Cigireachta na Luathbhlianta cigireacht ar réamhscoileanna, grúpa spraoi, naíonraí, naíolanna, ionaid chúram lae agus seirbhísí comhchosúla a dhéanann freastal ar leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois. Is é ról an Rannáin monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán an chúraim agus na tacaíochta a fhaigheann an leanbh sna háiseanna luathbhlianta i gcomhréir leis na rialachán ina leith. Seo a leanas a buanna a ghabhann le rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí luathbhlianta: leanaí a chosaint roimh chleachtais a d'fhéadfaidís dochar a dhéanamh, cinntiú go bhfuil íoschritéir cúram i bhfeidhm, tacú le neadú chaighdeán cháilíochta i gcleachtas, cinnteacht a thabhairt do thuismitheoirí go bhfuil bunchaighdeán seasmhach ag baint leis na seirbhísí agus critéir a fhorbairt ionas go mbeidh soláthróirí seirbhísí in ann a gcuid seirbhísí féin a fhorbairt, a fheabhsú agus a chaomhnú.

In 2019, tháinig próiseas sainithe cruinn ar an bhfód d'fhoillcuidiú ath-chlárú na seirbhísí luathbhlianta go léir a éascú. Leann an Rannán leis an Creat Cáilíochta agus Rialála (CCR) a chur i bhfeidhm. Bunaíodh struchtúr sainithe cruinn i gcomhair na cigireachta agus chinntigh sin go raibh tuiscint mhaith ann ar an gcreat agus na riachtanais ag bhí ag dul leis.

I dteannta an méid seo, d'éirigh le Rannán Cigireachta na Luathbhlianta na nithe seo a leanas a bhaint amach, i gcomhréir le **Cuspóir Straitéiseach 2 den Phlean Gnó 2019**:

- Tabhairt faoi taighde ar rialáil feighlithe leanaí i ndlínsí eile d'fhoillcuidiú eolas a bhailiú ina leith don todhchaí agus don treo a rachaidh Éire;
- Forbairt phrótacal cumarsáide leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le seirbhísí nó daoine atáthar ag moladh baint den glár náisiúnta;
- Forbairt agus cur i bhfeidhm próiseas sainithe agus lárnaithe d'fhoillcuidiú ath-chlárú gach seirbhísí chuig a éascú i gcomhréir leis na rialacháin luathbhlianta;



Lucht cruthaithe óg ChangingFuture.ie ag lainseáil oifigiúil an tsuímh gréasáin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

- Comhlíonadh athchlárú na seirbhísí luathbhlianta ar fad a bhí orthu déanamh amhlaidh roimh an 31 Nollaig 2019, an spriodhata reachtúil;
- Tús curtha le cur i bhfeidhm an Creat Cáilíochta Rialála san earnáil luathbhlianta le tuiscint leathan a bhunú agus a chinntiú i dtaca leis an gcreat agus na riachtanais atá ag dul leis;
- Tugadh faoi comhairliúchán le tuismitheoirí a bhfuil a leanaí ag freastal ar sheirbhísí luathbhlianta d'fhonn a bhfuil siad a súil leis agus a bhfuil uathu ón Rannán a thuiscint.

An Rannán Rialála do Sheirbhísí Leanaí in Aois Scoile

In 2019, d'fhorbair an Rannán Rialála do Sheirbhísí Leanaí in Aois Scoile próiseas sainithe agus cruinn, struchtúr agus córas d'fhonn clárú na seirbhísí ábhartha go léir a éascú i gcomhréir leis na rialacháin nua do sheirbhísí leanaí in aois scoile. Cláraíodh 390 seirbhísí leanaí in aois scoile ar an iomlán, seirbhísí neamhspleácha aonair a bhí in 336 acu agus seirbhísí comhnasctha a bhí in 54 acu.⁸ Chuir foireann an Rannáin clár cláraithe nach raibh bunaithe ar chigireacht ar bun do sheirbhísí chúram leanaí in aois scoile, gealltanais ab ea é seo faoi **Chuspóir Straitéiseach 2** den **Phlean Gnó 2019**.

An Rannán Rialála do Sheirbhísí Leanaí – An tSeirbhís Chigireachta agus Monatóireachta don Chúram Malartach (SC₂MdCM)

In 2019, d'fhorbair an tSeirbhís córas téamach nua do chuairteanna cigireachta. Thug an méid seo tuiscint níos fearr do sholáthróirí chúram cónaithe leanaí neamh-Stát maidir lena gcuid dualgas. Ina theannta sin, d'fhorbair an tSeirbhís múnla cigireachta d'fhonn caighdeán náisiúnta na n-ionad cónaithe leanaí, arna fhoilsiú ag HIQA in 2018, a léiriú. Rinneadh an fhoireann sé iniúchta ar ghníomhaireachtaí cúram altrama príobháideacha neamh-Stát. Rinneadh iniúchadh freisin ar sé chinn de ghníomhaireachtaí cúram altrama príobháideacha.

I dtaca le hionad cónaithe neamh-Stát, cláraíodh 130 ionad agus rinneadh cigireacht ar 128 de na hionaid sin.

An Rannán Rialála do Sheirbhísí Leanaí – Clárú agus Measúnú don Oideachas Malartach

In 2019, threisigh an Fhoireann Cláraithe agus Measúnaithe don Oideachas Malartach an próiseas do chlárú scoileanna neamhspleácha i gcomhréir le moltaí reachtacha reatha agus earcaíodh breis Oifigigh Measúnaithe don Oideachas Malartach dá bharr. Gealltanais ab ea iad seo faoi **Chuspóir Straitéiseach 2** den **Phlean Gnó 2019**.

Threisigh an tSeirbhís rialachas agus córais tacaíthe na Foirne Oideachais Mhalartaigh trí creat cigireachta tacaíochta a fhorbairt i gcomhréir le hAlt 14 den Acht Oideachais (Leas) 2000, d'fhonn cuidiú le measúnú a dhéanamh ar an íoschritéir oideachais. Treisíodh freisin an próiseas cláraithe don earnáil scoile neamhspleách d'fhonn a chinntiú go raibh sí ag cloí le forálacha reachtacha reatha. Mar thoradh ar an earcú d'Oifigigh bhreise Measúnaithe Oideachais Mhalartaigh, rinneadh leathadh ar an bpainéal measúnaithe seachtrach.

Bhí 1,495 leanaí ar Chlár na Scolaíochta Baile agus fuarthas 617 iarratais nua don chlár. In 2019, rinneadh 301 measúnaithe, baineadh 183 leanaí den chlár agus diúltaíodh 20 leanaí a chlárú; fuarthas seacht n-achomhaire ina leith seo.

Ráiteas ar Chosaint Leanaí – Aonad Géilliúlachta

Chuir an tAonad Géilliúlachta maidir leis an Ráiteas ar Chosaint Leanaí sraith tograí i bhfeidhm d'fhonn tacú le hionaid cloí leis na ceanglais maidir leis an Ráiteas ar Chosaint Leanaí. D'fhorbair an tAonad plan cúig bhliana d'fhonn Clár neamhghéilliúlachta Túsait do Leanaí (Plean Corparáideach 2.5.1) a chruthú. Faoi dheireadh 2019, fuarthas 715 ráitis, bhí 685 comhlíontach agus bhí 30 cinn eile ag obair i dtreo comhlíonta; eisíodh 57 fógra forfheidhmithe i dtaca le heaspa comhlíonta

2.5. Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT)

Seirbhís náisiúnta í Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) a bhfuil an freagracht reachtúil uirthi d'fhonn a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil nó mura bhfreastalaíonn go bhfuil sé/sí ag fáil leibhéal bonn oideachais. Tá an tSeirbhís seo déanta suas den Rannán um Sheirbhísí Leasa Oideachais agus den Rannán um Sheirbhísí Críochnaithe Scolaíochta. Tá an dá an Rannán seo lonnaithe i scoileanna a bhfuil stádas DEIS bainte amach acu den chuid is mó.

Sonraíodh i bPlean Gnó 2019 gealltanais na Seirbhísí Leasa Oideachais (SLO) athbhrandáil a dhéanamh ar an tSeirbhís d'fhonn spotsolas a chur ar na tacaíochtaí chomhtháite a sholáthraítear trí thrí shruth sheirbhíse dá gcuid – an tSeirbhís Leasa Oideachais; an Scéim Teagmhála do Phobal na Scolaíochta Baile agus an Clár Críochnaithe Scolaíochta. Oibríonn na trí seirbhísí seo le leanaí, le daoine óga, le tuismitheoirí, le scoileanna agus le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh d'fhonn tinreamh agus rannpháirtíocht feabhsaithe a bhaint amach, chomh maith le spreagadh a thabhairt dóibh coinneáil suas lena gcuid scolaíochta.

Rinneadh athbhrandáil ar SLO mar STOT (Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla). Bhí os cionn 150 leanaí, daoine óga, tuismitheoirí, scoileanna agus baill foirne páirteach sa phróiseas athbhrandála d'fhonn a chinntiú go mbeadh a gcuid úsáideoirí sásta leis an ainm nua agus go mbeadh sé ionadaíoch ar na seirbhísí a sholáthraítear ann. Lainseáladh an branda nua ag Teach an Ard-Mhéara ar Shráid Dawson. Bhí os cionn 400 daoine i láthair; lena n-áirítear daoine gairmiúla, scoileanna, tuismitheoirí agus leanaí, d'fhonn an t-ainm nua a thaispeáint agus ceiliúradh a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tSeirbhís.

Lena chois sin, bhí Feachtas Náisiúnta Dea-Thinrimh do Scoileanna ag STOT i rith mí na Samhna d'fhonn spreagadh a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do scoileanna d'fhonn cur in iúl dóibh a thábhachtach is atá sé freastal ar an scoil ar bhonn rialta. Ghlac os cionn 1,900 scoileanna páirt san fheachtas seo.

In 2019, baineadh amach roinnt gealltanais bhreise a luadh sa **Phlean Gnó 2019** faoi **Chuspóirí Straitéiseacha 5 agus 6**, lena n-áirítear:

- Tacaíocht leanúnach do scoileanna DEIS trí oiliúint bhreise a chur ar fáil do chomhordaitheoirí scolaíochta baile sna scoileanna seo;
- Cur i bhfeidhm gnímh phleanáilte d'fhonn an t-éileamh ar sheirbhís STOT a bhainistiú;
- Cuireadh i bhfeidhm an creat iontógála críochnaithe scolaíochta go náisiúnta;
- Soláthar leanúnach den chlár leanúnach oiliúna gairmiúla d'fhonn scoileanna baill foirne a fhorbairt d'fhonn bheith in ann freagairt ar riachtanais.

Thairis sin, soláthraíodh Comhordaitheoirí Scolaíochta Baile do 30,000 tuismitheoirí, d'oibrigh Oifigigh Leasa Oideachais Stát le 6,100 daltaí agus chuir an Clár Críochnaithe Scolaíochta tacaíocht ar fáil do 26,000 spriodhataí.



⁸ Seirbhís a bhunaítear ar áitreabh seirbhíse luathbhlianta cláraithe eile a gcuirtear ar Sheirbhís comhnasctha.



Lainseáil STOT (Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla) ag ócáid ag Teach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath. Lainseáladh an Feachtas Náisiúnta Dea-Thinreamh do Scoileanna, a raibh beagnach 2,000 scoileanna ar fud na hÉireann páirteach ann, chomh maith.

2.6. Seirbhísí Foréigean baile, Foréigean gnéis agus Foréigean bunaithe ar an inscne (Seirbhísí FB-FG-FI)

Is é ról Sheirbhísí FB-FG-FI bheith i gceannas ar chur chuige comhordaithe cúram agus cosanta íospartaigh an fhoréigin bhaile, ghnéis agus bunaithe ar an inscne, lena n-áirítear íospartaigh aosach agus aosaigh a tháinig slán as foréigean, mar aon le leanaí agus a dteaghlaigh. Chun na críche seo, coimisiúnaíonn an Gníomhaireacht beagnach 60 eagraíochtaí soláthraithe seirbhísí speisialta sa phobal agus san earnáil dheonach d'fhonn seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'íospartaigh agus do dhaoine a tháinig slán as an bhforéigean baile, gnéis agus bunaithe ar an inscne. As na eagraíochtaí seo:

- Sholáthraigh 22 cinn acu tearmann práinneach nó lóistín sábháilte mar bhall ar thacaíochtaí pobalbhunaithe eile do mhná agus do leanaí, arbh íospartaigh an fhoréigin bhaile iad;
- Sholáthraigh 21 acu seirbhísí pobalbhunaithe do mhná, do leanaí agus d'fhir, arbh íospartaigh an fhoréigin bhaile iad;
- Sholáthraigh 16 cinn acu seirbhísí pobalbhunaithe do mhná, d'fhir agus do leanaí níos aosta, arbh íospartaigh an fhoréigin ghnéis iad.

Ar an iomlán, sholáthraigh an 22 eagraíochtaí soláthraithe lóistín práinneach 155 aonaid teaghlaigh lóistín, as sin tearmann práinneach a bhí in 145 acu agus lóistín sábháilte a bhí i 10 gcinn acu.

Bhí Ionad Tearmainn na mBan Ráth Maoinis as úsáid mar láthair tearmainn ar bhonn sealadach. De ghnáth soláthraítear naoi n-aonaid lóistín do mhná agus do theaghlaigh ann. Mar sin féin, úsáideadh an tIonad ar chúinsí eile i gComhpháirtíocht le Feidhmeannas Réigiúnach an Easpa Dídine do Bhaile Átha Cliath i rith na bliana d'fhonn lóistín a sholáthar do mhná gan dídean. Bhí meánráta áitíochta 23 in aghaidh na hoíche i rith na tréimhse seo. Rinne Tusla cinneadh cur chuige coimisiúnaithe an tearmainn a athrú ó choimisiúnú inmheánach go coimisiúnú seachtrach agus leis sin aistríodh an tearmann don earnáil dheonach sa dara leath de 2019.

In 2019, baineadh amach roinnt gealltanais faoin **bPlean Gnó 2019**, gealltanais a bhain le **Cuspóir Straitéiseach 1**, lena n-áirítear::

- I gcomhpháirt le páirtithe leasmhara, Dul chun cinn a dhéanamh maidir le soláthar lóistín práinneach agus tearmainn go náisiúnta, mar aon le cur i bhfeidhm leanúnach de sheirbhísí idirghabhála agus pobalbhunaithe d'íospartaigh an fhoréigin bhaile a aithníodh trí phróiseas anailíse (mar aon le soláthar do leanaí, daoine ó chúlra eitneacha mionlacha agus don phobal LGBTQI+);
- Foilseachán na dtuarascálacha gníomhaíochta bliantúla do 2016, 2017 faoi chéad ráithe 2019, agus 2018 faoin dara ráithe de 2019, agus soláthar anailíseach de na hacmhainní iomlána atá ar fáil d'eagraíochtaí na hearnála FB-FG-FI;
- Feabhsú ar shofheictheacht agus inrochtaineacht sheirbhísí na Líne Cabhrais Náisiúnta don Fhoréigin Bhaile agus Ghnéis;
- Rochtain feabhsaithe ar sheirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéis trí sheirbhísí a leathadh d'áiteanna a bhfuil ganntanas seirbhísí ar fáil, le fócas ar fhreagra a thabhairt ar riachtanais agus seirbhísí coisctheacha;
- Dul chun cinn sa phleanáil straitéiseach do sheirbhísí FB-FG-FI.

Tharla roinnt forbairtí suntasacha eile, i dteannta an méid thuas, lena n-áirítear:

Maoiniú: Méadaíodh an maoiniú do sheirbhísí FB-FG-FI ar an iomlán faoi 6.6% nó beagnach os cionn €25.3 milliún in 2019, d'fhonn cloí le riachtanais na hÉireann faoin gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Foréigean i gcoinne na mBan agus an Foréigean Baile a Choisc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbul), a daingníodh in Márta 2019. Méadú maoinithe 10% don 16 seirbhísí foréigin baile a tháinig as seo.

Ceisteanna Oireachtais: Bhí suim leanúnach agus ollmhór i réimse soláthar seirbhísí FB-FB-FI agus fuarthas os cionn 90 ceisteanna seachtracha, aighneachtaí agus fiosrúcháin ó na meáin, ina leith.

Coimisiúnú Forbairtí: Cuireadh dhá thuarascáil faoi bhráid Tusla in 2019 a bhain le hanailís riachtanais foréigin ghnéis a tugadh faoi in 2018; do chontaetha na teorann (Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán agus Lú) agus do na contaetha lár tíre (Ros Comáin, Longfort, an Iarmhí, an Mhí, Laois agus Uibh Fhailí). Bunófar an phleanáil curtha i bhfeidhm do 2020 ar na moltaí as d'eascair as na tuarascálacha seo. Tá gnímh FB-FG-FI curtha le roinnt de na Pleananna Leanaí agus Óige CdSdL7DÓ do 2020 ar aghaidh.

Ag an am céanna, lean an phleanáil curtha i bhfeidhm ar aghaidh in Iarthar Chorcaí. Rinneadh breis oibre scópála neamhspleách i gcomhpháirt le roinnt gníomhaireachtaí maoinithe d'fhonn féidearthachtaí i leith mhúnla scaipthe comhairleoireachta foréigin ghnéis d'úsáideoirí seirbhísí in Iarthar Chorcaí a chur ar bun. Beidh tionchar aige seo ar phleanáil do cheantair eile, ceantair ina bhfuil an daonra scaipthe go mór nó ina bhfuil sé an-deacair teacht ar dhaoine ar chúinsí eile.

Rinne Tusla coimisiúnú ar thaighde maidir le soláthar seirbhísí foréigin ghnéis do dhaoine óga sna hIonaid Ghéarchéime Éignithe. Thug Ollscoil Chathair Átha Cliath faoin taighde seo agus seoladh tuarascáil ina leith chuig Tusla i Nollaig 2019. Foilseofar torthaí an taighde go poiblí in 2020.

Thug Tusla faoi athbhreithniú straitéiseach den soláthar lóistín do dhaoine a fhulaingíonn de bharr foréigean baile chun plean coimisiúnaithe a ullmhú as seo amach ionas go mbeidh soláthar na seirbhísí seo ann agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí na seirbhísí seo agus ar cheanglais na hÉireann faoi Choinbhinsiún Iostanbul maidir le soláthar spásanna tearmainn. Tá fócas náisiúnta ag an athbhreithniú seo agus déanfar measúnú sonrach ar mhórchéantair Bhaile Átha Cliath, chomh maith. Tá an t-athbhreithniú á thabhairt faoi i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara, mar aon le comhoibriú tras-Rialtas agus rannpháirtíocht ó úsáideoirí seirbhíse.

Críochnaíodh léirmheas litríochta cuimsitheach inar cíoradh staid agus comhthéacs dlíthiúil na hÉireann agus an cleachtas idirnáisiúnta sa cheathrú ráithe de 2019. Thosaigh obair na

bpáirtithe leasmhara i leith an athbhreithnithe ar lóistín do dhaoine a d'fhulaing foréigean baile i Nollaig 2019. Foilseofar tuarascáil ina leith in 2020.

Chonacthas forbairtí suntasacha sna seirbhísí tosaigh in 2019, lena n-áirítear:

Forbairtí seirbhíse termáin: Osclaíodh tearmann nua a bhfuil lóistín do chúig theaghlaigh ann sa cheathrú ráithe de 2019. Ag Tearmann Mhná Saoirse i Ráth Chúil, Co. Áth Cliath an tearmann seo. Leanadh leis an bhforbairt ar áis tearmainn athchóirithe do *Cope* i nGaillimh, freisin..

Forbairtí idirghabhála don fhoréigean baile: Le linn 2019, forbraíodh seirbhísí idirghabhála tuilleadh. Tá na seirbhísí seo dírithe ar thacaíocht pobalbhunaithe d'íospartaigh d'fhonn go mbeidís slán sábháilte agus d'fhonn rochtain thíreolaíoch níos fearr ar sheirbhísí a chinntiú. Tá forbairtí breise ag dul ar aghaidh sna ceantair seo a leanas: Co. na Gaillimhe, Co. Cheatharligh, Oirthear/Tuaisceart Co. Chorcaí, Co. Chill Mhantáin, Co. Áth Cliath (Ceantair Fhine Gall/Bhaile Brigín). Beidh 11 oifigigh idirghabhála in áit faoi dheireadh 2019, dá bharr. Cuireadh tús le próiseas coimisiúnaithe d'fhonn seirbhís idirghabhála a bhunadh do Dhún Laoghaire agus Ráth an Dúin, chomh maith. .

Seirbhísí do Leanaí in 2019: Thacaigh comhordaitheoir náisiúnta do chlár fhoréigin bhaile leanaí, a bunaíodh i gcomhpháirt le Barnardos in 2018, le forbairt freagraí fianaise-bhunaithe do leanaí a fhulaingíonn foréigean baile. Bunaíodh Pobal dea-cheachtas sa réimse seo i ndiaidh ceardlanna a reáchtáladh sa tríú ráithe de 2019..

Clár Chneasaithe do Leanaí: Tá gníomhaíochtaí sa réimse seo dírithe ar thrí shruth; soláthar na gclár, gníomhú agus ullmhúchán sna réimsí nach raibh ann do chlár cheana (amhail grúpa idir-ghníomhaireachta a bhunadh); agus oiliúint (oiliúint curtha ar 65 daoine sa ghairm cheana agus liosta feithimh ann dóibh a bhfuil breis oiliúna uathu). Bhí ar a laghad Clár Cneasaithe amháin (*TLC Kidz*) sna ceantair seo a leanas in 2019: Tiobraid Árann Thuaidh, Ceatharlach, Port Láirge, Tiobraid Árann Theas, Loch Garman, Luimneach-an Clár – agus bhí obair

3. Ag tacú leis an soláthar seirbhísí

Sa chuid seo, tabharfar cuntas ar obair agus ar ghaiscí na seirbhísí tacaíochtaí, lena n-áirítear; Rannóg na gCoimisiúnaithe, Acmhainní Daonna, Rannóg an Airgeadais, An Rannóg Dlíthiúil, Rannóg na Teicneolaíochta, Seirbhísí Corparáideacha (Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Sonraí, Foghlaim agus Oiliúint Foirne), Cumarsáid, Pleanáil Gnó agus Straitéiseach, Clár bhainistiú, Bearta agus Taighde.

3.1. Rannóg na gCoimisiúnaithe

Cintíonn Rannóg na gCoimisiúnaithe go gcuirtear na hacmhainní do leanaí agus do theaghlaigh i gcrích ina n-iomláine ar an mbealach is éifeachtaí, is cothroime, is ionadaí agus is inmharthana..

In 2019, chuir Straitéis Choimisiúnaithe Tusla 2019-2023 le breis forbairtí i réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear Tairseach na gCoimisiúnaithe. D'fhoilsigh Aonad na gCoimisiúnaithe bosca uirlisí a fheidhmíonn ar phointe thagartha agus mar uirlis oiliúna, araon. Tugann an uirlis coimisiúnaithe tríd an tsraith choimisiúnaithe ó thús go deireadh. Tá duillín anois ar an tsuíomh i gcomhair Children First, mar aon le duillín do ghearáin. Tá cumais chlónála aige freisin agus laghdaíonn an méid seo an méid ama a chaitear ag clóscríobh agus an baol ar dhúbláil. Éascaíonn sé doiciméad a shíniú leis an tsíniú leictreonach

(nó e-síniú) agus tá áit uaslódála ann i gcomhair cáipéisíochta rialachais. D'fhostaigh Aonad na gCoimisiúnaithe 17 Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh Pobail, lonnaithe in Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IATanna) agus aillínithe le seirbhísí Tusla an cheantair áitiúil.

In 2019, dháil Aonad na gCoimisiúnaithe amach maoiniú breise ar luach €1.5m don Chlár Ionad Acmhainní do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail Náisiúnta agus dáileadh €580,000 ar 22 ionaid acmhainní teaghlaigh d'fhoill cuidiú leo freastal ar riachtanais leanaí. Lean tAonad lena mhaoiniú ar luach €100,000 é don Tionscnamh Meabhairshláinte FSS-TUSLA-IAC, a d'fheabhsaigh acmhainní na bpobal d'fhoill freastal ar riachtanais daoine a bhfuil deachrachtaí meabhairshláinte acu. Fuair teaghlaigh agus leanaí rochtain ar comhairleoireacht shaor in 85 IATanna agus 146 eagraíochtaí deonacha timpeall na tíre.

ullmhúcháin ar siúl sna ceantair seo: Cill Dara, an Mhí, Ciarraí, Cill Chainnigh, Lú, Baile Átha Cliath, Laois, Áth Luain agus Gaillimh. Fuarthas breis maoinithe tríd an gCiste Inniúlachta Sóisialta Éireann ina leith. Fuarthas an luach céanna maoinithe is a sholáthraigh Tusla don chlár, rud a cheadaigh earcú comhordaitheoirí páirtaimseartha do thrí cheantair.

Tacaíocht do Leanaí i dTearmann: Faoi dheireadh 2019, bhí ar a laghad oibrí tacaíochta leanaí tiomanta amháin do gach termann agus bhí beirt oibrithe tacaíochta leanaí pobalbhunaithe le déileáil le leanaí a fhulaingíonn foréigean baile.

Forbairtí sna Seirbhísí Foréigin Ghnéis:

Tháinig méadú suntasach ar an éileamh do sheirbhísí foréigin ghnéis le linn 2019. Bhí tionchar an-mhór ag cásanna móra éignithe agus an ghluaiseacht #MiseFosta ar an éileamh méadaithe. Soláthraíodh acmhainní breise arbh fhiú 10% iad do gach seirbhís tacaíochta géarchéime éignithe/foréigin ghnéis d'fhoill soláthar comhairleoireachta agus idirghabhála a shíneadh. An t-am a chaitear ar liostaí feithimh a laghdú agus rochtain níos ar fearr ar sheirbhísí a sholáthar, ba chúis leis an maoiniú breise seo.

Soláthraíodh breis acmhainní comhairleoireachta (trí idirghabháil uaireanta) sna ceantair a leanas: Baile Átha Cliath, Tiobraid Árann, Áth Luain, Tulach Mhór, Cill Chainnigh, Corcaigh, Ceatharlach, Cill Dara, Luimneach, Dún na nGall, Muineachán agus Maigh Eo. Cuireadh forbairtí breise in áit don chomhairleoireacht óige i nGaillimh agus i Loch Garman. Ceapadh comhordaitheoir ar an Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (ACIG) i bPort Láirge. Tosaíodh ar an obair d'fhoill grúpaí tacaíochta a fhorbairt do dhaoine a tháinig tríd an bhforéigean gnéis i roinnt seirbhísí.

Seirbhísí don Lucht Taistil agus do na

Roma: Lean an fhoireann FB-FG-FI lena cuid oibre le Pavee Point, an eagraíocht tacaíochta don Lucht Taistil agus do na Roma, ar thogra píolótach

d'fhoill freagraí dírithe a fhorbairt i leith an fhoréigin bhaile i bpobal an lucht taistil. Bhí an togra ar bonn ina iomláine i gceithre ceantair in 2019 agus bhí Oibrí Foréigin Bhaile Lucht Taistil ceaptha laistigh d'fhoill sláinte príomha Lucht Taistil sna ceantair a leanas: Ceatharlach, Cill Mhantáin, Fine Gall agus Corcaigh. Bunaíodh grúpa comhairleach d'fhoill tacú leis an síor-fhoghlaim agus tógáil acmhainní agus d'fhoill treochtaí i bhforéigean baile agus ghnéis i measc an Lucht Taistil agus i bpobal na Roma a fhorbairt. Reachtáladh comhdháil d'fhoill ceisteanna an fhoréigin bhaile agus ghnéis a phlé le muintir an Lucht Taistil agus na Roma go díreach sa tríú ráithe de 2019. D'fhreastal os cionn 80% de na pobail seo ar an ócáid. Lean Tusla ag soláthar tacaíochta don tionscnamh do Mhná Roma, soláthraíodh an tacaíocht trí Sheirbhís Óige Dheoise Fhearna.

An Tionscnamh Manuela: Leanadh le cur i bhfeidhm an tionscnaimh AE-maoinithe Manuela le linn 2019. Seo clár foréigin ghnéis coisctheach bunaithe ar fhianaise atá dírithe ar comhthoiliú. Is é Tusla an phríomhghníomhaireacht i leith an tionscnaimh. Faoi dheireadh 2000, bhí páirt glactha ag daoine óga idir 15 agus 17 bliana d'aois ó 58 scoileanna éagsúla sa tionscnamh. Tá measúnú an tionscnaimh le soláthar le linn 2020, agus tá an chosúlacht air go mbeidh dea-thorthaí ag teacht as. Críochnóidh céim reatha an tionscnaimh i Márta 2020 agus tiocfaidh deireadh leis an sruth maoinithe AE ag an bpointe sin, chomh maith. Tá Seirbhísí FB-FG-FI ag breathnú ar fhéidearthachtaí don síneadh chéim amháin eile a chur leis an tionscnamh ar mhaithe le clár leasaithe a thriail bunaithe ar an méid a foghlaimíodh le linn na Chéad Céime. Thug Tusla faoi obair ar an athbreithniú a rinneadh ar an gcuiraclam PDST in 2019 d'fhoill a chinntiú go gcuideoidh an tionscnamh Manuela obair coisctheach inmharthana le daoine óga a chinntiú.



Aiseolas agus Comhoibriú ar bun ag Ócáid Chomhairliúcháin Tusla do Pháirtithe Leasmhara na bPleananna Coimisiúnaithe ag Ionad Ché an Adhmaid i mBaile Átha Cliath.

D'éirigh leis an Aonad Coimisiúnaithe roinnt gnímh a chomhlánú de réir an **Phlean Ghnó 2019** faoi **Chuspóirí Straitéiseacha 1, 3 agus 4**, lena n-áirítear:

- Comhlánaíodh an tuarascáil ar na hacmhainní maoinithe iomlána ar fáil do IATanna;
- Chinntigh monatóireacht leanúnach ar chruinnithe agus géilliúlacht i leith eagraíochtaí maoinithe go bhfuil fianaise doiciméadach ann go bhfuil ionaid ag cloí lena ndualgais rialachais, airgeadais agus soláthair seirbhíse agus gur bhfuarthas na torthaí is fearr agus luach ar airgead.
- Thug gach ceantar faoi oiliúint choimisiúnaithe agus tá plean coimisiúnaithe in áit i ngach ceann acu.
- Cinntíodh breis tacaíochta d'fhonn acmhainní a mhéadú don phobal agus d'eagraíochtaí deonacha a fhaigheann maoiniú Tusla.
- Tá gach eagraíocht Ailt 56 anois ag baint úsáide as an tairseach choimisiúnaithe IT.
- Poiblíocht leanúnach don tionscnamh náisiúnta mol sonraí (Better Outcomes) de chuid na Roinne

Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Tusla, faoin dTogra Méadaithe Cáilíochta agus Acmhainní (TMCA) agus úsáid an stóir sonraí staitistiúil.

- Cuireadh plean curtha i bhfeidhm cuimsitheach i dtoll a chéile; le sruthanna oibre agus fo-shruthanna oibre deifínideacha agus intomhaiste.

Coistí do Sheirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CdSL7DÓ)

Struchtúr fhíorthábhachtach atá sna Coistí seo, iad roghnaithe ag an Rialtas d'fhonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga a phleanáil agus a chomhordú i ngach contae in Éirinn. Is é an príomhchuspóir torthaí do leanaí agus do dhaoine óga a fheabhsú trí comhoibriú a chomhordú idir gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta.

In 2019, bhí 27 Coistí do Sheirbhísí Leanaí agus Daoine Óga ag feidhmiú ina n-iomláine. Tá gach contae in Éirinn clúdaithe ag an bhfigiúr sin agus tacaíonn Comhordaitheoir Coistí tiomanta lena gcuid oibre. Faigheann an líonra seo tacaíocht ón Oifig Náisiúnta do na Coistí. Tá an Oifig seo lonnaithe laistigh d'Aonad Coimisiúnaithe Tusla.

Lainseáladh fiseán nua de chuid na gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) chun tacú le feachtas agus tuiscint níos mó ar mhúnla náisiúnta oibre idirghníomhaíochta CSLDÓ, agus chun tacú le rannpháirtíocht níos mó in CSLDÓ ag gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus ranna rialtais.

Trí phleananna gníomhaíochta sonraithe, chuir CSLDÓ i gcrích comhordú agus soláthar gníomhaíochtaí comhoibríocha bunaithe ar fhianaise do leanaí agus daoine óga ina gcontae idir 0 agus 24 bliana d'aois sna téamaí sláinte, oideachas, sábháilteacht, slándáil eacnamaíoch agus rannpháirtíocht, le comhpháirtithe ón earnáil, an earnáil pobail agus an earnáil dheonach.

Lainseáil RLGÓ CSLDÓ: Léargas Comhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile 2019–2024 (CYPSC: *Shared Vision Next Steps 2019–2024*). Bhí comhordaitheoir náisiúnta CSLDÓ agus dhá chomhordaitheoir áitiúla CSLDÓ ina mbaill de mheitheal tasc RLGÓ chun an acmhainn forfheidhmithe seo a fhorbairt agus a thabhairt chun críche. Thionscain CSLDÓ freisin 142 chlár um Éire na Sláinte agus 33 thionscadal um Meabhairshláinte Phobail.

D'éirigh le CSLDÓ freisin gníomhaíochtaí **Phlean Ghnó 2019** a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 1**, lena n-áirítear a leanas:

- Lean feabhsú cáilíochta phleananna CSLDÓ ar aghaidh i rith 2019 le 13 (48%) de Phleananna Leanaí Daoine Óga (PLDÓ) CSLDÓ athbhreithnithe in 2019 agus 10 (37%) PLDÓ CSLDÓ curtha i gcrích go rathúil faoi dheireadh na bliana;
- Daingníodh cuir chuige CSLDÓ i leith pleanáil agus comhordú tacaíochtaí tuismitheoireachta ag leibhéal áitiúil, le 50% de phleanáil agus comhordú ar thacaíocht tuismitheoireachta CSLDÓ ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, tá coiste stiúrtha CCTT Tusla comhtháite mar foghrúpa CCTT ag 17 (63%) CSLDÓ, mar a threoraíonn RLGÓ.



An tOllamh Anne O'Gara, an Leas Chathaoirleach, TUSLA, ag lainseáil an Eolaire CdSL7DÓ do Bhaile Átha Cliath. An chéad cheann dá chineál, soláthraíonn an t-eolaire eolas agus sonraí teagmhála d'os cionn 5,000 seirbhísí leanaí agus teaghlaigh i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

3.2. Acmhainní Daonna

Is é atá i Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna Tusla an iomad feidhmeanna agus foirne ag obair le chéile ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chun tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí agus fostaithe araon laistigh de TULSA - an Gníomhaireacht um Leanai agus an Teaghlach.

Tacaíonn ár seirbhísí Corparáideacha Tacaíochta Gnó le gach roinne AD Tusla go réigiúnach ar pholasaithe agus nósanna imeachta náisiúnta, ag cinntiú go bhfuil comhsheasmhacht ann maidir le chur chuige agus rialáil de réir an chleachtais is fearr in acmhainní daonna.

Tugann seirbhísí um Earcaíocht agus Bainistiú Tallainne faoi chleachtais shábháilte earcaíochta agus roghnúcháin chun riar ar riachtanais na Gníomhaireachta um sholáthar acmhainní. Bímid i dteagmháil go réamhghníomhach le hinstiúidí tríú leibhéal chun an caidreamh le mic léinn reatha a neartú agus an próiseas socrúcháin a fheabhsú iad agus Tusla.

In 2019, sháraigh Earcaíocht Tusla de mhórán a sprioc earcaíochta, 489, le 780 ceapachán san iomlán faoin 31 Nollaig.

Go háirithe, bhí méadú mór i nglanóthachan oibrithe sóisialta in 2019 i gcomparáid le blianta roimhe sin, a chuirtear síos do mhéaduithe in aschuir earcaíochta agus laghduithe sa ráta athraithe foirne. Mhéadaigh obair shóisialta de 139 gcoibhéis lánaimseartha ó thús 2014, le 97 gcoibhéis lánaimseartha in 2019 amháin.

In 2019, rinne Earcaíocht agus Bainistiú Tallainne anailís ar úsáid foirne gníomhaireachta agus thionscain clár tiontaithe le haghaidh croíghráid ar an líne thosaigh chun cobhsaíocht agus

leanúnachas a chur ar fáil do na teaghlaigh agus na leanai laistigh dár seirbhís, leanúnachas fostaíochta d'fhoireann na gníomhaireachta, agus ag an am céanna ár mbonn costais a bhainistiú. Tá an tionscnamh sceidealaithe chun críochnú faoi dheireadh ráithe 1 de 2020.

Cuireann an Clár um Shláinte agus Folláine Fostaithe agus Cabhair d'Fhostaithe ar fáil na gcóras agus na bpróiseas riachtanach chun gach ball foirne a chumasú agus tacú leo barr a gcumais a bhaint amach san ionad oibre agus, mar sin, seirbhís ar ardchaighdeán a bhaint amach.

Bunaíodh an tseirbhís Sláinte Ceirde do Tusla i Márta 2019, le polasaí rochtana a forbraíodh chun ligean d'agaí comhlánaithe maidir le hatreoruithe a fheabhsú, aga comhlánaithe le haghaidh scagthástáil réamhfhostaíochta níos fearr do thosaitheoirí nua, agus próiseas scagthástála réamhfhostaíochta níos fearr chun oiriúnacht chun oibre a mheasúnú.

Is é sprioc Straitéis um Folláine Fostaithe 2019, dar teideal Ionaid Oibre Fholláine 2019, timpeallacht agus cultúr ionaid oibre a thógáil agus a choinneáil a thacaíonn le roghanna folláine stíle beatha. In 2019 fuair an straitéis

seo ainmniúcháin le haghaidh Duais Folláine. Fuaireamar Duais Óir as ucht an chlár 'Gníomhach ag an Obair' trí theagmháil le corradh agus 700 ball foirne.

In 2019 lean an fhoireann um Chaidreamh Fostaithe agus Tionsclaíoch ar aghaidh ag tacú le bainisteoirí líne agus caidreamh fostaithe laistigh de Tusla, agus ag an am céanna ag coinneáil caidreamh dearfach lenár mbaill foirne trí rannpháirtíocht rialta agus leanúnach.

In 2019 forbraíodh a thuilleadh an Plean Straitéiseach Forfheidhmithe Pleanála Lucht Saothair 2019/2020, lenar leagadh amach na príomhghníomhaíochtaí agus gníomhartha a dtabharfar fúthu in 2019 agus 2020. Leis seo cuireadh chun feidhme próisis pleanála lucht saothair isteach sa Gníomhaireachta.

Bhíothas ag iarraidh leis an bplean a chinntiú go bhfuil na daoine cearta leis na scileanna cearta san áit cheart ag an am ceart. Cuirtear síos ann ar rún na Gníomhaireachta athrú thar am ó chur chuige oibríochtúil gearrthearma go dtí cur chuige aibí, ag soláthar pleanáil lucht oibre atá fíorstraitéiseach sna blianta beaga seo ag teacht.



An Gníomhaireacht um Leanai agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Social Work Recruitment Open Day


Tusla has opportunities for:

EXPERIENCED AND GRADUATE SOCIAL WORKERS NATIONWIDE

We are hosting a recruitment open day for qualified social work staff at our head office in **Dublin** on **Friday, June 14th** from **10am**

- Permanent contracts of employment
- Salary scale €40,619 to €59,053
- Opportunities for Continuous Professional Development
- 29 days paid holidays per year

For more information and to register, visit tusla.ie



GUTH DUINE ÓG: SCDL BÁC-THOIR THUAIDH:

"an rud is fearr a tharla dom riamh ná teacht anseo, seo mo bhaile nua"

"Mothaím nár éisteadh liom riamh mar a dhéantar anois"

Imlínítear sa phlean tosaíochtaí chun a chinntiú go meallfaidh agus go gcoinneoidh an Gníomhaireacht lucht saothair cumasach, éifeachtúil agus éifeachtach. In 2019 threoraigh agus d'fhorbair pleanáil lucht saothair seacht réimse fócais trí sheacht bpunann, lena n-áirítear punanna le haghaidh na réimsí seo a leanas: Earcaíocht, Soláthar, Coinneáil, Dearadh Eagraíochtúil, próiseas Pleanála Lucht Saothair, agus Rialachas.

I gcomhar lenár bhfócas inmheánach, leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh ag obair go comhoibríoch le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí, chun tionscnaimh nuálacha lucht saothair a fhorbairt chun acmhainneacht a thógáil.

Faoin bpunann Soláthar, lean AD ar aghaidh le rannpháirtíocht leanúnach le soláthraithe tríú leibhéal agus an Grúpa um Oideachas Oibre Sóisialta chun abhcóideacht a dhéanamh go foirmiúil le haghaidh soláthar oibríthe sóisialta a ardú chun leibhéal céimithe a choinneáil agus a ardú trí thionscnaimh éagsúla. Chomh maith leis sin, chuir Tusla ar fáil scéim sparánachta.

Faoin bpunann Rialachas den Phlean Straitéiseach Lucht Oibre, bunaíodh dhá fhóram rialachais le ról, freagrachtaí agus prótacail chomhaontaithe, leis na grúpaí tuairiscithe ag baint le coinneáil, earcaíocht agus teagmháil tríú leibhéal. Comhaontaíodh méadraigh chun an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach Lucht Oibre a thomhas agus formáid tuairiscithe don Ghrúpa Stiúrtha Lucht Oibre.

D'éirigh le hAcmhainní Daonna freisin gníomhaíochtaí **Phlean Gnó 2019** a chur i gcrích faoi Chuspóir Straitéiseach 6, chomh maith lena bhfuil thuas, lena n-áirítear a leanas:


- Forbairt agus bunú sheirbhísí Sláinte Ceirde Tusla i Márta 2019;
- Forbairt na seirbhíse Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, le Cairt físe don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht laistigh den Gníomhaireacht a lainseáladh ar an Lá Domhanda don Éagsúlacht Chultúrtha, Bealtaine 2019;
- Idirbheartaíocht rathúil agus cur chun feidhme na Seirbhíse Lasmuigh de Ghnáthuaireanta do chúramóirí altrama lenár gcomhpháirtithe foirne;
- Feabhsú breise ar phróisis oibríochtúla chun deiseanna a shainaithint le haghaidh simpliú agus caighdeánú ó dhearcadh an chustaiméara/úsáideora deiridh;
- Feabhsú agus forbairt bhreise ar shonraí AD agus faisnéis bhainistíochta chun tacú le cinntí oibríochtúla agus iad a thiomáint;
- Rannpháirtíocht leanúnach sa Chreat Straitéiseach Náisiúnta do Phleanáil Lucht Oibre Sláinte agus Cúraim Shóisialta chun eolas a dhéanamh do agus tacú le cinntí inmheánacha maidir le húsáid acmhainní.

3.3. Airgeadas

Tacaíonn seirbhísí airgeadais leis an nGníomhaireacht, ag cur ar fáil a seirbhísí go héifeachtach agus laistigh den mhaoiniú leithdháilte, agus tá siad freagrach as oibríochtaí maidir le cuntasáíocht, ciste agus tuairisciú airgeadais na Gníomhaireachta. Tuairiscí airgeadais ar chaiteachas airgeadais agus suíomh airgid na Gníomhaireachta do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Trí chomhpháirtíocht ghnó, tacaíocht Airgeadas le bainistíocht feidhmíochta na Gníomhaireachta agus leis an bpróiseas pleanála gnó, forbraíonn siad agus bainistíonn siad rialuithe inmheánacha atá deartha chun rioscaí a mhaolú, agus déanann siad maoirseacht ar chur chun feidhme riachtanais na Gníomhaireachta maidir le rialachas airgeadais.

D'éirigh le seirbhísí airgeadais gníomhaíochtaí **Phlean Gnó 2019** a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 6**, lena n-áirítear a leanas:

- Forbairt leanúnach próisis agus nósanna imeachta TFC le haghaidh tuairisciú, monatóireacht agus bainistíocht riosca;
- Anailís agus measúnú ar riachtanais/gníomhaíochtaí gnó agus custaiméara i ngach catagóir caiteachais agus réimse lena n-áirítear riachtanas custaiméara;
- Lárú coigiltí trasfheidhme ag cinntiú go gcuireann anailís straitéis luach ar airgead níos fearr agus atreorú coigiltí go seirbhísí eile;
- Forbairt scoipeanna tionscadail le haghaidh córais TFC ábhartha agus eisiúint iarratais soláthair faoi seach le haghaidh meastachán;
- Forbairt na Straitéis Airgeadais 2019–2021;
- Soláthar anailíse airgeadais le haghaidh measúnuithe roghnaithe.




GUTH DAOINE ÓGA SCDL AN IARTHAIR:

"tá an fhoireann an-deas; is féidir liom labhairt leo má tá aon fhadhb agam"

"tugann an fhoireann cabhair duit nuair a bhíonn tú trí chéile teacht ar réiteach na faidhbe"

"Motháim sábháilte"



Cór Tulsa in éineacht le cór óige áitiúil i mBaile Átha Cliath Theas i mbun léiriú speisialta.



3.4. Rannóg na nEastát

Tacaíonn Eastáit Tusla le croíghníomhaíochtaí trí soláthar an chlár Caipitil bhliantúil a bhainistiú, chomh maith le Bainistiú Réadmhaoine, Sábháilteacht Dóiteáin agus seirbhísí Riosca Bonneagair.

In 2019 chuir Eastáit Tusla i láthair straitéis um Eastáit, ‘Fís le haghaidh Eastáit Tusla’, straitéis seacht mbliana a aithníonn go bhfuil lucht saothair atá méadú, éiteas atá ag athrú, agus líon mór foirgneamh atá neamhoiriúnach le haghaidh feidhme tar éis teacht le chéile chun géarchéim chóiríochta, geall leis, a chruthú do Tusla, atá ar a seal tar éis géarghá a chruthú le straitéis a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Féachfar le straitéis Eastáit Tusla dá thoradh sin le tabhairt faoi na saincheisteanna seo trí chlár soláthair foirgneamh uailmhianach a mholadh, lena mbainfear soláthar caipitil díreach agus fála léasa, chomh maith le múnla seachadta éifeachtach. Is é an sprioc atá ann go mbeidh de thoradh ar na bearta seo sa deireadh bunathrú chun feabhais na timpeallachta fisiciúla ina

gcuireann Tusla ar fáil a gcuid seirbhísí, trí eastát a bhaint amach a mbaintear úsáid as go maith i gcónaí, atá ar ardchaighdeán agus atá bainistithe go maith.

Tá de sprioc ann trí chur chun feidhme na straitéis seo go gcuirfear ar fáil foirgnimh atá compordach, inbhuanaithe agus sábháilte a thugann fónamh agus cóiríocht don phobal agus son fhoireann i dtimpeallacht réchúiseach, fháilteach, chothaitheach agus chomhbháich. Tá d’aidhm aici freisin bonneagar fisiciúil a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais agus caighdeáin reachtúla reatha, agus úsáid fhoirgnimh Tusla a optamú agus, más gá, a réasúnú ionas go n-úsáidfear acmhainní teoranta an bealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

3.5. An Rannóg Dlíthiúil

Cuireann Seirbhísí Dlí sainseirbhísí agus tacaíocht dlí ar fáil do Tusla i ngach réimse a bhaineann le dlí um chúram leanas agus comhairle chorparáideach. Déanann Seirbhísí Dlí monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar réimse na gcostas dlí go ginearálta agus go háirithe táillí bhallghnólachtaí Tusla, táillí comhairleoireachta na Gníomhaíochta agus costais GAL chun costais dlí na Gníomhaireachta a laghdú. Cuireann Seirbhísí Dlí clár oiliúna dlí ar fáil do bhaill foirne go náisiúnta i réimsí éagsúla den dlí atá ábhartha dá n-ualach oibre. Cuirtear an oiliúint seo ar fáil ar bhonn leanúnach ar fud na tíre.

D’éirigh le Seirbhísí Dlí roinnt gníomhaíochtaí **Phlean Gnó 2019** a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 5 agus 6**, lena n-áirítear a leanas:

- Forbairt leanúnach agus cur chun feidhme an Chórais Bainistithe Eolais Dhleathaigh laistigh de Tusla;
- Cur chun feidhme clár oiliúna dlí atá dírithe ar chliaint agus saincheaptha don tseirbhís agus sin a chur ar fáil do thimpeall 500 ball foirne;
- Athbhreithniú agus anailís ar chostais dlí atá dlite le hurscaoileadh;
- Coigiltí maidir le costas dlí a bhaint amach trí chur chun feidhme iomlán próiseas soláthair agus conraitheoireacht, agus cloí leis go hiomlán, le ballghnólachtaí Tusla, gach ordú le haghaidh costais a fhaightear in éadan Tusla a idirbheartú agus athbhreithniú ar phrótacal um tháillí abhcóide, agus coigeartú táillí nuair is gá.

Chomh maith leis na héachtaí seo, agus trí obair Sheirbhísí Dlí Tusla, baineadh amach na torthaí agus na héachtaí seo a leanas chomh maith:

- Bhí toradh dearfach ar chás comhionannais den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a éisteadh i mí Mheitheamh 2019, agus an cinneadh breithiúnais eisithe i nDeireadh Fómhair 2019. Ba chás idirdhealaithe é inar líomhain athair scartha go ndearna an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach leithcheal air i leith cumarsáid maidir lena leanbh ar bhonn inscne agus stádas teaghlaigh. Ba é tátal an bhreithneora, ‘Tar éis machnamh rithábhachtach a dhéanamh níorbh fhéidir liom aon fhianaise shubstainteach a fheiceáil a choinneodh cás Leithcheala ar chúiseanna Inscne nó stádas Pósta/Teaghlaigh.’
- Rinne seirbhísí Dlí Tusla dul chun cinn mór ag iarraidh cearta saoránachta a fháil do leanaí faoi chúram. Tá ár soláthar comhairle agus ionadaíochta méadaithe againn maidir le cásanna inimirce, timpeall 40 cás faoi láthair. Cé gur deacracht fós iad iarratais ar eadóirseacht, le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) ag diúltú iarratais le síniú oibrithe sóisialta a shíniú, tá luas méadaithe feicthe againn i bhfreagraí ó SEIÉ maidir le hiarratais ar chead fanacht.

- Ag leanúint ar aghaidh ó Oifigeach Bainistithe Faisnéise a earcú in 2018, a bhunaigh córas bainistithe faisnéise laistigh den Stiúrthóireacht Dlí atá ag cabhrú in amanna freagartha níos gaiste chun comhairlí dlí a chur ar fáil agus a ligeann do chomhairlí níos sonraí agus cuimsithí. Nuair is gá, tugadh na huirlisí bainistithe faisnéise seo a leanas isteach chun cabhrú le baill foirne maidir le fiosruithe dlí:
 - Lainseáil Deisce Cabhraí ar Jitbit:** Bhog seirbhísí Dlí Tusla a ndeasc chabhrach ó bheith ag feidhmiú go díreach ar Outlook to dtí na bogearraí céanna a úsáideann an córas deisce cabhraí TF – Jitbit. Chuir sé seo ar fáil don oifig dhlí le níos mó maoirseachta ar na fiosruithe a fhaightear agus le heochairtháscairí feidhmíochta ar roinnt réimsí.
 - Lainseáil Nuachtlitreach Dlí:** Glacadh leis an nuachtlitir ráithiúil tríd an nGníomhaireacht go léir, a lainseáladh in 2019, le roinnt aiseolais den scoth don chéad eagrán agus tá sí tar éis an oifig dhlí a dhéanamh níos inrochtana agus inaitheanta do mhórfhoireann na Gníomhaireachta, agus ag an am céanna ag cur ar fáil nuashonruithe tábhachtacha ar fáil a d'fhéadfadh a bheith caillte ina héagmais.
- Bhí méadú suntasach in iarratais ar choimircíocht á nglacadh ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ó thús deiridh, agus rinneadh iad seo a bhainistiú go rathúil laistigh den oifig dhlí. Tá an méadú suntasach in iarratais ann de bhrí gur éirigh na hoibrithe sóisialta, ag obair leis an gCaomhnóir Ad Litem arna cheapadh ag an gcúirt, feasach ar an ngá le mionaíseach atá ag dul thar aois agus nach féidir breathnú ina ndiaidh féin nó a ngnóthaí a chosaint. Is forbairt é a bhfuil fáilte mhór roimhe nó cinntítear leis cosaint leanúnach linbh leochailigh atá den chuid is mó faoi chúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach; cuirtear seo i bhfeidhm de ghnáth trí bhithin iarratas ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus ar fhógra don Fheidhmeannas Seirbhíse Sláinte.
- Shruthlínigh an oifig dhlí an próiseas iarratais thuairisc Alt 20 in 2019 chun déileáil le gach iarratas ar thuairisc Alt 20 ar fud na tíre. Comhairlódh do gach oifig dhlí in Éirinn ríomhphost a chur go dtí an deasc chabhrach dhlí sa tír agus cruthaíodh bunachar sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht maidir le hAlt 20. Mar gheall ar an sruthlíniú seo den phróiseas is féidir le meancóga beaga tarlú agus, mar gheall air sin, ní fhaightear an t-iarratas agus nach gcloítear le spriocdháta na cúirte.

3.6. Rannóg na Teicneolaíochta

In 2019 rinneadh €9m d'infheistíocht i Seirbhísí TFC le níos mó ná 50 tionscadal TFC curtha i gcrích. Cuirtear seirbhísí TFC ar fáil trí roinnt aonad a thacaíonn leis na gnéithe seo a leanas de TFC:

Iarratais: Feidhmeanna nuálacha a fhoinsíú agus a fhorbairt a thacaíonn le hobair Tusla agus cabhrú le baill foirne ag uasmhéadú úsáid na teicneolaíochta chun a bheith ag obair go héifeachtúil agus go héifeachtach;

Infraestruchtúr: Bonneagar teicniúil a fhorbairt agus a choinneáil atá slán, ar fáil go han-éasca, oiriúnach don úsáid, agus a chuireann ar fáil d'úsáideoirí gléasanna agus nascacht a theastaíonn chun é a chur ar a gcumas dóibh na córais agus an fhaisnéis a theastaíonn uathu a rochtain;

Soláthar Seirbhíse: TFC Tusla a chumasú chun a bheith féinleorga i soláthar seirbhísí TFC d'úsáideoirí. Tá feidhm atá tiomanta ag cáilíocht bunaithe ag an aonad a chuireann na seirbhísí seo a leanas ar fáil: Comhlíonadh iarratas TFC, tacaíocht deisce cabhraí, bainistíocht athraithe agus bainistíocht fadhbanna.

Straitéis & Dearadh: Ag díriú ar bhainistíocht caidrimh gnó, straitéis, feabhsú seirbhíse, polasaí agus comhlíonadh, bainistíocht punainne, slándáil agus bainistíocht riosca.

D'éirigh le Seirbhísí TFC roinnt gníomhaíochtaí **Phlean Gnó 2019** a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 6**, lena n-áirítear a leanas:

- Tairseach Tusla a shíneadh chun tacú le clárú seirbhísí aoise scoile, seirbhísí cúramóirí leanaí aoise scoile, clárú cigireachta luathbhlianta;
- Tacaíocht leanúnach fhorbairt an Chórais Faisnéise Náisiúnta Cúraim Leanaí;
- Forfheidhmiú leanúnach réiteach chun próisis pháipéarbhunaithe reatha atá ann a ionadú ar fud Tusla le comhroghanna digiteacha ceann le ceann;
- Céim 1 de réiteach bainistíochta cásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le bainistiú atreoruithe aisebhreithnaitheacha agus seirbhísí cónaithe;

- Bonneagar ríomhchartlainne a fhorbairt chun tacú le digitíú agus stóráil taifead cúraim leanaí stairiúil;
- Cur chun feidhme plean bainistithe sonraí a fhorbairt agus a chur chun cinn;
- Na córais bainistithe faisnéise Tógáil le Comhroinnt a ghlacadh;
- Cur chun cinn ról Tusla i bhfeabhsú foriomlán bainistíochta sonraí ar fud na seirbhíse poiblí de réir fíis bonneagair náisiúnta sonraí, an tionscnamh um Sonraí Oscailte agus straitéis TFC na seirbhíse poiblí an colún Sonraí mar Chumasóir;
- Bunú agus bainistíocht na bhfeidhmeanna um bainistíocht ar theagmhas agus fadhbanna de réir an chleachtais is fearr chun a chinntiú, má tharlaíonn teagmhas, go n-athslánaítear gnáthsheirbhís chomh luath agus is féidir leis an tionchar is lú agus is féidir ar ghnó;
- Tacaíocht leanúnach a sholáthar chun gnéithe seirbhíse TFC a phleanáil agus a chomhordú d'oifigí agus athlonnuithe;
- Méadraí seachadta seirbhíse a fhoilsiú ar bhonn míosúil le haghaidh dáileadh go páirtithe leasmhara agus Feidhmeannas Tusla;
- Cur i gcrích athbhreithnithe seirbhíse le custaiméirí chun iarracht a dhéanamh feabhsú seirbhíse leanúnach a sholáthar;
- Tógáil ar oibríochtú ionad sonraí Tusla in Brunel, lena n-áirítear freastalaí agus timpeallacht stórála ar an áitreabh, timpeallacht slándála imlíne, timpeallacht slándála ar an áitreabh, timpeallacht féiniúlachta ar an áitreabh;
- Tógáil agus oibríochtú shuíomhanna Athshlándála Tubaiste Tusla agus Bonneagair Leanúnachais Gnó;



Bernard Gloster, POF, Tusla, ag bronnadh Gradam um Infheistíocht i Leanaí a aithníonn an obair rannpháirteach le daoine óga a spreagann athrú ar Phríosún Luimnigh & Tionscadal Teaghlaigh Rae Bedford.



Grúpa Feidhmithe CdSdL7DÓ Chorcaí le Tacú le Tuismitheoirí ag seoladh bileoga eolais maidir le faisnéis úr tuismitheoireachta.

- Aistriú leanúnach chórais agus shonraí Tusla ón fhearainn an Fheidhmeannais Seirbhíse Sláinte (FSS) go dtí timpeallacht bhainistíochta nua Tusla;
- Tús a chur le haistriú chuntais agus ríomhphoist úsáideora Tusla ó fhearainn go dtí timpeallacht bhainistíochta nua Tusla;
- Cur chun feidhme córais bainistíochta gléasanna le haghaidh monatóireacht, rialáil, slándáil agus cumraíocht freastalaithe, gléasanna móibíleacha agus gléasanna glúine/bairr deisce ag clúdach nuashonruithe, rialála, iniúchadh agus frithvireas;
- Rannpháirtíocht idir an Stiúrthóireacht TFC agus foirne oibre sóisialta, lena n-áirítear príomhchlár agus tionscnaimh oibre sóisialta;
- Cur i bhfeidhm réigiúnach gach córas TFC nua;
- Bainistíocht agus riarachán leanúnach próiseas airgeadais TFC agus rialáil buiséad TFC;
- Bainistíocht leanúnach agus feidhmiú Oifig Thionscadal Tusla, ag cur ar fáil cur chuige struchtúrtha agus tacúil le haghaidh iarratais um thionscadail nua, chomh maith le comhordú agus maoirseacht;
- Pleanáil Straitéis TFC Tusla 2020-2022.

Bhí de thoradh ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí seo líon suntasach aschur, lena n-áirítear:

- Cumasú corradh is 3,800 ball foirne le ríomhairí glúine, fóin chliste agus Mifi;
- 51 chuspóir bunaithe faoi Straitéis Sonraí Tusla 2019–2022;
- Ceithre shuíomh sonraí nua Tusla foilsithe;
- 536 thacar sonraí foilsithe mar shonraí oscailte;
- 20 córas nua TFC soláthartha in 2019;
- 29 de 32 chuspóir i Straitéis TFC 2017–2019 curtha i gcrích go rathúil;
- Iniúchadh TFC ar chorradh is 200 suíomh;
- 11,227 nglaoch tacaíochta faoin gCóras Náisiúnta Faisnéise Cúraim Leanai (CNFCC) á mbainistiú in 2019;
- Sé oifig nua nasctha leis an líonra agus feistithe le trealamh TFC;
- Feabhsú na deisce cabhraí TFC chun an chuid is mó d'iarratais ar thacaíocht TFC a chlúdach;
- Corradh is 20,000 tuairisceoir agus soláthraí ag úsáid na tairisí chun dul i dteagmháil go digiteach le Tusla;
- Os cionn 40,000 atreorú, clárú, iarratas nó cineál eile aighneacht déanta ar líne chuig Tusla in 2019.

3.7. Seirbhísí Corparáideacha

Comhlíonann Seirbhísí Corparáideacha Tusla ról rithábachtach ag déanamh maoirseachta ar agus ag soláthar roinnt feidhmeanna tacaíochta rithábachtacha, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise. In 2019 chuir Seirbhísí Corparáideacha agus Oifig an Phríomhfeidhmeannaigh réimse tionscnamh i gcrích sna feidhmeanna seo mar seo a leanas:

Cosaint Sonraí (Lena n-Áirítear Saoráil Faisnéise)

In 2019 lean Tusla ar aghaidh ag cur i bhfeidhm bearta suntasacha cosanta sonraí chun a rialuithe eagraíochtúla reatha a fheabhsú chun a sonraí pearsanta a chosaint. Tá na feabhsuithe seo curtha i bhfeidhm trí chlár oibre TGCS tiomnaithe. Lean an clár seo ar aghaidh lena chuid oibre in 2019, ag cur i gcrích réimse leathan cumasóirí sonraí rithábachtacha chun a chinntiú gur choinnigh Tusla comhlíonadh go forchéimnitheach le TGCS. Leanfaidh Tusla ar aghaidh ag leabú a múnla oibriúcháin maidir le cosaint sonraí i rith 2020 agus 2021 agus tá an Ghníomhaireacht tiomnaithe go mór do shonraí leochaileacha na dteaghlach agus na leanaí a n-oibríonn siad leo a chosaint.

I gcur i gcrích a bhfeidhmeanna reachtúla, láimhseálann Tusla méideanna móra sonraí pearsanta leochaileacha i bhfoirm pháipéir agus leictreonach. Agus cineál agus méid na sonraí a bhailítear, a stóráiltear agus a phróiseáiltear sa áireamh, tá sé rithábachtach go gcosnóidh Tusla na sonraí seo agus go mbainfidh siad amach comhlíontacht le gach reachtaíocht ábhartha, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí 2018; an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS); agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Treoraíonn Aonad Cosanta Sonraí Tusla bunathrú chun feabhais na hacmhainneachta cosanta sonraí i dTusla, agus cuireann sé ar fáil tacaíocht oibriúcháin ó lá go lá do Tusla le haghaidh a ngníomhaíochtaí maidir le comhlíonadh (e.g. bainistíocht sáruithe, freagairt ar iarratais ar shonraí ag duine is ábhar do na sonraí, bainistiú ar iarratais chorparáideacha um shaoráil faisnéise).

Tá príomhfhócas an aonaid ar aonaid seirbhíse níos leithne nó réimsí feidhmiúla chun comhlíonadh le cosaint sonraí agus rialacháin um shaoráil faisnéise a uasmhéadú.


I measc éachtaí an Aonaid um Chosaint Sonraí in 2019 bhí:

- Oifigeach um Chosaint Sonraí buan a earcú, agus roinnt sainrólteicniúil eile chun cabhrú le Tusla lena ngníomhaíochtaí maidir le comhlíonadh, lena n-áirítear earcú pleanáilte líonra d'oifigigh phríobháideachais a bheidh dírithe ar chomhlíonadh le cosaint sonraí a thiomáint i ngach oifig áitiúil Tusla.
- Rannpháirtíocht leanúnach maidir le rialáil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise chun léiriú leanúnach tiomantais ón nGníomhaireacht i leith a n-oibleagáidí reachtúla.
- Beachtaíodh a thuilleadh feabhsuithe déanta ar chroíphróisis ghnó agus próisis chaighdeánacha oibriúcháin (e.g. le haghaidh bainistíocht sáruithe nó iarratais rochtana ag daoine is ábhar do na sonraí).
- Tacú curtha ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí ardtosaíochta, amhail Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí a bhfuil Tionchar ag Brexit orthu agus Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca;


- Gníomhaíochtaí oiliúna foirne agus feasachta, le clár oiliúna tiomnaithe RGCS+ agus mol acmhainní chun cabhrú le baill foirne a n-oibleagáidí reachtúla a thuiscint agus acmhainní a sholáthar chun tacú leo ina ngníomhaíochtaí maidir le comhlíonadh;
- Tosú Chéim 2 de Chlár RGCS+, atá aistrithe ó chéim a bhaineann le 'Dearadh agus Cur i bhFeidhm' go dtí céim a bhaineann le 'Leabú'. Tá an clár straitéiseach seo dírithe ar bheachtú agus feabhsuithe ar chórais agus nósanna imeachta cosanta sonraí.

In 2019 fuarthas 1142 iarratas ar shaoráil faisnéise san iomlán, agus tá na sonraí thíos:

Cineál Iarratais ar Shaoráil Faisnéise (Iomlán = 1,142)



Cineál Iarratasóra ar Shaoráil Faisnéise (Iomlán = 1,142)



Fuarthas 284 iarratas ó dhaoine is ábhar do na sonraí in 2019. Ba é líon na sárúithe ar shonraí pearsanta in 2019 130. Fiosraíonn Tusla gach sárú sonraí agus cinntíonn siad go ndéantar gníomh leasúcháin láithreach agus go gcosnaítear cearta daoine.

Sláinte agus Sábháilteacht

Cuireann an Roinn Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil sainchomhairle agus tacaíocht ar gach ní a bhaineann le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an nGníomhaireacht agus a bhaineann le cur i bhfeidhm córais láidir bainistíochta sábháilteachta a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh air de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus rialacháin bhainteacha.

In 2019 áiríodh i measc na nithe a bhain an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta:

- Modúl Ríomhfhoghla a lainseáladh in Márta 2019 chun feasacht maidir le Sláinte & Sábháilteacht a ardú i measc fhostaithe Tusla le 3,808 cúrsa Ríomhfhoghla curtha i gcrích;
- Ráitis Sláinte & Sábháilteachta a bhaineann go sonrach le suíomh forbartha, ag cabhrú le bainisteoirí líne córas bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta a chur i bhfeidhm go háitiúil;
- Plean Córais Bainistíochta Sábháilteachta dréachtaithe agus curtha i láthair don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí/Ceannaireachta Sinsearaí le haghaidh faomhadh;
- Faisnéisithe foirne Sláinte & Sábháilteachta réigiúnacha agus áitiúla eagraithe agus rollaithe amach;
- Seisiún faisnéise sábháilteachta dóiteáin curtha ar fáil ag an bhfoireann Sláinte & Sábháilteachta i rith Sheachtain na Sábháilteachta Dóiteáin i nDeireadh Fómhair 2019 chun feasacht a ardú timpeall na sábháilteachta dóiteáin san ionad oibre;
- Seachtain Sábháilteachta Tiománaithe eagraithe agus rollaithe amach i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) i mí Iúil 2019 le hocht seisiún faisnéis ar shábháilteacht tiománaithe curtha ar fáil ag Oifigigh Sábháilteachta Bóthair ÚSB agus dhá imeacht bus tointeála ÚSB ag Nexus, Baile Bhainséir agus an Tulach Mhór.

Tá an obair seo in 2019 tar éis chur i gcrích ghealltanas na Roinne Sláinte agus Sábháilteachta a thabhairt chun cinn faoi **Chuspóir Straitéiseach 6** i bPlean Gnó 2019 chun feasacht a thógáil timpeall ar shláinte agus sábháilteacht in Tusla.

Foghlaim agus Forbairt Lucht Saothair (FFLS)

Cuireann Foghlaim agus Forbairt Lucht Saothair (FFLS) ceannaireacht ar fáil le haghaidh cultúr foghlama a fhorbairt laistigh den Gníomhaireacht trí chur le forbairtí straitéiseacha laistigh de Tusla agus tacú le rannpháirtíocht na foirne i réimse leathan foghlama feidhmí agus gníomhaíochtaí forbartha.

In 2019, chuir FFLS i gcrích roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Soláthar réimse leathan idirghabhála oiliúna caighdeánacha agus saincheaptha i ngach réigiún;
- Úsáid níos mó oiliúna ar líne le forbairt cláir Tusla chun tacú le Sláinte agus Sábháilteacht, Bainistíocht Gearán, Bainistíocht Ualaigh Cásanna agus Dochar Ceilte (tionscnamh idirghníomhaíochta le FSS);
- Aistriú go háirithe oiliúna seomra folctha ar líne.
- 619 imeacht foghlama le corradh is 9,000 duine i láthair;
- Sruthlíniú oiliúint CNFCC laistigh den roinn;
- Le Bainisteoir FFLS sannta do Chomharthaí Sábháilteachta, cuireadh earcaíocht tuilleadh foirne Foghlama agus Forbartha i gcrích, ag ceadú acmhainneachta inmheánaí breise chun oiliúint a chur ar fáil agus tacú le cur i bhfeidhm;
- Oiliúint ardleibhéil agus dhírithe curtha ar fáil do bhaill foirne atá páirteach i gcásanna cúirte, e.g. Cigireacht Luathbhlianta;
- Bunú foirne Foghlama Digití chun bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar fhorbairt cur chuige i leith foghlaim dhigiteach ag FFLS;
- Tacaíocht leanúnach curtha ar fáil do leabú chleachtas CCTT laistigh de Tusla agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta;
- Tacaíocht Foghlama agus Forbartha curtha ar fáil do réimse tionscadal, e.g. CASP, Pleanáil don Bhuaine, Seirbhís Lasmuigh de Ghnáthuaireanta, Comhairleoireacht Mheasúnaithe agus Seirbhísí Teiripe (CMST), an tSeirbhís maidir le hIlleispeiris Aibhirseacha Óige (SIAÓ) agus comhphrótacl Tusla-Gardaí.

Sa tábla seo a leanas tá sonraí líon na gcríochnuithe oiliúna ar líne agus oiliúintí seomra ranga in 2019:

Modúl Oiliúna Ar Líne	Iomlán
	Críochnuithe
Bainistíocht Ualaigh Cásanna	88
CF i nGníomh	618
Láimhseáil Gearán i dTusla	2903
Feasacht ar Shláinte agus Sábháilteacht do Bhaill Foirne Tusla	3959
Cur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí	867
Intreoir ar Tús Áite do Leanaí (2017)	943
Intreoir ar CCTT	237
Iomlán Eanáir go Nollaig 2019	9615
Tinrímh Oiliúna Seomra Ranga 2019	
Cúrsaí a reáchtáladh	Tinreamh Iomlán
619	9037

3.8. Rannóg na Cumarsáide

Is é an ról atá ag Cumarsáid tacú le réimse iomlán seirbhísí Tusla, go himmheánach agus go seachtrach, agus níos mó feasachta orthu a chur chun cinn. Tá Cumarsáid freagrach freisin agus an ról leitheadach a imríonn Tusla agus a gcomhpháirtithe a chur chun cinn i soláthar na seirbhísí sin, agus eispéiris dhearfacha a lán úsáideoirí seirbhíse. Baineann siad seo amach trí rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha agus comhpháirtithe (e.g. an pobal, RLGÓ, ranna rialtais eile, gníomhaireachtaí reachtúla agus gach soláthraí seirbhíse coimisiúnaithe), agus trí chumarsáid inmheánach, ag cinntiú go gcuirtear in iúl do pháirtithe leasmhara agus do bhaill foirne go hiomlán maidir le príomhthionscnaimh ar bhealach comhsheasmhach agus tráthúil. Féachann feidhm na Cumarsáide le teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus eolasacha a chinntiú, chun caidreamh meán a fhorbairt agus a mhéadú, agus chun muinín phoiblí a fheabhsú trí fheasacht agus brandáil níos mó.

In 2019 bhí an fhoireann Cumarsáide páirteach i gcorradh is 40 tionscadal ar fud na Gníomhaireacht, lena n-áirítear ceannasaíocht, bainistíocht agus soláthar gach gné de chomhtháthú agus athbhrandáil Sheirbhís Folláine Oideachais Tusla go ‘STOT’ (Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla).

Le linn na bliana, bhainistigh an fhoireann Cumarsáide corradh is 500 fiosrú ó na meáin.

Chuir an fhoireann Cumarsáide i gcrích dhá fheachtas feasachta poiblí náisiúnta in 2019 do sheirbhísí Tusla: bhí an dara Seachtain Náisiúnta bhliantúil um Leanaí agus Tacaíocht Teaghlaigh de chuid CCTT (Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh) ann i mí na Bealtaine, agus bhí an chéad fheachtas ag an nGníomhaireacht maidir le feasacht phoiblí agus earcaíocht i leith altramaí, Seachtain Náisiúnta Tusla maidir le hAltramas, ar siúl i nDeireadh Fómhair.

Thacaigh an fhoireann Cumarsáide go dlúth le pleanáil agus forbairt gníomhaíochtaí réigiúnacha rannpháirtíochta le teachtaí dála, seanadóirí agus ionadaithe poiblí áitiúla. Bhí an chéad dá ócáid réigiúnacha ar siúl sna réigiúin Theas agus

Thiar in 2019. Sa ráithe dheireanach den bhliain, bhí lá oscailte Oireachtais ar siúl chun tuilleadh rannpháirtíochta a chur chun cinn le hionadaithe poiblí.

Bhí ábhar nua forbartha ar shuíomh gréasáin Tusla ar 670 leathanach gréasáin chun tacú le seirbhísí Tusla. Breathnaíodh ar an suíomh gréasáin corradh is ceithre mhilliún uair in 2019.

Eisíodh corradh is 230 nuachtchraoladh inmheánach le linn 2019 chun baill foirne a choinneáil chun dáta.

Chuir an fhoireann Cumarsáide tacaíocht theicniúil ar fáil le haghaidh fhorbairt an tsuímh gréasáin Todhchaí a Athrú, arbh iad daoine óg a d’úsáid seirbhísí Tusla amháin a chruthaigh é chun cabhair agus eolas a thabhairt do dhaoine óga eile trí ábhar atá taitneamhach do leanaí agus daoine óga.



Taispeánta le torthaí 2019 ar an iomlán in go bhfuil uirlisí agus teicnící forbartha a thuilleadh ag an bhfoireann cumarsáide chun cleachtais chomhsheasmhacha a éascú, chun a chinntiú go bhfuil cumarsáidí ar fud na Gníomhaireachta comhsheasmhach le luachanna Tusla. Cuireadh béim i bhfad níos láidre ar chur le láithreacht na hoibre réamhghníomhaí atá á déanamh ag Tusla ar fud na tíre, i ngach pobal, ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

3.9. An Rannóg Straitéise agus Pleanála Gnó

D'éirigh leis an Aonad Straitéis & Gnó (ASG), freagrach as tacaíocht pleanála straitéisí agus córais agus próisis le haghaidh fhorbairt agus bhainistiú na dtimthriallta tribhlíantúla pleanála corparáideacha agus bliantúla pleanála a chur ar fáil, roinnt gníomhaíochtaí Phlean Gnó a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 5**, lena n-áirítear:

- Soláthar mholadh Mheastacháin 2020;
- Soláthar Phlean Gnó 2020;
- Soláthar nuashonruithe ráithiúla don Bhord agus RLGÓ chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Gnó 2019;
- Gach clár ábhartha a chur san áireamh lena n-áirítear clár bunathraithe chun feabhais agus forbairt agus príomhshruthú clár isteach sa Phlean Gnó.

Chomh maith leis seo, chuir an ASG i bhfeidhm úsáid réitigh TF chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí an Phlean Gnó agus chuir ar fáil tuairisciú níos gonta don Fheidhmeannas, Bord agus RLGÓ. Rinne an t-aonad dícheall cuí chomh maith chun glacadh le freagracht as forbairt na Tuarascála Bliantúla ón Stiúirthoireacht um Dhearbhú Cáilíochta. Fuarthas faomhadh chomh maith chun forbairt Phlean Corparáideach 2021–2023 a thabhairt chun cinn go himmheánach agus, le modheolaíocht bainistithe tionscadail in úsáid, tabharfaidh an t-aonad an fhorbairt seo chun cinn in 2020.

3.10. Oifig um Chlár bhainistiú (OBC)

Is é an OBC an fheidhm lárarithe a chomhordaíonn bainistíocht clár laistigh de Tusla a chuireann ar fáil lárphointe don réimse bainistíocht clár agus tionscadal chomh maith le seirbhís feabhsaithe próiseas gnó. D'éirigh le OBC roinnt gníomhaíochtaí **Phlean Gnó 2019** a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 1**, lena n-áirítear:

- Tiomsú Clár agus Tionscadal cuimsitheach ar fud Tusla;
- Gach clár agus tionscadal a mheaitseáil le gníomhaíochtaí den Phlean Gnó tríd an ASG;
- Tuairiscí míosúla a chur ar fáil ag taispeáint príomhchlocha míle, rioscaí agus saincheisteanna agus spleáchais, ag éascú tosaíochtaí a chur in ord;
- Síniú an chúrsa oiliúna Bainistíocht Tionscadal (trí rannpháirtíocht le Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath) le 24 bhall foirne ag baint amach an Ard-Diplóma i mBainistíocht Tionscadal;
- Oiliúint maidir le Crios Bán Caol a sholáthar do 283 bhall foirne;
- Oiliúint maidir le Crios Buí Caol a fhorbairt agus a sholáthair do 26 bhall foirne.

Tar éis dhá bhliain d'oibriúchán a chur i gcrích, in 2019 comhdhlúthaíodh an OBC laistigh de Tusla agus, le cur i gcrích roinnt tionscadal atá suntasach go straitéiseach, bhí níos mó feasachta ar ról agus buntáistí a bhaineann le OBC. I measc samplaí de chomhobair éifeachtach bhí athbhrandáil na Seirbhís Folláine Oideachas mar STOT, lainseáil thionscnamh Barnahus, forbairt an Phlean Lucht Saothair, pleanáil le haghaidh Brexit agus tacaíocht do chur i bhfeidhm CASP.

In 2019 bhí béim níos mó freisin ar acmhainneacht maidir le bainistíocht tionscadal a thógáil ar fud Tusla trí ghníomhaíochtaí oiliúna OBC le feabhsú gnó mar fhócas acu.

3.11. An Rannóg Polasaithe agus Taighde

Cuireann an Oifig um Polasaí agus Taighde feidhm sainchomhairleoireachta ar fáil don POF agus do bhainisteoirí sinsearacha chun eolas a dhéanamh do phleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus forbairt príomhghníomhaíochtaí polasaí chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach sna réimsí polasaí um Chosaint agus Folláine Leanaí, Cúram Comhroghnach, Tacaíocht Teaghlaigh agus Ionchuimsiú Sóisialta agus Teagmháil Náisiúnta Garda. Chomh maith leis sin, déanann sé bainistíocht agus comhordú ar gach gníomhaíocht taighde ar fud Tusla. D'éirigh leis an Oifig um Polasaí agus Taighde roinnt gníomhaíochtaí den Phlean Gnó a chur i gcrích faoi **Chuspóir Straitéiseach 3, 4 agus 5**, lena n-áirítear a leanas:

- Cur chun cinn agus tacaíocht leanúnach do thimpeallacht shábháilte chúraim agus foghlama laistigh den chúram cónaitheach trí anailís foirne na hOifige Náisiúnta Taighde (ONT)/Fógra um Theagmhas Suntasach (FTS), teagmhais FTS agus próifíl duine óig a úsáid;
- Soláthar eolais i leith sholáthar sheirbhísí Tusla do ghrúpaí mionlaigh eitní lena n-áirítear leanaí ó na pobail Taistealaithe/Roma, trí aitheantóirí eitneacha a fhiosrú agus a shainaithint;
- Tuilleadh forbartha ar an bplean oibre chun tacú le 24 Mheantóir Taighde agus Eolais Tusla;
- I gcomhar leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus seirbhísí dlí Tusla, tuilleadh forbartha ar Chomhphrótacal Comhroinnte Sonraí idir Tusla agus an Garda Síochána agus críochnú comh-athbhreithniú idir an Garda Síochána agus Tusla chun comhoiliúint a optamú;
- Tacú le Tusla, RLGÓ agus an tAire maidir le próisis chinnteoireacht agus churtha i bhfeidhm ag éirí as tuairisc OÉG ar a indéanta is a bheadh sé staidéar fadaimseartha ar leanaí faoi chúram nó leanaí ag fágáil cúraim sa chomhthéacs Éireannach.

Chomh maith lena bhfuil thuas, baineadh amach na héachtaí seo a leanas faoi na réimsí polasaí agus taighde seo a leanas.

Polasaí

Polasaí um Chosaint agus Leas Leanaí agus Feidhmiú Idirghníomhaireachta

Bhí an Bainisteoir Polasaí i gceannas ar Lámhleabhar Cosanta agus Leasa Leanaí 2 a fhorbairt agus a fhoilsiú in 2019, le húsáid ag oibrithe sóisialta túslíne, a mbainisteoirí líne agus gairmithe eile. Tá an lámhleabhar seo mar thoradh ar chomhoibriú fairsing idir an Polasaí agus an fhoireann oibríochta. Bhí an Polasaí um Chosaint Leanaí i gceannas freisin ar thacaíocht a thabhairt líon treoirlínte agus nósanna imeachta cleachtais a fhorbairt in 2019 a chuimsigh Comh-Threoirlínte um Dhúshaothrú Gnéasach Leanaí leis an AGS, treoir maidir le cásanna a dhúnadh, agus athbhreithniú ar bheartas aistrithe cásanna. Bhí an Polasaí um Chosaint Leanaí mar thoradh ar an ngrúpa oibre idirdhisciplíneach ilghníomhaireachta a thabhairt chun críche, grúpa a d'oibrigh go dícheallach chun an Comhaontú Idirghníomhaireachta a thabhairt chun críche ina raibh achoimre ar an gcur chuige comhoibrithe i leith seirbhísí mí-úsáide gnéis leanaí trí mhúnla Barnahus. Bhí an Comhaontú Idirghníomhaireachta seo lárnach sa scéim phiólóta Barnahus a bunaíodh a seoladh i Meán Fómhair 2019. Críochnaíodh obair freisin ar an Nós Imeachta agus Treoir um Shubstaint ar Mhí-Úsáid Leanaí.

Polasaí Cúraim Malartach agus Feidhmiú Idirghníomhaireachta

Bhí an bainisteoir Polasaí, i gcomhpháirt le Oibríochtaí, i gceannas ar an Lámhleabhair Bealaí chun Buanseasmhachta agus an Pholasaí Buanachta a fhorbairt, ar chomhairliúchán fairsing náisiúnta é le thart ar 500 ball foirne oibríochta maidir le lámhleabhar agus polasaí. Bhí siad i gceannas agus ag tacú chomh maith le sraith polasaithe a fhorbairt agus a fhaomhadh do chúram speisialta agus próiseas comhairliúcháin chun tacú leis sin. Chuir an Ghníomhaireacht a seasamh polasaí i gcrích freisin maidir le liúntas cothabhála uchtála. Maidir le hobair idirghníomhaireachta, d'oibrigh Polasaí Cúraim Malartach le EPIC chun ábhair a d'fhorbair Fóraim leanaí a fhaomhadh agus a scaipeadh,

lena n-áirítear féilire, bileog faisnéise agus foclóir maidir le leanaí faoi chúram. Foilsíodh sraith straitéisí chun Fóraim Leanaí a fhorbairt i gcomhar le Oibríochtaí.

Tacaíocht do Theaghlaigh agus Ionchuimsiú Sóisialta

Cuireadh an fheidhm pholasaí seo ar bun ag deireadh deiridh 2019 agus ó shin i leith tá sí dírithe ar ghrúpaí oibre náisiúnta a threorú maidir le heaspa dídine ag teaghlaigh agus bailiú sonraí eitneacha a bhunú. Cuireadh an t-athbhreithniú an Phlean Gníomhaíochta um Imirce Leanaí chun críche freisin.

Comhchaidreamh Náisiúnta Garda Tusla

In 2019, críochnaíodh obair ar Chomhphrótaic Garda Tusla um Agallamh Speisialtóra ar Leanaí. Cuireadh chun críche athbhreithniú tosaigh ar oibriú fhórait idirchaidrimh bainistíochta áitiúla sinsearaí Tusla / AGS faoi Children First.

Taighde

Taighde Foilsithe

Exploring Ethnic Data Collection for the Child and Family Agency. Ó foilsíodh é tá grúpa oibre curtha ar bun faoi stiúir an Bhainisteora Beartais um Thacaíocht Teaghlaigh agus Cuimsiú Sóisialta chun moltaí a chur chun cinn.

A Review on the Availability and Comparability of Statistics on Child Protection and Welfare, including Children in Care, collated by Tusla: Child and Family Agency with statistics published in other jurisdictions. I mí na Nollag 2019, reáchtáil an DCYA seimineár inar roinn an tOllamh John Canavan torthaí an taighde. Foilsíodh an dá thuarascáil agus tá siad ar fáil ar www.tusla.ie/research.

The Feasibility of Conducting a Longitudinal Study on Children in Care or Children Leaving Care within the Irish Context Thángthas ar chomhaontú tar a éis sin maidir le cur chuige comhpháirteach idir Tusla agus DCYA chun torthaí na tuarascála a chur ar aghaidh.

Straitéis Meantóra Taighde agus Faisnéise 2018–2020:

Comhdhlúthú agus tacaíocht leanúnach an cur chuige a bhí ann a bhí i mbliana ag an Oifig Náisiúnta Taighde (NRO) agus Meantóir Taighde agus Faisnéise faoi leith acu, imeachtaí réigiúnacha, agus Lá Lónra Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2019. Is éard a bhí i gceist leis seo freisin cur i láthair ón Dr Niamh Flanagan ó NUI Maynooth agus an Dr. Desmond O'Mahony ón Institiúid Taighde Sóisialta Eacnamaíochta (ESRI). Faill a bhí Lá Náisiúnta an Lónra do mheantóirí a gcuid foghlama a roinnt. Cuireadh tuarascáil théamach agus tuarascáil ar dhul chun cinn le chéile, ag aibhsiú na ngníomhaíochtaí, na dtairbhí agus na bpleananna don straitéis don todhchaí.

Coiste um Eitic Taighde Neamhspleách (REC) a fhorbairt

Gníomh de chuid an Phlean Corparáidigh 2018–2020 a bhí i mbunú Choiste Eitice Taighde neamhspleách don Ghníomhaireacht faoi dheireadh 2018. Toisc gur cuireadh moill ar an tionscadal seo, aontaíodh in 2019 go mbunódh an Oifig Náisiúnta Taighde grúpa pleanála tionscadail le tacaíocht PMO chun EC neamhspleách a bhunú don Ghníomhaireacht faoi 2020. In 2019 cheadaigh an Coiste Náisiúnta Maoirseachta Beartais (NPOC) nós imeachta oibríochta caighdeánach REC agus foirm iarratais chaighdeánach REC; Thug Achmhainní Daonna tacaíocht d'fhógra seachtrach a dhéanamh do Chathaoirleach neamhspleách REC; agus rinneadh breithniú ar an dóigh a bhféadfaí baill den phobal a earcú ar an REC ag úsáid cur chuige um Rannpháirtíocht Othar Poiblí (PPI).

Forbairt Polasaí sna hOifigí Taighde Náisiúnta (NRO): Mar chuid den fheidhm forbartha polasaí leis an NRO, rinneadh na polasaithe, na nósanna imeachta agus na treoirilínte (PPGanna) seo a leanas a fhaomhadh agus a fhorbairt:

- Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach an Choiste um Eitic Taighde
- Foirm Iarratais Chaighdeánach um Eitic Taighde
- Beartas agus Nós Imeachta Scaipeadh Taighde
- Páipéar Tagartha Eolaíochta Oscailte agus tuarascáil achomair
- Treoir d'fhoireann na Gníomhaireachta Leanaí agus an Teaghlach ar nuair a chinntear an cead taighde eiticíúil ag teastáil (a forbraíodh = le faomhadh in 2020).


Suirbhé Foirne: Tosaíodh ar an ullmhúchán freisin ar an athbhreithniú ar an gcéad suirbhé foirne CPWS. Rinneadh obair le OÉ Gaillimh chun tuiscint a fháil ar réimse de thuarascálacha aiseolais foirne ionas go bhféadfadh freagra a thabhairt sa dara suirbhé foirne ar aon cheisteanna nua a thagann chun cinn don fhoireann. Chomh maith leis sin aontaíodh freisin an suirbhé a chur thart ar gach grúpa foirne chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag cur i bhfeidhm an chórais iomláin ar an eagraíocht ina hiomláine. D'fhreagair breis agus 1,400 ball foirne an dara suirbhé foirne, faoi cheannas an POF Bernard Gloster i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus tá sé seo an-luachmhar don eagraíocht maidir le peirspictíocht na foirne a chloisteáil agus a gcuid riachtanas a chomhlíonadh dá réir.

Staidéar Taighde Leanaí: Cuireadh grúpa oibre Staidéar Taighde Leanaí ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm

tionscadal taighde ar scála beag seachtrach agus na heilimintí seo a leanas mar chuid de:

- Gabháil pointe-ama ar eispéiris daoine óga ar sheirbhísí CPW;
- Cohórt daoine óga (10 mbliana agus níos sine) a bhfuil taithí acu ar bhunmheasúnú agus / nó Comhdhálacha um Chosaint Leanaí (CPC) nó ar cásanna oscailte Chosaint agus Leas Leanaí (CPW) iad le 12 mhí anuas.
- Taighde a dhéanamh ar cheisteanna ina ndírítear isteach ar a dtaithí ar sheirbhís, ar rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus ar rannpháirtíocht i bpleanáil sábháilteachta.
 - An dtuigeann leanaí agus daoine óga na fáthanna a bhfuil oibrí Tusla ag plé leo?
 - An bhfuil a fhios acu nó an dtuigeann siad an t-ábhar imní ar Tusla agus an fáth a bhfuil siad ag plé leis an teaghlach?
- Beidh athbhreithniú ar na sraitheanna straitéisí maidir le Comharthaí Sábháilteachta (SOS) a úsáideann cleachtóirí agus a mbíonn taithí ag na páistí orthu mar chuid den scoip.

Meastóireacht ar CPWS (Polasaí um Chosaint agus Leas Leanaí): Tosaíodh ar thogra chun múnla loighice a fhorbairt chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar CPWS. Rachaidh an obair ar aghaidh go 2020. Chun tacú leis an bpróiseas tairisceana, cuireadh réamhfhógra chuig gach institiúid acadúil in Éirinn agus chuig dhá phainéal taighde atá ann cheana in oifig an Ombudsman do Leanaí agus sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).



An grúpa oibre de chuid Chomhdháil an Chláir Rannpháirtíochta Óige Leanaí ag ullmhú le tús a chur leis an 4ú Chomhdháil an Chláir Rannpháirtíochta Óige Leanaí a tharlaíonn uair sa bhliain.

4. Bord Tusla, Rialachas Feidhmiúcháin agus Corparáideach

3.12. Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá freagracht ag Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh (OCEO) as feidhmeanna agus gníomhaíochtaí uile Tusla. In 2019, chuaigh an POF nua Bernard Gloster i mbun poist agus thosaigh sé ar chlár suntasach rannpháirtíochta le húsáideoirí seirbhíse, leis an bhfoireann agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Cuireadh córas comhdhálacha feidhmíochta ar bun freisin, agus cuirfear i bhfeidhm é i mí Eanáir 2020. Ina theannta sin, tá freagracht ar an OCEO as an Rannán Gnóthaí Parlaiminte freisin.

Gnóthaí Parlaiminte

Lean Rannán Gnóthaí Parlaiminte Tusla (RGPT Tusla) ag bainistiú idirghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta le DCYA agus leis an Oireachtas trí bhainistiú éifeachtach ghnóthaí parlaiminte Tusla a fhorbairt, a stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh air. Mar chuid de seo rinneadh comhordú ar fhreagairtí ar Cheisteanna Parlaiminte, ionadaíocht, ceisteanna ó lá go lá, díospóireachtaí ar shaincheisteanna tráthúla, ceisteanna an chomhchoiste agus an cheannaire, chomh maith le taifid a choinneáil agus tuarascálacha feidhmíochta a ullmhú. Bhunaigh Tusla seoladh ríomhphoist faoi leith maidir le gnóthaí parlaiminte: tuslapad@tusla.ie. Ar an ábhar go bhfuil obair RGPT Tusla á tiomáint ag spriocdhátaí, tugtar aitheantas do gach Ceist agus ionadaíocht Parlaiminte nuair a thagann iad, agus déantar gach iarracht freagraí a eisiúint laistigh de na framaí ama riachtanacha. Cinntíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh gach freagra.

Príomhdhúshlán agus gnóthachtáil do Tusla PAD in 2019 a bhí sa chóras nua leictreonach gan

pháipéar a thug siad isteach agus a chuir siad i bhfeidhm chun Ceisteanna Parlaiminte (PQanna) a bhainistiú. Tá ePQ ar cheann de na hiarratais a sholáthraíonn Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais faoin gclár Build to Share. Rianaíonn, bainistíonn agus freagraíonn ePQ ceisteanna parlaiminte trí chomhéadan SharePoint atá so-úsáidte. Tá ranna rialtais ag baint úsáide as ePQ le tamall maith anois ach tá Tusla ar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí rialtais chun an córas a chur i bhfeidhm. Tá ePQ mar chuid den chlár nuálaíochta agus digiteacha atá á sheachadadh faoi Straitéis TFC Tusla agus thacaigh Seirbhísí TFC agus Corparáideacha go mór leis an tionscadal cur chun feidhme faoi stiúir Tusla PAD.

Tionscadal suntasach agus bealach nua oibre do bhainisteoirí Tusla a bhí ann nuair a chuireadh an córas nua ePQ i bhfeidhm i Tusla. Rinneadh scéim phiolótach rathúil agus soláthraíodh ábhar oiliúna agus treorach do níos mó ná 100 úsáideoir. Leanfaidh an tionscadal ar aghaidh go 2020 nuair a mheastar go ndéanfar ePQ a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach go rathúil san eagraíocht ina iomláine.

D'oibrigh PAD le foireann Cumarsáide Tusla freisin chun clár rannpháirtíochta poiblí / polaitiúla a ullmhú agus a sheachadadh le himeachtaí rathúla i gCorcaigh, Gaillimh agus Dáil Éireann.

Tá mionchur síos ar na freagraí a d'eisigh RGPT Tusla amach thíos:

PQs/ Representations in 2019

Ráithe	Ceisteanna Parlaiminte	Ionadaíochtaí	Iomlán
Q1	96	82	178
Q2	76	96	172
Q3	79	116	195
Q4	125	123	248
Iomlán	376	417	793

Cuimsíonn Rialachas Corparáideach na córais agus na nósanna imeachta trína ndéantar eagraíochtaí a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú. Tá Tusla tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a bhaint amach. Tá an Gníomhaireacht, agus a cuspóirí rialachais á saothrú aici, i ndiaidh an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) a ghlacadh agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 leagtar amach na caighdeáin dea-chleachtais maidir le ceannaireacht, éifeachtúlacht agus cuntasacht an Bhoird, agus cuirtear forbairtí rialachais, athchóiriú na hearnála poiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara san áireamh. Tá an Bord freagrach as bainistíocht cheart na Gníomhaireachta agus treoraíonn sé go láidir na prionsabail atá leagtha amach sa Chód chun a fhreagracht a chomhlíonadh chun a chinntiú go gcomhlíonann gach gníomhaíocht an caighdeán is airde de rialachas corparáideach. Leanann struchtúr na tuarascála seo na prionsabail lárnacha a shainaitheann sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

4.1. Ceannasaíocht agus Éifeachtúlacht

Ról an Bhoird

Tugann an Bord ceannasaíocht agus treoirlíne lena chreat rialachais. I measc na bpríomhchaidrimh a thacaíonn leis an gcreat rialachais tá struchtúr coiste an Bhoird, POF, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an tAire agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i reachtaíocht rialaithe na Gníomhaireachta, san Acht Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach 2013.

Tá comhfhreagracht ag an mBord as treo straitéiseach foriomlán na Gníomhaireachta a chur ar bun laistigh de theorainneacha an údaráis reachtúil atá aige. Déanann an Bord aidhmeanna straitéiseacha na Gníomhaireachta a chomhaontú

leis an Aire agus cinntíonn sé an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun a chuspóirí mar bhord a bhaint amach.

Tá an Bord freagrach as caighdeán an chórais chuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais na Gníomhaireachta a chinntiú agus as a dheimhniú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

Déanann an Bord athbhreithniú ar rialuithe agus nósanna imeachta Tusla chun dearbhú réasúnach a thabhairt dó féin go bhfuil rialuithe agus nósanna imeachta den sórt sin leordhóthanach chun comhlíonadh a oibleagáidí reachtúla a chinntiú.

Comhdhéanamh agus Struchtúr an Bhoird

Foráiltear de réir an Achta Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach 2013 do cheapadh Cathaoirligh, Leas-Chathaoirligh agus seachtar Gnáth-Chomhaltaí Boird. Ceapann an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige comhaltaí an Bhoird agus, le faomhadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh téarma oifige ó thrí go cúig bliana.

Tá réimse chuí de scileanna ag comhaltaí an bhoird chun na feidhmeanna is gá acu a chomhlíonadh a chur i gcrích. IS féidir le comhaltaí an Bhoird, i mbun a gcuid dualgas, comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, sa chás ina measann siad gur gá é sin a dhéanamh chun a gcuid dualgas mar chomhaltaí boird a chur i gcrích.

Ní mór don Bhord 10 gcrúinniú ar a laghad a bheith aige in aghaidh na bliana, de réir Acht na Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach 2013; Tharla 12 cruinniú in 2019. Tá tuarascáil

mhionsonraithe maidir le comhdhéanamh an Bhoird, a chomhaltaí, coistí, sceideal agus freastal ar chruinnithe Boird agus Coiste i 2019 le fáil sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird laistigh de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (Cuid II) sna tuarascála seo.

POF agus Foireann Feidhmiúcháin

Déanann an Bord bainistíocht, rialú agus treoir laethúil na Gníomhaireachta a tharmligeann chuig an bPríomhfheidhmeannach ach amháin na feidhmeanna sonracha a choinníonn sé dó féin. Coinnítear maoirseacht ar chinntí, a tharmligeann an Bord, trí chreat láidir tuairiscithe lena mbaineann struchtúr choiste an Bhoird, an POF agus an Fhoireann Feidhmiúcháin. In 2019 leathnaíodh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí isteach san Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach chun Stiúrthóirí Réigiúnacha a áireamh. I Meán Fómhair 2019 cheap an Bord Bernard Gloster mar an POF.

Comhalta den Fheidhmeannas	Ról	Foireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS)	Foireann Ceannasaíochta Sinsearaí (FCS)
Bernard Gloster	POF (ón 16 Meán Fómhair 2019)	✓	✓
Jim Gibson	COO	✓	✓
Pat Smyth	POF Eatramhach (go dtí 16 Meán Fómhair 2019)	✓	✓
Pat Smyth	Stiúrthóir Airgeadais	✓	✓
Eoin Sheridan	Stiúrthóir Eatramhach Airgeadais (go dtí 16 Meán Fómhair 2019)	✓	✓
Colette Walsh	Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna (d'éirigh as 7/10/2019)	✓	✓
Kim Hayes	Stiúrthóir Eatramhach ar Acmhainní Daonna (ceaptha ar an 11/10/2019)	✓	✓
Brian Lee	Stiúrthóir Cáilíochta agus Dearbhaithe	✓	✓
Cormac Quinlan	Stiúrthóir ar Aistriú agus Polasaí	✓	✓
Laura Slevin	Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha	✓	✓
Pamela Benson	Stiúrthóir ar Sheirbhísí Dlíthiúla	✓	✓
Fergus O’Cuachain	Stiúrthóir TFC	✓	✓
Alan Breen	Ceannaire Cumarsáide		✓
Linda Creamer	Stiúrthóir Seirbhíse, DNE		✓
Patricia Finlay	Stiúrthóir Seirbhíse, DML		✓
Dermot Halpin	Stiúrthóir Seirbhíse, Ó Dheas		✓
Aisling Gillen	Stiúrthóir Seirbhíse, Thiar		✓
Donal McCormack	Stiúrthóir Seirbhíse, Seirbhísí Cónaithe		✓
Noel Kelly	Stiúrthóir, TESS		✓
Fiona McDonnell	An Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta Rialachán um Sheirbhísí Leanaí		✓



- Athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí cleachtais agus iad a mheas agus an dóigh a bhfuil siad á n-aithint, , á mbainistiú, á monatóireacht á maolú agus á dtuairisciú ag an mbainistíocht.

An Coiste Forbartha Eagraíochta, Luach Saothair agus Comharbais, an Coiste Rialachais / An Coiste Forbartha Eagraíochta

Is é seo líon na gcruinnithe a eagraíodh in 2019:

Coiste	Cruinniú
An Coiste Forbartha Eagraíochta, Luach Saothair agus Comharbais	0
An Coiste Rialachais	2
An Coiste Forbartha Eagraíochta	3

An Coiste Forbartha Eagraíochta, Luach Saothair agus Comharbais (FELSC)

Ba é ról an FELSC a chinntiú go raibh forbairt polasaithe agus straitéise ag teacht leis na haidhmeanna atá leagtha amach sa phlean straitéiseach; chun a dheimhniú go raibh an fheidhm cumarsáide éifeachtach agus á cur i bhfeidhm mar chuid den chreat straitéiseach corparáideach comhaontaithe; chun a dhearbhu go gcloíonn Tusla le polasaí reatha an rialtais faoi chúrsaí pá agus luach saothair.

Rinne an Bord cinneadh a chuid fochoistí a laghdú ó cheithre go trí cinn i ndiaidh ceardlann Boird, a éascaíodh go seachtrach i mí Feabhra 2019. Níor eagraigh an Coiste Forbartha Eagraíochta, Luach Saothair agus Comharbais cruinniú ar bith in 2019.

An Coiste Rialachais

Ba é cuspóir an Choiste Rialachais a dheimhniú go ndéanadh an Bord a dhualgais dlíthiúla agus feidhmiúla a chomhlíonadh.

Bhí beirt bhall den Bhord ar an gCoiste agus in 2019 dhírigh sé ar na hábhair seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chomhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus agus leis na riachtanais ábhartha reachtacha. Bhuaill le hAonad Rialachais an DCYA;
- Athbhreithniú agus machnamh déanta ar an gComhaontú Maoirseachta idir Tusla agus an DCYA agus é molta don Bhord lena cheadú;
- Ábhar athbhreithnithe agus comhaontaithe na dtuarascálacha bliantúla, seachas na ráitis airgeadais bhliantúla agus an ráiteas ar rialú inmheánach sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iomlán iad.

An Coiste Forbartha Eagraíochta

Bhunaigh Bord Tusla Coiste Forbartha Eagraíochta chun machnamh a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird faoi na saincheisteanna eagraíochtúla straitéiseacha, agus i roinnt réimsí faoi leith, chun socruithe a fhaomhadh i gcás ina mbeidh na feidhmeanna seo dáilte ag an mBord chuig an gcoiste. Tá triúr ball den Bhord ar an gCoiste Forbartha Eagraíochta. D’fheidhmigh an ODC le folúntas amháin, folúntais a líonadh i mí Eanáir 2020 nuair a ceapadh ball Boird.

Dhírigh an coiste ar na ceisteanna seo a leanas in 2019:

- Rinne athbhreithniú ar chomhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016;
- Rinne athbhreithniú ar Shonraí Feidhmíochta Acmhainní Daonna;
- Rinne athbhreithniú ar Straitéis Bainistíochta Sonraí Tusla agus fuair agus rinne machnamh ar thuarascálacha ar an gCóras Náisiúnta Faisnéise um Chúram Leanaí;
- Rinne breithniú ar Athchóiriú Struchtúir Eagraíochta agus chuir moltaí faoi bhráid an Bhoird.

Léirítear thíos sceideal ballraíochta agus tinrimh ar Bhord agus Coistí na Gníomhaireachta in 2019

	Bord	An Coiste Iniúcháireachta	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste um Dhearbhú Cáilíochta agus Seirbhíse	An Coiste Seirbhíse agus Cáilíochta	An Coiste Forbartha Eagraíochta	An Coiste Rialachais	Líon cruinnithe ar freastaladh orthu	Líon cruinnithe ar féidir freastal orthu in 2019
	(12 Cruinniú)	(3 Cruinniú)	(4 Cruinniú)	(1 Cruinniú)	(4 Cruinniú)	(3 Cruinniú)	(2 Cruinniú)		
Pat Rabbitt	12							12	12
Anne O’Gara	12				4			16	16
Rory O’Ferrall	11	3	4					18	19
Paul White	10			1		3	2	16	18
Deirdre Kiely	10	2	4					16	19
Sean Holland	8			1	4			13	17
Liam Irwin	12		3		4			19	20
Teresa Kilmartin*	5							5	5
Avril McDermott	10	3				3	2	18	20
Patricia Doherty*	0								2
Bernadette Costello (Ball Neamhspleách)				1				1	4
Richard George (Ball Neamhspleách)		3	4					7	7

* Ball boird mar chuid den bhliain amháin – tréimhsí ceapaacháin sa tábla roimhe
Tá na faisnéisithe a theastaíonn le haghaidh táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird le fáil i NÓTA 2 agus NÓTA 3 de na Ráitis Airgeadais.

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Athbhreithnithe 2016)

Leagtar amach sa Chód Cleachtais (2016) dualgais bhreise tuairiscithe do Chomhlachtaí Stáit i réimsí mar Thaisteal agus Cothabháil, Comhairleacht, Íocaíochtaí Iomarcaíochta / Scoir, Fáilteachas agus Caiteachas Dlíthiúil. Tá na faisnéisithe a cheanglaítear leis an gCód leagtha amach thíos nó curtha san áireamh mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

(a) Taisteal agus Cothabháil

	2019 €’000	2018 €’000
Sa Bhaile		
Bord	4	2
Fostaithe	13,343	11,771
As Baile**		
Bord	-	-
Fostaithe	(271)*	(63)*
Iomlán	13,076	11,710

Ba é an caiteachas airgid ar Thaisteal Neamh-Intíre in 2019 ná €150k (2018 €49k)
* Tá figiúirí diúltacha a cuireadh i láthair in Taisteal agus Cothabháil Neamh-Intíre do 2019 agus 2018 mar gheall ar fhabhruithe a aisiompú. Is iad íocaíochtaí Taistil agus Cothaithe i leith chomhaltaí an Bhoird na híocaíochtaí a íoctar go díreach chomh maith le costais a eisíocann an Ghníomhaireacht

(b) Caiteachas ar Sheirbhísí Gairmiúla (de réir príomhréimse)

Áirítear le Seirbhísí Gairmiúla costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ foinsithe allamuigh:

	2019 €’000	2018 €’000
Pleanáil Straitéiseach, Athchóiriú Eagrúcháin & Athstruchtúrú	435	395
Acmhainní Dlíthiúla & Daonna	44	196
TFC	17	69
Airgeadas agus Cánachas	-	1
GDPR / Cosaint Sonraí	-	61
Cothú	109	192
Eile (Lena n-áirítear Sláinte, Cúram Sóisialta & Gnó)	399	320
Iomlán	1,004	1,234

Ráiteas maidir le Srianta Inmheánacha

(c)Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Cuntas Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Fáilteachas Foirne	-	4
Fáilteachas Cliant	-	1
Iomlán	-	5

(d) Costais Dlí agus Cúitimh

Leagtar amach sa tábla thíos miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse faoi thuairisc maidir le le costais dlí agus socraíochtaí a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear leis seo caiteachas arna thabhtú i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fhaigheann an Ghníomhaireacht:

	2019 €'000	2018 €'000
Costais Dlí	1	19
Socrúithe Dlí	166	70
Iomlán	167	89

4 an líon iomlán an chúitimh dhlíthiúil (socraíochtaí) don Ghníomhaireacht le linn 2019.

(e) Íocaíochtaí Iomarcaíochta / Scoir & Blianta Breise chun críocha Pinsins

Ba é an caiteachas iomlán ar íocaíochtaí iomarcaíochta / scoir don Ghníomhaireacht le linn 2019 ná € 28.5k (2018: € NIL). Níor bhronn an Ghníomhaireacht aon bhlianta breise chun críocha pinsin do bhaill foirne.

Ghlac an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a dheimhniú go ndéantar an Cód a chomhlíonadh. Bhí an Ghníomhaireacht ag teacht go mór leis an gCód Cleachtais do 2019.

Príomh-Athruithe Pearsanra

Ba mhian leis an mBord treisiú le gach ball den Bhord atá ag éirí as oifig as a dtiomantas agus a gcaidreamh luachmhar don Ghníomhaireacht ó bunaíodh é an 1 Eanáir 2014. Ba mhian leis an mBord fosta fáilte a chur roimh gach ball nuacheaptha in 2019 agus 2020. Ba mhaith leis an mBord buíochas a ghabháil leis an Uasal Pat Smyth a sheas isteach mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ón 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 16 Meán Fómhair 2019 agus fáilte a chur roimh an Uasal Bernard Gloster a ghlac post mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ón 16 Meán Fómhair 2019.



Pat Rabbitte
Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2020

Dualgas as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Is mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach a dhéanaim an ráiteas seo le haghaidh an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige thar ceann an Bhoird agus is ann a admháimid ár ndualgas as a dheimhniú go gcothaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Is tríd an gcóras seo a thacaítear le polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach a bhaint amach agus cistí poiblí agus sócmhainní na Gníomhaireachta á gcosaint againn mar Ghníomhaireacht.

Áirítear leis an dualgas seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Ghníomhaigh an Bord de réir na ndualgas a dháil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA). Is léiriú é an Ráiteas seo ar staid an Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

Cuspóir an Choráis Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus an struchtúr bainistíochta ar gach leibhéal den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach freagrach don Bhord as rialuithe inmheánacha ar a bhfeidhmeanna faoi seach a chur i bhfeidhm agus a choinneáil. Tá daingniú an chórais rialaithe inmheánaigh ceaptha chun a chinntiú go mbeidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in ann freagairt do rioscaí oibriúcháin agus go ndéantar saincheisteanna rialaithe suntasacha, má thagann siad chun cinn, a chur in iúl go gasta don leibhéal cuí bainistíochta. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a laghdú agus a aithint in áit deireadh a chur le riosca. Ní féidir le córas na Gníomhaireachta ach dearbhú réasúnach in áit dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnófar sócmhainní a, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a thabhairt faoi deara in am.

Mar a éilítear de réir Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) um

Rialú Comhlachtaí Stáit, faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Leanaí agus Óige agus Alt 13 (2) (d) den Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach 2013, déanaim an ráiteas seo mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach thar ceann an Bhoird chun socrúithe na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh a léiriú chun córas rialachais agus rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm ina gcuimsíonn an méid seo a leanas:

- a) Na treoirphrionsabail bainteach leis an nGníomhaireacht mar chomhlacht poiblí ag féachaint dá feidhmeanna mar a shainmhínítear in Alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach 2013;
- b) Struchtúr na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, lena n-áirítear róil agus dualgais an Bhoird agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF);
- c) Na próisis agus na treoirlínte atá le leanúint lena dhearbhu go ndéantar na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh atá sainordaithe ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach leis an Acht nó faoi;
- d) Rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, lena n-áirítear a nósanna imeachta bainteach le hiniúchtaí inmheánacha, bainistíocht riosca, soláthar poiblí agus tuairisciú airgeadais; agus
- e) Nádúr agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le daoine ar féidir le daoine a bheith ag súil leo agus iad ar lorg seirbhísí nó seirbhísí á soláthar ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Leagtar amach sa Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach an dóigh ar cuireadh na dualgais seo chun críche agus áirítear ann measúnú ar na córais rialachais chorparáidigh, rialuithe inmheánacha agus bainistíochta riosca atá i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dheimhnigh gur comhlíonadh na freagrachtaí seo.

Tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag déanamh dul chun cinn trí chlár thábhachtacha athraithe. Mar gheall ar scála agus castacht na n-athraithe seo beidh infheistíocht

leanúnach ama agus acmhainní ag teastáil chun cuspóirí na Gníomhaireachta bhaint amach mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach. Cuimsíonn scóip an athraithe claochú ar fud na heagraíochta ar sheirbhísí agus phróisis ghnó atá ann cheana chomh maith le soláthar modhanna nuálacha nua chun seirbhísí a chur ar fáil agus deireadh a chur le seanphróisis nach dtagann le cuspóirí na Gníomhaireachta.

Ó cuireadh an Ghníomhaireacht ar bun tá feabhsúcháin leanúnacha á ndéanamh aici agus tá cur síos déanta orthu inár bPlean Corparáideach agus i bPleananna Gnó ina dhiaidh sin a chuirtear amach go bliantúil ag tús gach bliana. Mar gheall air seo tháinig feabhas ar ár gcuid seirbhísí lena n-áirítear ár nósanna imeachta maidir le rialachas agus rialuithe inmheánacha agus seachtracha. In 2019 lean an Ghníomhaireacht ag déanamh infheistíochta in acmhainní breise chun tacaíocht ghnó a sholáthar agus chun acmhainn na Gníomhaireachta a fheabhsú thar roinnt clár athraithe. Seo a leanas an dul chun cinn ar na cláir in 2019:

- I rith na bliana 2019 choinnigh Stiúrthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) na Gníomhaireachta ar chlár um chlaochlú digiteach agus sonraí a chur chun cinn. I measc na bpríomhthionscnamh a cuireadh i gcrích in 2019 cuireadh tionscadal soghluaiste cumasaithe dhá bhliain i gcrích chun ríomhairí glúine agus fóin chliste a chur ar fáil do gach ball foirne oibre sóisialta; leathnaíodh Tairseach ar líne Tusla chun tacú le Clárú Luathbhlianta, Iarratais Mhaoinithe agus Atreoruithe Iarbhreathnaitheacha a dhigitiú; seoladh Mol ar líne Tusla chun rochtain phoiblí a chur ar fáil ar shonraí feidhmíochta Tusla agus ar phríomh-mhéadrachtaí i bhformáid so-úsáidte agus amhaire chun cuidiú le pleanáil agus taighde seirbhíse a bhaineann le leanaí agus teaghlaigh a threorú; Seoladh Straitéis Bainistíochta Sonraí Tusla 2019-2022 agus is í agus an chéad Straitéis Sonraí do sheirbhísí leanaí agus teaghlaigh in Éirinn, straitéis a bhfuil sé mar aidhm aici bainistíocht na sonraí atá i seilbh Tusla a fheabhsú ar bhealach slán, iomlánaíoch agus comhsheasmhach ina ndéantar freastal ar na sonraí agus an fhaisnéis riachtanais

pháirtithe leasmhara uile Tusla maidir le torthaí níos fearr a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga, do theaghlaigh agus do phobail. Ó thaobh na hoibríochta de, rinne foireann TFC Tusla bainistíocht ar níos mó ná daichead míle scairt tacaíochta agus chuir siad siad ar fáil os cionn caoga mórhionscadal in 2019. I 2020 beidh tuilleadh feabhsuithe ina mbeidh fócas ar leith ar fheabhas a chur ar threalamh agus seirbhísí TFC in oifigí réigiúnacha, trína dtacófar le príobháideacht sonraí agus trína seolfar córas nua um bainistíocht cásanna chun tacú le hobair Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), Nós Imeachta Substaintí um Mí-Úsáid Leanaí (CASP), seirbhísí Cónaithe agus Luathbhlianta;

- Leathadh amach an Córas Náisiúnta um Fhaisnéis ar Chúram Leanaí (NCCIS) ar bhonn náisiúnta in 2018. Tá teacht ag na 17 réimse oibre sóisialta ar fad ar chóras amháin faisnéise comhtháite agus cothrom le dáta maidir le cásanna cosanta agus leasa leanaí. D'fhócasaiigh an Ghníomhaireacht acmhainní agus oiliúint shuntasach d'fhonn a chinntiú gurb é NCCIS an príomhchóras chun taifead a dhéanamh ar gach faisnéis faoi obair shóisialta sna réimsí lena mbaineann Iontógáil Dleachta, Cosaint Leanaí agus Leasa agus Leanaí i gCúram chomh maith le húsáid pháirteach le haghaidh Altramaí agus Iarchúraim. Tá cuid mhór faisnéise ag NCCIS a rialófar agus a eagrófar chun bainistíocht ualach cásanna a fheabhsú. Tá forbairt leanúnach NCCIS mar phríomhghné de chuid Straitéis Cosanta agus Leasa Leanaí na Gníomhaireachta, den Straitéis TFC agus den Straitéis um Bainistiú Sonraí.
- Is é an coimisiúnú an cur chuige atá i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht lena dheimhniú go ndéantar maoiniú deontaschúnta faoi Alt 56-59 den Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach (2013) a dháileadh ar bhealach oscailte, dírithe ar thorthaí, bunaithe ar fhianaise agus rannpháirteach. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta na hacmhainní iomlána atá ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh a úsáid ar an dóigh is éifeachtaí, is cothroime, is iomchú agus is inbhuanaithe chun torthaí a fheabhsú do leanaí agus do theaghlaigh. Foilsíodh Straitéis Choimisiúnaithe agus

tacar Tusla in 2019. Tugtar sa straitéis agus sa tacar breac-chuntas ar chur chuige nua i leith coimisiúnú agus príomhphrionsabail agus tosaíochtaí don Ghníomhaireacht. Baineann an straitéis le gach ball foirne agus le gach eagraíocht arna mhaoiniú de réir Alt 56-59 agus féachtar ann le cur chuige caighdeánaithe náisiúnta aimsiú ann maidir le cleachtas a choimisiúnú atá leabaithe go heagraíochtúil ó leibhéal náisiúnta, réigiúnach go leibhéal áitiúil. Seoladh an Tairseach Coimisiúnaithe le Treoir ag an Aonad Coimisiúnaithe agus cuireadh in iúl é don fhoireann ábhartha go léir i mí Eanáir 2019;

- I rith 2019 lean an Ghníomhaireacht ag cur na Straitéise um Chosaint agus Leas Leanaí (CPWS) 2017-2022 i bhfeidhm. In 2019 críochnaíodh réimse de chlár de réir sceidil inar freastalaíodh ar riachtanais foghlama agus forbartha na foirne sa líne thosaigh. Cuireadh chun críche príomhthionscadail eagrúcháin maidir le hailíniú polasaithe agus rinneadh iniúchadh ar chur i bhfeidhm cleachtais chun monatóireacht a dhéanamh ar a mhéad agus a bhí an cur chuige náisiúnta nua i leith an chleachtais a chur i bhfeidhm - Comharthaí Sábháilteachta;
- Cuireadh ar bun Seirbhís Náisiúnta Lasmuigh d'uaireanta Éigeandála in 2018 ina ndearnadh na Seirbhísí Corcaigh agus Baile Átha Cliath atá ann cheana a chur le chéile. Tháinig méadú ar na leibhéil foirne sa tseirbhís seo. Chuaigh líne Tacaíochta Altramaí Éigeandála Lasmuigh d'uaireanta Oibre beo i mí na Samhna 2019 agus tá sé ar fáil do gach Cúramóir Altrama Tusla;
- Cuireadh i bhfeidhm clár oiliúna náisiúnta in 2019 chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí

Náisiúnta um Bainistíocht Ualach Cásanna. Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí agus an tacar cur chuige comónta a sholáthar ar bhonn náisiúnta ionas go bhféadtar inrianaitheacht ualach na gcásanna a mheas go leanúnach mar chuid den phróiseas chun cásanna, cleachtas machnamhach agus tacaíochta don fhoireann a bhainistiú go sábháilte agus go héifeachtach. Seoladh clár oiliúna ar líne freisin i mí Iúil 2019 chun a dheimhniú go mbeidh teacht láithreach ag iontrálaithe nua ar Tusla ar oiliúint maidir le cur i bhfeidhm agus úsáid an Pholasaí um Bainistíochta Ualach Cásanna agus a fhoireann uirlisí;

- Clár cuimsitheach atá sa Chlár um Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS) d'obair luath-idirghabhála agus choiscitheach ar Tusla fúithi, le tacaíocht ó Ionad Taighde Leanaí agus Teaghlach UNESCO, OÉ Gaillimh. Mar gheall ar an gClár PPFS tá idir-ghabháil agus cosc á neartú laistigh den Ghníomhaireacht. Is é cuspóir an chlár bac a chur ar rioscaí do leanaí agus do daoine óga a theacht chun cinn nó a dhul in olcas trí acmhainn intleachtúil inbhuanaithe agus daonchumhacht a fhorbairt mar chuid de de Tusla agus eagraíochtaí comhpháirtíochta chun obair luath-idirghabhála a dhéanamh;
- I gcomhar le Soláthar na Seirbhíse Gnó Sláinte (HBS) agus leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) bronnadh ocht gconradh Soláthair arbh fhiú € 2.6m gan CBL a áireamh in 2019 ó roinnt catagóirí: Comhairleacht, Oideachas agus Oiliúint, Bainistíocht Doiciméad agus TFC.

Cuntasacht

Choinnigh an Bord le Phlean Corparáideach (2018-2020) a chur i bhfeidhm mar a cheadaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige é. Leagtar amach ann cuspóirí an Bhoird thar thréimhse trí bliana le spriocanna iomchuí agus príomhbhearta feidhmíochta aitheanta.

Leagtar amach an Plean Corparáideach i ndiaidh próiseas comhairliúcháin ina gcuirtear tuairimí chomhaltaí an bhoird, na bainistíochta, na foirne, úsáideoirí seirbhíse san áireamh agus ina gcuirtear san áireamh tosca seachtracha ar nós pholasaí an rialtais agus riachtanais na ngeallsealbhóirí. Tugann gach réimse seirbhíse faoi roinnt gníomhaíochtaí oibríochta ina gcomhlíontar cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlach, gníomhaíochtaí atá deartha chun na haidhmeanna corparáideacha a shásamh. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcomparáid le cuspóirí agus príomhbhearta feidhmíochta gach ráithe agus tuairiscítear é seo don Bhord agus don Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige. Tuairiscítear feidhmíocht de réir an Phlean Corparáidigh sa Tuarascáil Bhliantúil ag deireadh gach bliana airgeadais.

Caitheann an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cistí poiblí ar sholáthar seirbhísí leanaí agus teaghlaigh ar son mhuintir na hÉireann. Tá na freagrachtaí a bhaineann le caiteachas arna dtabhú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach dian maidir leis an gcuntasacht agus trédhearcacht de d'fhonn ár bhfreagracht as an maoiniú a thagann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chomhlíonadh. Tá na dualgais seo leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach 2013, sa Chód Caiteachais Phoiblí agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Gníomhaireacht ag brath ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a sholáthraíonn seirbhísí i réimsí an phárolla, acmhainní daonna, pinsean, bainistíocht eastáit, TFC, soláthar, iniúchadh inmheánach, mórleabhar ginearálta, socrúithe baincúireachta, próiseáil sonrasc agus íocaíochtaí thar ceann na Gníomhaireachta, arna rialú trí Mheabhrán Comhthuisceana agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse ábhartha idir na heagraíochtaí.

Tháinig sé seo ón gcóras rialaithe a bhí ann do na seirbhísí roimhe seo nuair a bunaíodh an Gníomhaireacht. Bíonn an Gníomhaireacht i gcónaí ag déanamh athbhreithnithe ar oibriú na rialuithe seo go himmheánach le FSS, an tSeirbhís Ghnó Sláinte (HBS) agus le cuidiú ón Iniúcháireacht Inmheánach. Tá an Gníomhaireacht ag brath ar na próisis agus na rialacháin seanbhunaithe seo atá á mbainistiú ag FSS chun tacú lena rialuithe inmheánacha ar fud na réimsí seo.

Córas Rialaithe Inmheánaigh

Déantar an córas rialaithe inmheánaigh, a bhíonn de shíor ag athrú de réir a nádúir, a fhorbairt, a chothabháil agus a mhonatóireacht go leanúnach mar fhreagairt ar riachtanais na heagraíochta. Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis agus nósanna imeachta, atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, atá i bhfeidhm ar fud na Gníomhaireachta Leanaí agus Teaghlaigh:

- Is ann go rialta do próiseas tuairiscithe bainistíochta agus creat de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgas a scaradh, córas roinnte agus cuntasachta agus córas chun caiteachas a údarú;
- Ghlac an Gníomhaireacht le bunú Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS, atá á ndréachtú in athuair faoi láthair chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na Gníomhaireachta. Is cuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh na Rialacháin Airgeadais agus cuireadh iad i dtoll a chéile chun an cleachtas is fearr atá ann faoi láthair a chur in iúl. Tá comhlíonadh na Rialachán Airgeadais éigeantach do gach ball foirne ar fud na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach;

- Chuir an Gníomhaireacht nósanna imeachta i bhfeidhm atá ceaptha chun comhlíonadh leis ciorcláin phá agus taistil go léir a thagann amach an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a neartú. Aithnítear aon eisceacht agus tuairiscítear iad gach bliain don Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige, de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar éifeachtachtúlacht an chórais rialuithe inmheánaigh, tugadh faoi shuirbhé d'fhoireann ag Grád VIII (nó a mhacasamhail) agus os a chionn chun Ráiteas Dearbhaithe Rialuithe a chomhlánú, ag deimhniú go bhfuil siad ag cloí le polasaithe agus nósanna imeachta agus léiriú go bhfuil rialuithe ann agus atá i bhfeidhm ina réimse freagrachta, nó a aithníonn an áit a bhfuil eisceachtaí nó laigí. Nuair a aithnítear laigí, tugtar fúthu mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca; agus
- Is í is feidhm leis an Iniúcháireacht Inmheánach clár pleanáilte d'Iniúcháireachtaí Inmheánacha a dhéanamh ar sheirbhísí arna mbainistiú ag Tusla agus ar ghníomhaireachtaí arna maoiniú ag Tusla. Tuairiscítear torthaí na hoibre seo a rinneadh in 2019 i ráiteas faoi leith ar rialú inmheánach (SIC). Tuairiscíonn Ceann na nIniúcháireachtaí nmheánacha ag gach Coiste Iniúchta agus Riosca.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Is éard atá i gceist le bainistíocht riosca an próiseas ina ndéantar rioscaí a aithint, a anailísiú, a bhainistiú, a thaifeadadh, a mhonatóiriú agus a thuairisciú ar bhonn córasach. Is gníomhaíocht ghnó go hiomlán comhtháite agus dhá phríomhchuid mar chuid de: a) sainathint riosca go réamhghníomhach agus b) bainistíocht riosca go softwreagrach. Aithníonn an Gníomhaireacht go bhfuil ag bainistíocht riosca fite fuaite fríd a chéile le dea-rialachas agus le seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeáin a chur ar fáil. D'fhorbair an Gníomhaireacht próisis bhainistíochta riosca atá faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla agus leanann sí uirthi ag forbairt próisis fheabhsaithe maidir le cumarsáid riosca agus tuairisciú don Bhord.

Agus cinneadh á ghlacadh ag an nGníomhaireacht is í sábháilteacht agus folláine leanaí agus teaghlach a chothabháil agus a bhaint amach an phríomhcheist a bhíonn ann. Caithfear cinntí a dhéanamh go minic faoi choinníollacha éiginnteachta. Baineann sé seo, cinntí a ghlacadh faoi choinníollacha éiginnteachta, breithiúnas, luachanna agus cothromaíocht agus na roghanna éagsúla atá ar fáil mheas. Aithníonn an Gníomhaireacht mbíonn sí ag feidhmiú i réimse íogair agus dúshlánach. Is cuid dosheachanta de chosaint leanaí agus d'fheidhmeanna reachtúla eile Tusla riosca agus éiginnteacht.

Leagtar amach i bPolasaí agus Nós Imeachta Bainistíochta Riosca Eagrúcháin na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ár dtiomantas lena chinntiú go bhfuil prionsabail agus cleachtais bhainistíochta riosca mar chuid lárnach dár:

- Cultúr
- Socrúithe Rialachais agus cuntasachta
- Próisis chinnteoireachta
- Pleanáil straitéiseach agus oibríochtúil
- Próisis tuairiscithe, athbhreithnithe, measúnaithe agus feabhsúcháin

De réir an pholasáí, tá dualgas aonair agus comónta ag baill foirne agus ag bainisteoirí ag gach leibhéal ar fud na Gníomhaireachta as riosca a aithint agus a bhainistiú i gcúrsaí cinnteoireachta agus i bpleanáil laethúil. Sa chruth is go mbeidh bainistíocht riosca mar chuid de chleachtais laethúla, éilítear ar gach ball foirne an dualgas seo a aithint agus glacadh leis, mar dhualgas. Tá an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach tiomanta na struchtúir, na próisis, an traenáil agus na tacaíochtaí eile is gá a bhunú agus a sholáthar chun an polasaí agus an nós imeachta seo a chur i bhfeidhm. Mar fhreagairt air seo in 2019 mhéadaigh an Gníomhaireacht acmhainní don fhoireann bainistíochta riosca.

Sa chás ina sainaitheann rioscaí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar chuspóirí straitéiseacha foriomlána na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach déantar iad a thaifeadadh ar Chlár Náisiúnta Riosca Corparáideach na Gníomhaireachta. Tá na cuspóirí straitéiseacha corparáideacha seo mionsonraithe i bPlean Corparáideach na Gníomhaireachta 2018-2020 mar a leanas:

- Cur chuige comhtháite ar fud na Gníomhaireachta a chur i bhfeidhm maidir le gach tacaíocht agus seirbhís Tusla, le bealaí soiléire freagrúla chun torthaí níos fearr a bhaint amach;
- Seirbhísí a rialáil go comhsheasmhach agus go comhréireach trí Chreataí Cáilíochta agus Rialála a úsáid chun comhlíonadh a chinntiú agus a fheabhsú agus seirbhísí do leanaí a spreagadh;

- A chinntiú go bhfuil seirbhísí a sholáthraíonn agus a choimisiúnaíonn Tusla sábháilte, faoi stiúir mhaith, eolas-bhunaithe, dírithe ar thorthaí agus intomhaiste;
- Caidrimh chomhoibritheacha, cleachtais rannpháirteacha agus cumarsáid éifeachtach a fhorbairt leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun cur chuige comhordaithe a sholáthar maidir le seirbhísí a sholáthar;
- Tacú le beartas agus reachtaíocht an rialtais agus iad a threorú trí bheartais, straitéisí, clár agus creataí Tusla a fhorbairt agus a chomhordú;
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí corparáideacha (eastáit, airgeadas, rialachas, AD, TFC, dlí) éifeachtach chun tacú le seachadadh seirbhísí Tusla.

Aithnítear sa chlár náisiúnta riosca corparáideach rioscaí i gcoinne na gculpóirí straitéiseacha seo agus sonraítear ann na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm chun iad a bhainistiú. Is meicníocht é freisin chun dearbhú agus fianaise a sholáthar don Bhord go bhfuil riosca á aithint, á mheas agus á bhainistiú agus go bhfuil raon beart rialaithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun na rioscaí a shainaithnítear a mhaolú.

Tá clár riosca ag leibhéil éagsúla laistigh den Gníomhaireacht Leanaí agus an Teaghlach ionas gur féidir iad a bhainistiú ag an leibhéal freagrachta is iomchuí mar a léirítear thíos.

Léaráid de na leibhéil éagsúla tuairiscithe agus monatóireachta riosca laistigh den Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach

Struchtúr / Líne Thuairiscithe	Monatóireacht agus Maoirseacht ar Leibhéal Thíos	Clár Rioscaí	Measúnaigh agus Ardaigh Riosca
Bord agus Coiste Iniúchta agus Riosca			
Príomhfheidhmeannach agus Foireann Shinsearach Bhainistíochta		Clár Rioscaí Corparáideach	
Príomhoifigeach Riosca do Stiúirthóir Náisiúnta			
Soláthar Seirbhíse / Bainistíocht Fheidhmeach e.g. Stiúirthóir Seirbhíse, Bainisteoir Náisiúnta		Náisiúnta/Seirbhís Réigiúnach/Bainistíocht Soláthair Fheidhmigh	
Bainisteoir Ceantair, Bainisteoirí Réigiúnacha, Bainisteoirí Foirne eile		Seirbhís/Aonad Soláthraithe Feidhme	
Gach Ball Foirne			

Polasaí Bainistithe Riosca: Fíor 1: Forbhreathnú ar Chuntasacht agus Freagracht Riosca laistigh de Thusla

Tá an Coiste Iniúchtóireachta agus Riosca freagrach as Straitéis Bainistíochta Riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus as a bheith obair leis an gCoiste Seirbhíse agus Cáilíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar na príomhrioscaí.

Mar fhreagairt ar an riosca agus an éiginnteacht bhunúsach i seachadadh seirbhísí maidir le cosaint leanaí agus feidhmeanna reachtúla eile Tusla, déantar tuairiscí eile go rialta ar stádas na rioscaí corparáideacha a chuirtear faoi bhráid an

Choiste Iniúchtóireachta agus Riosca agus faoi bhráid an Choiste Seirbhíse agus Cáilíochta atá cuimsitheach, ceannródaíoch agus ina ndírítear ar na rioscaí a éilíonn an aird is mó agus an Bord ag cur próisis mhaoirseachta i bhfeidhm.

Déantar maoirseacht bhreise ar na rioscaí corparáideacha go rialta agus cuirtear an clár náisiúnta riosca corparáideach ar fáil don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige gach ráithe agus don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar chuid dá bpróiseas iniúchtóireachta.

Ar a bharr seo, is minic a chuirtear an clár riosca corparáideach náisiúnta ar fáil do HIQA i ndiaidh dó é a iarraidh.

Chomh maith leis sin, tagann an Feidhmeannas agus an Bord le chéile go rialta leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar a ndéantar plé agus comhaontú ar ábhair na rioscaí agus na mbeart chun dul i ngleic leis na rioscaí seo.

Mar achoimre tá an fócas riosca seo a leanas ar an gClár Riosca Corparáideach ina sainithnítear úinéirí riosca:

- Cumas/próisis páistí a chosaint agus freagairt córais go tráthúil do leanaí atá i mbaol;
- Go bhfuil gach próiseas agus córas atá mar bhonn agus taca le beartas agus seirbhísí leanaí agus teaghlaigh bunaithe ar fhianaise agus oiriúnach don fheidhm;
- Go bhfuil córais shábháilte oibre i bhfeidhm a thacaíonn le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, le húsáideoirí seirbhíse agus bhaill an phobail;
- Lucht saothair atá oiriúnach don fheidhm agus a fhreagraíonn do éileamh atá ar an tseirbhís a chomhlíonadh; agus
- Eagraíocht atá oiriúnach don fheidhm chun ár n-intinn straitéiseach a sholáthar.

I dtuarascáil ó Mhárta 2020 ón Iniúchadh Inmheánach ar Chreat Náisiúnta Bainistíochta Riosca Corparáideach na Gníomhaireachta tugadh de rogha Iniúchóireachta Dearbhaithe Teoranta a sholáthar agus sainithníodh ann 14 mholadh iniúchóireachta ba chóir do Tusla cur i bhfeidhm chun tabhairt faoi laigí laistigh den chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe. Ghlac an bhainistíocht leis na moltaí gur chomhaontaigh siad plean gníomhaíochta mionsonraithe. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht ar chur i ngníomh na moltaí.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh aige seo a leanas:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Bainisteoirí Sinsearach na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach
- An Rannán Iniúchóireachta Inmheánaigh Náisiúnta
- An Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta
- An tAonad Coimisiúnaithe
- Aonad um Chomhlíonadh Airgeadais.

Tá bainistíocht shinsearach na Gníomhaireachta freagrach as an gcreat rialaithe bainistíochta a fhorbairt agus a chothabháil. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí athbhreithniú ar na tráchtanna agus na moltaí atá i dtuarascálacha agus i litreacha bainistíochta arna n-eisiúint ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Coiste um Chuntais Phoiblí agus Iniúchóireachta Inmheánaí. Glactar bearta chun moltaí iniúchóireachta a chur i ngníomh a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú orthu ansin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

Cuirtear amach agus foilsítear Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla gach bliain chun léargas a thabhairt do gheallsealbhóirí ar fheidhmíocht don bhliain roimhe sin. Tuarascáil chuimsitheach atá ann ar ghníomhaíocht, éachtaí, dúshlán agus feidhmíocht airgeadais na heagraíochta de réir Phlean Gnó 2019. Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla na Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlach faoi réir iniúchóireacht reachtúil ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is tríd na ráitis airgeadais iniúchóireachta seo a thugann an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cuntas ar an ndóigh a n-úsáidtear na hacmhainní a leithdháiltear ón rialtas. Is riachtanas dlíthiúil é Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Leanaí agus um Teaghlach faoi Alt 13 de Acht na Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlach 2013.

Infheistíocht Chaipitil agus Measúnú

Lean Foireann Bainistíochta Sinsearaí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta maidir le caiteachas cistí caipitil, € 14.4m in 2019 (2018: € 13.2m).

Acmhainní Stáit

Le linn 2019 ní bhfuair an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le sócmhainní Stáit ar luach ábhartha.

Calaois agus Mírialtacht

Chuir an Gníomhaireacht próiseas tuairiscithe ar bun chun fógra a thabhairt faoi eachtraí calaoiseacha nó neamhrialtachtaí líomhnaithe ar bith. Is iad na páirtithe chuirtear ar an eolas faoi eachtraí calaoiseacha ábhartha mar bhunphrionsabal:

- An Coiste Iniúchta agus Riosca
- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- An Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach
- Garda Síochána
- Gníomhaireachtaí eile (de réir mar is gá)

Cuirtear nuashonruithe leanúnacha ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar gach ábhar a dhéantar a thuairisciú de réir mar a imscrúdaítear iad. Coimeádann an Gníomhaireacht clár de na hábhair tuairiscithe sin agus imscrúdaítear gach eachtra calaoiseach líomhnaithe go críochnúil. Nuair a thagann an Gníomhaireacht ar chalaois líomhnaithe athbhreithnítear na rialuithe agus na próisis ábhartha agus, nuair is gá, déantar iad a athbhreithniú chun an riosca go dtarlóidh siad in athuair a mhaolú.

Comhlíonadh Cánach

I rith na bliana 2019 scaoil an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gach dliteanas cánach agus ÁSPC aitheanta ar na dátaí a d'ordaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó roimhe. Tá an Gníomhaireacht tiomanta do dhlíthe cánach a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Caomhnóir Ad Litem

Is í an Chúirt a cheapann Caomhnóirí Ad Litem faoi Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí 1991. Fostaíonn bunús na gCaomhnóirí Ad Litem a n-aturnaetha agus a n-abhcóidí féin chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son sa Chúirt. Mar sin féin, titeann sé ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach na táillí don Chaomhnóir ad Litem agus dá bhfoireann dlí a íoc, i gcomhréir le hAlt 26.2 den Acht um Chúram Leanaí 1991.

Toisc gurb í an Chúirt a cheapann na Caomhnóirí Ad Litem ní féidir leis an nGníomhaireacht ach rialuithe airgeadais teoranta a chur i ngníomh agus ní féidir léi ach rialú luach ar airgead srianta a chur i bhfeidhm ar na híocaíochtaí seo. Cé gur chomhaontaigh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar ráta d'uaireanta gairmiúla le Caomhnóirí Ad Litem, is ar éileamh atá an tseirbhís bunaithe agus tá leibhéal na gcostas ag brath ar líon na n-uaireanta gairmiúla a dhéantar a bhilleáil do gach cás. Cuireann sé seo teorainn le rialú na Gníomhaireachta ar chandam na n-íocaíochtaí seo.

Thosaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar phróiseas chun seirbhísí Caomhnóir Ad Litem a athchóiriú, lena n-áirítear leasú beartaithe ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus taca leis an tseirbhís faoi láthair. I mí na Nollag 2017, cheadaigh an rialtas go mbunófar Seirbhíse Caomhnóra Ad Litem nua laistigh d'oifig feidhmiúcháin sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an Gníomhaireacht tiomanta oibriú go mór leis an Roinn agus an oifig nua seo á bunú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Próiseas atá san athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a thacaíonn liom, mar Chathaoirleach, a dhearbhu go bhfuil rialú éifeachtach iomchuí sa Ghníomhaireacht. An Bord a rinne an t-athbhreithniú seo agus rinne athbhreithniú foirmiúil air ag cruinniú an Bhoird i mí na Bealtaine 2020. De réir na gcóras atá i bhfeidhm aithníodh laigí sa Rialú Inmheánach agus nuair a tharlaíonn siad seo, cuireann an bhainistíocht pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun na laigí seo a réiteach. I ndiaidh dom an cinneadh seo a dhéanamh, féadaim comhairle a chur ar an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige agus an Oireachtais cé acu atá rialú éifeachtach laistigh den Ghníomhaireacht nó nach bhfuil.

Agus é sin á dhéanamh agam, bhí mé ag brath ar na nósanna imeachta mar atá mínithe sa doiciméad seo agus ar na nósanna imeachta a leagtar amach thíos:

- Próiseas bliantúil bainistíochta buiséid;
- Cuntais Mhíosúla Bainistíochta agus Tuarascálacha Gníomhaíochta Feidhmíochta;
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bliantúla;
- Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí chun athbhreithniú, iniúcháireacht agus tuairisciú a dhéanamh;
- Tuairiscíonn an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta maidir le seirbhísí a chuireann forbairt, leas agus cosaint leanaí agus teaghlaigh chun cinn;
- Tuarascálacha ón Aonad um Chomhlíonadh Airgeadais maidir le Comhlachtaí Maoinithe;
- Tuarascálacha cigireachta ón nGníomhaireacht um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA);
- Tuarascálacha ón bPainéal Athbhreithnithe Náisiúnta;
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus rioscaí iniúcháireachta a sainaithníodh i gclár

iniúcháireachta 2019 de Ráitis Airgeadais Bhliantúla na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlaigh;

- Téarmaí tagartha do Bhord na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus a thrí choiste;
- Polasaí um Fhaisnéisiú Cosanta;
- Plean Corparáideach do 2018-2020, ina socraítear treo straitéiseach na Gníomhaireachta;
- Plean Gnó do 2019 curtha faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a dheighilt;
- Athbhreithniú bliantúil ar chomhdhéanamh an Bhoird;
- Comhairle don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar inniúlacht chomhaltaí an Bhoird;
- Téarmaí tagartha do fhreagrachtaí agus oibleagáidí chomhaltaí an Bhoird;
- Tacaíocht agus faisnéisithe leordhóthanacha do bhaill an Bhoird ar ghnóthaí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach;
- Cód Rialachais don Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh;
- Caighdeáin Ionracas agus Cóid Iompair atá corpraithe sa Chód Rialachais;
- Comhlíonadh chomhaltaí agus fhoireann Bhord na Gníomhaireachta ag Grád VIII (nó a chomhionann) agus os a chionn leis na hAchtanna um Eitic;
- Clár leasanna chomhaltaí an Bhoird (arna chothabháil ag rúnaí an Bhoird); agus
- Nósanna imeachta atá deartha chun tuairisciú don Aire lena dhearbhu go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach rialacháin uile na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le táillí a íoctar leis an gCathaoirleach agus baill, agus caiteachas ar phá agus ar thaisteal don Phríomhfheidhmeannach agus d’fhoireann eile uile na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.

Achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe do 2019

Torthaí achoimre ar iniúcháireacht ar rialuithe airgeadais sa Ghníomhaireacht agus gníomhaireachtaí maoinithe a dhéanann Iniúcháireacht Inmheánach

Feidhmíonn Iniúcháireacht Inmheánach de réir na dtéarmaí tagartha arna cheadú ag an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Cheadaigh an Coiste Iniúcháireachta an plean Iniúcháireachta Inmheánaí Bliantúil do 2019 agus is ann a díríodh ar réimsí a sainaithníodh ó anailís ar na rioscaí airgeadais atá mar gné lárnach den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Cuireadh tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaigh 2019 faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí, agus rinneadh measúnú oibiachtúil agus neamhspleách a sholáthar iontu ar na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ar fud na Gníomhaireachta chomh maith le moltaí tosaíochta chun rialuithe a dhaingniú agus tuilleadh feabhsuithe a chur i bhfeidhm. Tá

nósanna imeachta i bhfeidhm chun a dhearbhu go ngníomhófar moltaí na hIniúcháireachta Inmheánaí. Tuairiscíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tugann an bhainistíocht aghaidh ar chásanna calaoise nó mírialtachtaí ar bith eile, a dhéantar a shainaithint trí athbhreithniú nó iniúcháireacht bainistíochta, agus nuair is oiriúnach é cuirtear an Garda Síochána ar an eolas.

I rith na bliana 2019, tuairiscíodh san Iniúcháireacht Inmheánach ar thorthaí 33 iniúcháireacht (12 maidir le réimsí Tusla agus 21 maidir le Gníomhaireachtaí Maoinithe Tusla) agus sé hiniúcháireacht leantach.

Sa bhliain 2019 ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna rialaithe a aithníodh san Iniúcháireacht Inmheánach maidir le Tusla agus a ghníomhaireachtaí maoinithe:

12 Tuairisc ar Iniúcháireacht Inmheánach - Tusla - Príomhcheisteanna Rialaithe	Líon ceisteanna rialuithe aitheanta
Rialuithe Taistil agus Cothaithe Neamhleor	5
Próisis lag leabharchoimeádta / coimeád taifead / Maoirseacht in Easnamh	5
Rialachas	2
Deighilt Dualgas	2
Rialú Cártaí Creidmheasa Gnó / Breosla Míchuí	2
Nósanna imeachta nach bhfuil doiciméadaithe / Polasaithe nach bhfuil i bhfeidhm / nach ndéantar a nuashonrú go rialta	2
Dearbhú míchuí	1

21 Tuairisc ar Iniúcháireacht Inmheánach – Gníomhaireachtaí maoinithe ag Tusla - Príomcheisteanna Rialaithe	Líon ceisteanna rialuithe aitheanta
Rialachas	20
Rialuithe Sócmhainní Seasta Neamhleor	15
Rialuithe Taistil agus Cothaithe Neamhleor	14
Próisis lag leabharchoimeádta/ Easpa Maoirseachta	13
Rialuithe neamhleor maidir le Bainistíocht Buiséid	13
Nósanna imeachta nach bhfuil doiciméadaithe/ Polasaithe nach bhfuil i bhfeidhm/nach ndéantar a nuashonrú go rialta	8
Neamhchomhlíonadh na rialacha Solátharir	8
Neamhchomhlíonadh na bhforálacha atá leagtha amach sa Socrú Seirbhíse	6
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	6

As na 33 Iniúcháireachtaí, rinne Iniúcháireacht Inmheánach measúnú ar na timpeallachtaí rialaithe seo a leanas:

Tuairimí Iniúcháireachta	Tuairiscí inmheánacha ar TUSLA	%	Tuairiscí inmheánacha ar Ghníomhaireachtaí maoinithe ag TUSLA	%	Iomlán	Iomlán %
Míshásúil	6	50%	2	10%	8	24%
Teoranta	5	42%	14	67%	19	58%
Neamhleor	1	8%	5	23%	6	18%
Iomlán	12		21		33	

Tá rogha na hiniúcháireachtaí inmheánaí bunaithe ar an rátáil seo a leanas agus an sainmhíniú a théann leis:

Cineál Rátála ar Thuairim san Iomlán	Sainmhíniú
Míshásúil	Tá laigí suntasacha sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus caithfear aghaidh a thabhairt orthu go práinneach.
Teoranta	Tá laigí sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu.
Neamhleor	Ar an iomlán tá córas leordhóthanach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe ann.

Bunaithe ar obair na hIniúcháireachta Inmheánaí agus torthaí na ngealltanais iniúcháireachta inmheánaí aonair, thug Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí tuairim fhoriomlán ar Dhearbhu Teoranta do 2019 ar na próisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialuithe sa Gníomhaireacht.

Tá próiseas caighdeánach curtha i bhfeidhm ag Tusla freisin chun monatóireacht, athbhreithniú agus ardú a dhéanamh ar thuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí. Bainisítear na laigí a shainaithnítear tríd na tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh thuas agus déantar iad a ghníomhú sa réimse seirbhíse ábhartha laistigh de Tusla

agus déantar monatóireacht ar mhaoirseacht ar dhul chun cinn trí thuarascáil monatóireachta gach ráithe a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca lena athbhreithniú. Úsáidtear na measúnuithe Iniúcháireachta Inmheánaí ar leordhóthanach, teoranta, míshásúil chun tosaíocht a thabhairt do na pleananna gníomhaíochta.

Tugtar tréimhse ghearr do sheirbhísí plean gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an laige a aithníodh. Roinntear torthaí tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh aonair ar fud sheirbhísí Tusla chun foghlaim a sholáthar. Déanann an Roinn Airgeadais athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchta chun aon laigí sistéamacha a shainaithint a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa tseirbhís iomlán chomh maith leis an suíomh sonrach a ndéantar iniúchadh air. Thug Tusla tús áite dá phleananna Iniúchta Inmheánaigh chun aghaidh a thabhairt ar réimsí riosca níos airde atá ar eolas. Scaoiltear gach tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh Tusla faoi Shaoráil Faisnéise.

Nuair a fhaightear tuarascáil mhíshásúil do ghníomhaireacht mhaoinithe, buaileann bainistíocht shinsearach Tusla le Cathaoirleach agus POF na gníomhaireachta maoinithe chun plean gníomhaíochta a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainaithníodh. Déanann an tAonad Coimisiúnaithe maoirseacht ar an bplean gníomhaíochta seo agus buaileann sé leis an ngníomhaireacht mhaoinithe ar bhonn leanúnach chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha. Cuireann an Gníomhaireacht an timpeallacht rialaithe fhoriomlán i ngníomhaireacht mhaoinithe san áireamh agus seirbhísí á coimisiúnú.

Tuarascálacha ó FSS / HBS maidir le héifeachtúlacht na oibríochta príomh-rialuithe ar sheirbhísí comhroinnte

Aithníodh i Ráiteas 2019 ar Rialú Inmheánach do FSS laigí i Rialuithe Inmheánacha i réimsí na gCóras Airgeadais agus TFC. Faigheann Tusla seirbhísí Airgeadais agus TFC ó FSS.

Soláthraíodh tuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí do Tusla ó FSS/ HBS agus TFC FSS mar a bhféadfadh tionchar a bheith ag rialuithe ar sheirbhísí do Tusla. Chuir FSS / HBS agus TFC FSS sonraí ar fáil faoi na laigí ar fud na n-iniúcháireachtaí inmheánacha seo a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chórais rialaithe inmheánaigh Tusla. Aontaíodh gníomhaíochtaí agus tá monatóireacht á déanamh acu ar FSS/ HBS agus TFC FSS. Bíonn Tusla ag brath ar an monatóireacht agus ar an maoirseacht a sholáthraíonn FSS ar na rialuithe inmheánacha ábhartha.

Dearbhú Cáilíochta na Seirbhísí Gníomhaireachta

Tagann dearbhú cáilíochta ar sheirbhísí Tusla trí mheascán d’iniúcháireachtaí cáilíochta inmheánacha i dteannta le dearbhú seachtrach ó ghníomhaireachtaí ar nós HIQA, an tOmbudsman do Leanaí agus an Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta. Féadtar teacht ar gach tuarascáil iniúcháireachta ó shuíomh Gréasáin na gníomhaireachta ábhartha. Foilsíonn HIQA Tuarascáil Forbhreathnaithe Bliantúil fosta ar Iniúcháireacht agus Rialáil Seirbhísí Leanaí.

<https://www.hiqa.ie/reports-and-publications/inspection-reports>

<https://www.oco.ie/>

<https://www.Tusla.ie/national-review-panel/>

Déantar pleananna gníomhaíochta a chomhaontú leis an mbainistíocht chun na laigí a aithnítear a leasú agus déanann an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta agus an Coiste Seirbhíse agus Cáilíochta monatóireacht ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na gníomhartha seo.

Cuireadh béim sa phróiseas um Dhearbhu Cáilíochta aird a tharraingt ar an tábhacht mhór a bhaineann le ceannaireacht láidir agus córais éifeachtacha chun seirbhísí leanaí a rialú agus chun bainistiú a dhéanamh orthu.

In 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás Faisnéise agus Cáilíochta Sláinte (HIQA) a Imscrúdú Reachtúil ar an dóigh ar bhainistigh Tusla atreoruithe a bhaineann le daoine fásta a d'fhéadfadh a bheith i mbaol mí-úsáid ghnéis a dhéanamh ar pháiste. I Meán Fómhair 2019 chuir an Grúpa Dearbhaithe Saineolaithe (EAG) a bhí ceaptha ag an Aire a thuarascáil deiridh isteach agus luaigh ann go raibh an EAG sásta ar an iomlán leis an dul chun cinn a bhí déanta ag Tusla maidir le réimse leasuithe a bhaineann le moltaí Thuarascáil HIQA.

Aithnítear sa phróiseas um Dhearbhu Cáilíochta go bhfeidhmíonn an Gníomhaireacht i réimse cigilteach agus dúshlánach. Beidh agus leanfaidh riosca agus éiginnteacht chosaint leanaí mar chuid d'fheidhmeanna reachtúla Tusla nach féidir a sheachaint.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC)

Rinne an DPC trí fhiosrúchán reachtúla i ndiaidh nochtadh iomlán sáruihte sonraí ag Tusla sa tréimhse 2018/2019. Ba mhór an rannpháirtíocht a bhí ag Tusla leis an DPC le linn na bhFiosrúcháin seo agus chuir sí pleananna feabhais mionsonraithe isteach go deonach chun tabhairt faoi shaincheisteanna áirithe um chosaint sonraí a tháinig chun solais le linn na bhFiosrúcháin. De réir na bhforálacha faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an 'GDPR') agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 féadtar an DPC beart ceartaitheach agus / nó fineálacha riaracháin suas le € 1m a chur ar chomhlacht poiblí mar thoradh ar fhiosrúcháin. Rinne an DPC cinneadh críochnaitheach maidir le sárú neamhbheartaithe ar Airteagail 32 (1) agus 33 (1) den GDPR sa dá imscrúdú agus ghearr sé fineálacha riaracháin dar luach € 115k san iomlán (féach Nóta 25 atá mar chuid de na ráitis airgeadais le haghaidh tuilleadh faisnéise).

Is le déanaí a chuir an DPC amach a dhréachtchinneadh ar an tríú fiosrúchán reachtúil inar cuireadh in iúl go bhfuil sé ar intinn aige dhá fhíneáil riaracháin a ghearradh bunaithe ar a chuid torthaí. Níl na fineálacha beartaithe seo san áireamh i ráitis airgeadais 2019 toisc nach féidir iad a mheas go hiontaofa i láthair na huaire.

Rinne Tusla teagmháil ghníomhach leis an DPC chun tacú lena phróisis fhiosrúcháin agus tá sé lántiomanta na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm, athruithe trína mbeifear in ann reachtaíocht a bhaineann le cosaint leanaí a chomhlíonadh.

Laigí Rialaithe a Aithníodh le linn 2019

Soláthar

Tá nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair náisiúnta agus AE mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach.

Toisc go bhfuil sé ar an gceannaitheoir poiblí is mó de sheirbhísí leanaí sa Stát, is tábhachtach le hiniúchóir inmheánacha éifeachtachtúlacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca, agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le sealbhóirí buiséid a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le caighdeán i soláthar poiblí a chosaint.

Tá ardriosca ag baint leis soláthar poiblí mar ghníomhaíocht mar gheall ar mhéid agus rialtacht na gceannachán, agus an dóigh chasta a bhíonn leis an bpróiseas chun seirbhísí a sholáthar sa Gníomhaireacht. Is féidir le rioscaí straitéiseacha agus oibríochta, ar nós neamhéifeachtúlacht sa phróiseas tairisceana, moilleanna ar sholáthar nó feidhmíocht conartha faoi bhun caighdeáin, baint de bhaint amach cuspóirí.

Bíonn an Gníomhaireacht mar chustaiméir de chuid an FSS agus riachtanais ghnó á soláthar aici agus baineann sí úsáid as seirbhísí comhroinnte ón tSeirbhís Ghnó Sláinte (FSS) ina soláthraítear cur chuige comhtháite maidir le riachtanais earraí agus seirbhísí ar gach catagóir caiteachais soláthair neamhphá agus a chomhoibríonn le straitéis na hOifige Soláthair Rialtais chun é seo a chur ar fáil.

Braitheann an Gníomhaireacht go mór ar Sholáthar HBS mar chuidiú chun conarthaí bailí a chur i bhfeidhm. Tacaíonn Soláthar HBS leis an nGníomhaireacht chun riachtanais ghnó a aithint agus cuidíonn sé le próisis soláthair faoina gclár Caiteachas faoi Bhainistíocht. Díríonn siad ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus an luach is fearr ar airgead a bhaint amach maidir le téarmaí saolré ginearálta agus bíonn siad ag feidhmiú ar bhealach cothrom, oscailte, trédhearcach agus neamh-leithchealach

sa mhargadh. Bíonn an Gníomhaireacht ar a dícheall conarthaí FSS a fheabhsú agus a úsáid nuair is féidir mar chuid den Mheabhrán Comhthuisceana atá i bhfeidhm.

Ó cuireadh an Gníomhaireacht ar bun in 2014 tá feabhsúcháin bheaga chun rioscaí a bhainistiú agus chun rialuithe inmheánacha a neartú de réir na dtreoirlínte a léiríú, lena n-áirítear:

- Bunaíodh feidhm soláthair thiomnaithe bheag chun straitéis a mhúnlú maidir le FSS agus OGP, a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic a thuilleadh le bearnaí suntasacha soláthair;
- Baineann an Gníomhaireacht leas as conarthaí náisiúnta OGP le haghaidh earraí agus seirbhísí agus baineann siad go príomha le ceannacháin faoi € 25,000;
- Déanann an Gníomhaireacht tuairisciú ar chásanna aitheanta d'eisceachtaí ó reachtaíocht soláthair nuair nach comórtas bailí tairisceana ann le haghaidh earraí agus seirbhísí níos mó ná € 25,000 (seachas CBL), comórtais a bhíonn faoi athbhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus a thuairiscítear don Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Déantar tuairisciú ar infheictheacht gníomhaíochta conartha agus neamhchomhlíonta do shealbhóirí buiséid ionas gur féidir leo athbhreithniú a dhéanamh
- Cuireadh oiliúint chuimsitheach soláthair ar fáil d'fhoireann a bhfuil údarás tarmligthe acu maidir le ceannachán. Cuireann sé ar a gcumas acu cloí le rialacha agus rialacháin ábhartha agus bíonn siad in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh dá réir;
- Maidir le soláthairtí níos airde leibhéil áirithe, bíonn cead ag teastáil ón bhFoireann Ceannaireachta Sinsearach

Ón mbliain 2014 i leith, tá comórtais soláthair do chonarthaí dar luach € 269m (seachas CBL) curtha i ngníomh agus áirítear leo siúd conarthaí le haghaidh Seirbhísí Cónaithe, Dlí, Comhairliúchán agus Cúram Sláinte Gníomhaireachta. Bhí luach leis na conarthaí a bronnadh le linn 2019 agus € 2.6m. Tosaíodh ar roinnt próiseas soláthair le linn 2019 agus bhí socrúcháin do Chónaithe Phríobháideacha (€ 96m in aghaidh na bliana), socrúcháin cúram altrama príobháideach (€ 23m in aghaidh na bliana) agus seirbhísí dlí (€ 15m in aghaidh na bliana) san áireamh leis seo. I measc na bpróiseas soláthair eile ar cuireadh tús leo in 2019 tá Dearadh &

Priontáil, seirbhísí Ateangaireachta / Aistriúcháin agus Imscrúduithe & Athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, cuireadh roinnt grúpaí oibre ar bun tabhairt faoi riachtanais na seirbhísí tacaíochta gnó lena n-áirítear slándáil, glanadh, bainistíocht doiciméad, srl.

Aithníodh conarthaí le tairseach níos mó ná € 25,000 (seachas CBL), agus i gcás nach ndearnadh aon chomórtas soláthair, agus rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú orthu le haghaidh 2019.

Caiteachas Insoláthartha in 2019

In 2019, rinne Tusla 22 224.1m (CBL seachas € 207.2m) de chaiteachas insoláthartha. Sa tábla thíos leagtar amach méid an Chaiteachais Neamh-Chomhlíontaigh atá mar chuid den chaiteachas seo. I rith 2019 sainaithníodh conarthaí neamhchomhlíontacha ar luach € 7.1m mar eisceachtaí ar rialacháin soláthair agus tá siad leagtha amach sa tábla thíos. Déantar na conarthaí seo a chomhroinnt idir Seirbhísí Tacaíochta Gnó agus Seirbhísí Sóisialta, Sláinte & Cultúir agus léirítear sa tábla an seasamh comparáideach maidir le méideanna a tuairiscíodh in 2018.

Catagóir de Chaiteachas Neamhchomhlíonta	2019		2018	
	€'m	Líon Soláthróirí	€'m	Líon Soláthróirí
- Seirbhísí Tacaíochta Gnó	7.1	80	4.7	49
- Seirbhísí Sóisialta, Sláinte agus Cultúir	0	0	0.7	11
Iomlán	€7.1m	80	€5.4m	60
Caiteachas Insoláthraithe	€207.2m			
Mar % de Chaiteachas Ionsoláthraithe	3.4%			

Aithníodh go raibh na cúinsí seo a leanas ag cur leis na réimsí aitheanta a ndéantar eisceachtaí orthu maidir le comhlíonadh soláthair:

- Seirbhísí aonair a dtagtar orthu i gceantair áitiúla a bhfuil luach níos mó ná €25k orthu nuair a dhéantar iad a chomhiomlánú ar leibhéal náisiúnta. Níl próiseas ar bith fíor-ama ann don Ghníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar róchaiteachas den chineál seo;
- Braitheann soláthar go fóill go mór ar fhéin-thuairisciú toisc nach bhfuil go leor infheistíochta déanta i gcórais TFC. Is mar gheall air seo atá bearnaí san fhaisnéis agus an fáth a bhfuil moill agus deacracht ann maidir le caiteachas a aithint, caiteachas a bhfuil próiseas soláthair an teastáil ina leith. Níorbh fhéidir soláthar a bhainistiú ar ardán aonair sa Ghníomhaireacht; agus
- Níl aon dóigh ann chun rialuithe fíor-ama a chur i bhfeidhm agus leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag brath go mór ar phróisis athbhreithnithe láimhe lena dheimhniú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair. Is bac é leis an gcumas chun monatóireacht a dhéanamh, ar bhonn tráthúil, ar chaiteachas i gcoinne conarthaí luach-teoranta, chomh maith lena dheimhniú nach n-úsáidtear ach conarthaí ceadaithe. Sa chás nach mbíonn próiseas rialaithe fíor-ama ann, titeann an fhreagracht ar shealbhóir an bhuiséid ar an leibhéal cuí san eagraíocht cloí leis na rialacha soláthair.

Déanfar conarthaí a rialáil de réir na mbearta seo a leanas agus tabharfar aghaidh iontu ar na réimsí aitheanta neamhchomhlíonta:

- Déanann an Ghníomhaireacht tosaíocht dá hacmhainní teoranta don chuid sin den phróiseas soláthair a mbaineann an riosca is mó leo maidir le comhlíonadh agus luach ar airgead de go dtí go bhféadtar feidhm soláthair lán-acmhainní a chur i bhfeidhm. Déantar tosaíocht do phríomhchonarthaí lena n-áirítear

Seirbhísí Cónaithe Príobháideacha, Seirbhísí Cúraim Altrama Príobháidí agus Conarthaí Dlíthiúla do 2020;

- De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit Phoiblí, 2016, chuir Tusla Plean Soláthair Corparáideach trí bliana (CPP) 2018–2020 i bhfeidhm in 2017, atá ag teacht le Plean Corparáideach na Gníomhaireachta 2018–2020 agus a dhéantar a athbhreithniú gach bliain i gcomhthéacs Pleananna Gnó. Tá Plean Soláthair nua á fhorbairt do na trí bliana amach romhainn i gcomhar le FSS;
- Táthar ag brath go mór fós ar Sholáthar FSS (FSS) chun cuidiú le riachtanais na Gníomhaireachta a chomhlíonadh toisc go bhfuil acmhainní na Gníomhaireachta teoranta;
- Leanfar den oiliúint soláthair don fhoireann, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis soláthair ar Mhol Tusla agus cumarsáid trí nuashonruithe rialta;
- Tá sé tugtha faoi deara ag an nGníomhaireacht agus curtha in iúl aici go bhfuil easnamh suntasach sna hardáin digiteacha agus ICT a mbeifí ag súil leo ó eagraíocht ar mhéid TUSLA le tacú leis na próisis airgeadais agus soláthair. I gcomhpháirt leis an FSS, tá Córas Bhainistíocht Airgeadais Comhtháite (CBAC) á fhorbairt ag Tusla, lena gcuirfear bonneagar cumasaithe ar fáil le tacú le forbairtí digiteacha agus rialuithe fíor-ama atá riachtanach chun athrú suntasach a chruthú sa timpeallacht rialú soláthair. In 2020, tá an Ghníomhaireacht i mbun na céime pleanála den CBAC agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é faoi Q4 2021. Glacfar roinnt mhaith blianta leis an gcóras nua seo a chur i bhfeidhm ina iomlán. Idir an dá linn, déanfar an mhonatóireacht agus an bhainistíocht ar conarthaí laistigh den Ghníomhaireacht de láimh.

Aithníonn an Ghníomhaireacht go bhfuil ceisteanna ann maidir le próisis soláthair go fóill agus leanann sí uirthi ag déanamh monatóireachta ar comhlíonadh agus ag foilsíu eolais. Bíonn riachtanais ghnó casta nuair atá deacrachtaí ann i dtaobh sonraí a chinntiú agus beidh gá fós le ham a ghlacadh le dul i ngleic leo. Tá dúshlán ann i dtaobh gan a bheith in ann dul i ngleic le chuile bhearna go dtí go bhfuil léargas, tuilleadh agus cumais i bhfeidhm le díriú ar na conarthaí neamhchomhlíonta le taispeáint go bhfuil an luach ar airgead á fháil agus go bhfuil an t-airgead inbhuanaithe atá á shábhail curtha i dtreo na rannóga ba chuí sa Ghníomhaireacht.

Tá deacrachtaí tar éis a bheith ag an bhfeidhm sholáthair inmheánaigh i dtaobh acmhainní a bhailiú agus bhí uirthi a bheith ag braith go mór ar HBS le tacaíocht a fháil. In ainneoin an easpa toillte seo, táthar i ndiaidh an fheidhm a úsáid le roinnt phroiseas soláthair a bhaint amach le linn na bliana le cabhair ó speisialtóir seachtrach soláthair le dea-rialú a bhunú i dtaobh rialúcháin soláthair de.

Ró-íocaíochtaí párolla

Nuair a bunaíodh an Ghníomhaireacht in 2014, ba é €0.22m an t-iarmhéid infhaighte ó thaobh ró-íocaíochtaí párolla de le hiarbhaill foirne de chuid Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS. Aistríodh an t-iarmhéid chuig an nGníomhaireacht agus aithníodh é mar an t-iarmhéid oscailte do 2014. Tá méadú incriminteach tagtha air bliain ar bhliain ó bhí 2014 ann.

Tá laigí sa phróiseas párolla a chuir leis an méadú ar luach na ró-íocaíochtaí aimsithe ag an nGníomhaireacht. An fáth is mó atá leo gur

phróiseas a dhéantaí de lámh a bhí in úsáid agus é trom ar acmhainní. Tá athruithe curtha i bhfeidhm go leanúnach ag an nGníomhaireacht ar phróisis a dhéantar de láimh d’fhonn rialuithe a mhéadú agus beaichte na n-íocaíochtaí párolla a fheabhsú. Is réitigh eatramhacha iad seo chun dul i ngleic leis an gceist seo agus an Ghníomhaireacht ar lorg réiteach TF a mbeidh córas Ama agus Tinrimh ina ghné de agus a fheabhsóidh tuilleadh de na rialuithe a bhaineann le húdarú tuairiscí ama, rud a bhíonn de dhíth chun párolla gach fostaí a phróiseáil.

Ag deireadh 2019, ba é €1.066m luach na ró-íocaíochtaí a bhí le haisíoc. Bhíothas ag díriú ar rialuithe lena chinntiú go rachfaí i ngleic leis na gnéithe ba bhunús leis an laige seo. Bunaithe ar fhaisnéis 2019, is léir gur tháinig laghdú ar líon na ró-íocaíochtaí párolla an bhliain sin. Leanann an Ghníomhaireacht uirthi de bheith ag díriú ar ghníomhartha maolaithe chun dul i ngleic le teagmhais de ró-íocaíochtaí agus de bheith ag cinntiú go mbíonn pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm sa chás ina ndéantar ró-íocaíocht.

Ró-íocaíochtaí párolla	2019 €’000	2018 €’000
Iarmhéid oscailte	1.054	1.002
Ró-íocaíocht nua	0.381	0.424
Ró-íocaíochtaí faighte ar ais	0.369	0.372
Iarmhéid druidte	1.066	1.054
Líon na dteagmhás de ró-íocaíochtaí	232	322

Rialú agus maoirsiú maoinithe d’eagrais phobail, deonacha agus charthanachta

Thabhaigh an Ghníomhaireacht caiteachas €173.5m i dtaca le maoiniú 749 eagrais aonair pobail, deonach agus carthanachta in 2019. Tá na sonraí leagtha amach anseo thíos.

Clár	Faighteoir	Luach €m	Cúis
Sochar agus Cosaint Leanaí	Seirbhís soláthraithe faoi Alt 56 – Alt 59 den Acht	€123.2	Seirbhísí leanaí agus teaghlaigh Cúram ailtéarnach Cúram agus cosaint íospartaigh foréigean baile agus foréigin ghnéasaigh agus íospartaigh foréigean bunaithe ar a ngnéas Tionscnaimh ardchosctha a thabhairt isteach dírithe ar na leanaí sin atá ar imeall cúraim ailtéarnaigh nó atá faoi chúram ailtéarnach faoi láthair mar gheall ar fhachtóirí casta, lena n-áirítear neamart, scaradh tuismitheoirí óna chéile, ceisteanna ceangail, mí-úsáid alcóil agus/nó drugaí, meabhairshláinte agus míbhuntáiste eacnamaíochta, d’fhonn na leanaí sin a choinneáil ina bpobal féin Comhoibriú idir ghníomhaíochtaí a mhéadú agus na torthaí náisiúnta atá leagtha amach in <u>2014 - 2020</u>
An Clár Críochnaithe Scoileanna	Tionscadail Áitiúla Críochnaithe Scoileanna	€25.4	Tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil daltaí ar scoil a chur chun cinn
Tacaíocht Teaghlaigh agus Phobail	Ionaid Áiseanna Teaghlaigh	€18.5	Dul i ngleic leis an míbhuntáiste agus feidhmiú an aonaid teaghlaigh a fheabhsú
	Seirbhísí Comhairleoireachta agus Tacaíochta	€6.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta, lena n-áirítear comhairleoireacht phósta agus chaidrimh, comhairleoireacht leanaí, clár tacaíochta comhaoiseach Rainbows do leanaí, comhairleoireacht mhéala agus tacaíocht nuair a fhaigheann duine den teaghlach bás

Tá laigí rialaithe a bhaineann le monatóireacht agus maoirsiú gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ón státchiste aimsithe thar na blianta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag an Aonad Coimisiúnaithe. Ar na laigí sin bhí (i) Moill ar shíniú agus cur isteach Comhaontuithe Seirbhíse ag cuid acu siúd a fhaigheann deontas, (ii) gan athbhreithniú a bheith déanta ar ráitis airgeadais curtha isteach acu siúd a fhaigheann deontas, agus (iii) gan deimhniú comhlíontachta a bheith curtha isteach ag iniúcháirí ar son gníomhaireachtaí maoinithe a bhfuil deontas Comhairleoireachta acu, .i. deimhniú gur caitheadh an maoiniú ar nithe a bhain leis na cuspóirí a bhí luaite leis.

Bíonn an maoiniú a chuirtear ar fáil do ghníomhaireachtaí á rialú le Comhaontuithe Seirbhíse ina leagtar amach na hacmhainní a chuirfear ar fáil agus na torthaí atá le baint amach. Déantar Comhaontuithe Seirbhíse a údarú i gceantar na seirbhíse áitiúla lena chinntiú go gcuirtear ar fáil na seirbhísí sin a fhreastalóidh ar riachtanais na ndaoine áitiúla. Bíonn na gnáthaimh mhonatóireachta le haghaidh gníomhaireachtaí aonair sonraithe sa Chomhaontú Seirbhíse gaolmhar. Is ar mhéid na gníomhaireachta maoinithe a bhrathann cad iad na riachtanais ar leith a bheidh ann ó thaobh cur isteach tuarascálacha airgeadais agus tuairiscí foirne agus ó thaobh cruinnithe monatóireachta a eagrú.

Mar gheall ar an easpa infheistíochta i gcóras lárnaithe, rud atá ann le hoidhreacht, agus siocair go mbíodh próisis á gcur i gcrích de láimh ag leibhéal na seirbhíse áitiúla, ní thiocfadh leis an nGníomhaireacht a fheiceáil i gcónaí cén uair a síníodh Comhaontuithe Seirbhíse.

Bunaíodh Aonad um Chomhlíontacht Airgeadais in 2017 sa Roinn Airgeadais agus tá sé mar ghné den rialú agus den mhaoirsiú a dhéantar ar ghníomhaireachtaí maoinithe. Cuireann an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais dearbhú breise ar fáil trí thacaíocht neamhspleách agus treoir do bhainisteoirí a bhíonn ag coimisiúnú seirbhísí ó na gníomhaireachtaí maoinithe.

Le linn 2019, lean an tAonad um Chomhlíontacht

Airgeadais le hathbhreithnithe deisce ar ráitis airgeadais gníomhaireachtaí maoinithe a dhírigh ar na téamaí seo a leanas:

- Neamhchomhlíontacht i dtaca le riachtanais nochta, de réir Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Cúlchiste srianta/neamhsrianta nár luaíodh;
- Faisnéis dheighilte faoi chuntais nár cuireadh ar fáil;
- Cuntais ghiorraithe amháin a bheith curtha isteach; agus
- Faisnéis bhreise nuair ba ghá.

D'fhonn dul i ngleic leis na ceistanna sin thuas, rinne an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais tuarascálacha athbhreithnithe deisce inar cuireadh in iúl easnaimh tuairiscithe do choimisinéirí Tusla agus do na gníomhaireachtaí maoinithe chun iad a spreagadh le riachtanais tuairiscithe a chomhlíonadh sa toadhchá. I gcomhar leis an Aonad Coimisiúnaithe, labhair an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais ag ceardlann do choimisinéirí Tusla faoi na torthaí sna tuarascálacha athbhreithnithe deisce. Bhí bearta le rialú airgeadais a fheabhsú san áireamh. Bunaithe ar na torthaí, cuireadh cur chuige rioscabhunaithe i bhfeidhm i dtaca le pleanáil clár oibre na hiniúcháireachta bliantúla ar ghníomhaireachtaí a fhaigheann deontas.

Tá ceangal orthu siúd go léir a fhaigheann deontas Comhairleoireachta ráiteas comhlíontachta a chur isteach ar bhonn bliantúil. Tá an rialú seo tagtha isteach in áit an riachtanais a bhíodh ann go gcuirfeadh iniúcháirí na ngníomhaireachtaí a bhí ag fáil deontais dearbhú ar fáil i scríbhinn gur úsáideadh an maoiniú don chuspóir a bhí luaite leis.

Eisítear ráitis chomhlíontachta do gach gníomhaireacht atá maoinithe ag Tusla i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais maidir leis an mbliain roimhe sin: in 2019, cuireadh 94% (2018: 78%) ráiteas comhlíontachta ar ais agus rinne an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais athbhreithniú orthu. As na gníomhaireachtaí a bhí ag fáil idir €250k agus €1m, chuir 100% acu a ráitis chomhlíontachta ar ais.

Chuaigh an tAonad um Chomhlíontacht

Airgeadais i mbun tionscadal sainchoimisiúnaithe i gcomhar le Benefacts chun uirlis anailísíochta a fhorbairt chun cabhrú le monatóireacht ar chomhlíontacht ag na gníomhaireachtaí uile a bhíonn á maoiniú ag Tusla. Tá an tionscadal seo idir lámha agus é ag tacú le forbairt an chur chuige rioscabhunaithe i leith athbhreithnithe deisce.

Bhí an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais i dteagmháil le Rialtóir na gCarthanachtaí go leanúnach i rith 2019 maidir leis na hathruithe uile ar reachtaíocht, polasaithe agus tuairiscí in earnáil na gCarthanachtaí chun comhlíontacht agus éifeachtúlachtaí tuairiscithe ag gníomhaireachtaí maoinithe a éascú.

Mar chuid den chlár bliantúil iniúcháireachta inmheánaí, déanann an Ghníomhaireacht iniúchta ar roinnt gníomhaireachtaí maoinithe d'fhonn socruithe reatha rialaithe a mheasúnú. Mhainigh an Ghníomhaireacht 749 gníomhaireacht in 2019 agus cuireadh tús le 21 iniúchadh in 2019 ar ghníomhaireachtaí maoinithe (€26.4m san iomlán). Ó bhí 2016 ann, bhí 72 iniúchadh ar ghníomhaireachtaí maoinithe san iomlán curtha i gcrích trí iniúcháireacht inmheánach agus cur chuige rioscabhunaithe i bhfeidhm.

Áirítear leis an iniúchadh ar ghníomhaireachtaí maoinithe athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha, gnáthaimh airgeadais, struchtúir bhainistíochta agus maoirsiú. Tríd na hiniúchta aimsítear láidreachtaí/laigí agus ceistanna coitianta ar gá dul i ngleic leo. Bíonn torthaí na n-iniúchta san áireamh agus an cur chuige foriomlán bainistíochta riosca agus rialaithe airgeadais i dtaca le gníomhaireachtaí maoinithe á cheapadh. Tá tuilleadh iniúchta beartaithe in 2020 mar chuid den chlár iniúcháireachta inmheánaí. Tá moltaí sna tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí maidir le gníomhartha atá le cur i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí maoinithe chun rialuithe a fheabhsú.

I gcomhthéacs na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, is éard is coimisiúnú ann an próiseas chun a chinntiú go mbaintear úsáid as na hacmhainní uile atá ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh d'fhonn torthaí a fheabhsú ar an dóigh is éifeachtaí, is éifeachtúla, is cothroime, is comhréirí agus is inbhuanaithe.

D'fhonn rialú gníomhaireachtaí maoinithe agus maoirsiú orthu a fheabhsú, d'fhorbair Aonad Coimisiúnaithe Tusla i gcomhar le hAonad TFC Tusla tairseach ar líne in 2018 chun conarthaí, faomhadh maoinithe agus idirghníomhú le gníomhaireachtaí maoinithe faoi Alt 56 a fheabhsú, rud a fhágann gur féidir Comhaontuithe Seirbhíse sínithe, ráitis airgeadais fhoilsithe, deimhniú cánach, cáipéisí árachais agus cáipéisí riachtanacha eile a uaslódáil.

Mar gheall ar bhunú na tairsí ar líne, tháinig feabhas ar mhaoirsiú agus ar mhonatóireacht ar cháipéisí a bhíonn ag teastáil ón nGníomhaireacht chun maoiniú a fhaomhadh i dtaca leis na seirbhísí a sholáthraíonn na forais sin. Leis an tairseach ar líne, tá an Ghníomhaireacht in ann léargas dlúthaithe a fháil ar ghníomhaireachtaí maoinithe comhlíontacha agus neamhchomhlíontacha ó thaobh cur isteach cáipéisí nach bhfuarthas go fóill agus seirbhísí a coimisiúnaíodh i ngach ceantar seirbhíse áitiúla ar fud an chontae. Bíonn monatóireacht ar fhormhór na ngníomhaireachtaí maoinithe in Tusla á mbainistiú go díreach tríd na hoifigí Ceantair Áitiúil, agus tá teagmhálaí ainmnithe ag gach gníomhaireacht mhaoinithe a bhíonn ag déileáil le ceistanna go háitiúil agus ar féidir leis nó léi cuairteanna monatóireachta a thabhairt ar shuíomhanna lena chinntiú go bhfuil seachadadh seirbhísí ag teacht leis an sceideal comhaontaithe.

Forbraíodh lámhleabhair teorach nua don tairseach agus forbraíodh próiseas digiteach in 2019 chun cuidiú le gníomhaireachtaí maoinithe agus coimisinéirí áitiúla. Tá roinnt tacaíochtaí curtha ar fáil ag an Aonad Coimisiúnaithe do ghníomhaireachtaí maoinithe lena n-áirítear faisnéisiú, cur i láthair agus oiliúint maidir leis an tairseach ar líne. Rinneadh leasuithe ar an tairseach ar líne in 2020 chun sonraí tábhachtacha a ghabháil faoin ngné a bhaineann le Tús Áite do Leanaí (Children's First), chun rannóg um ghearáin faoi sheirbhís a chur léi, chun acmhainneacht ríomhshínithe a chur léi agus chun Cuid A agus Cuid B den Chomhaontú Seirbhíse a athstruchtúrú. Tá an tAonad Coimisiúnaithe ag forbairt meicníocht tuairiscithe maidir le seirbhísí maoinithe a bhaineann le comhlíontacht agus neamhchomhlíontacht gníomhaireachtaí maoinithe chun cuidiú le coimisinéirí áitiúla de chuid Tusla.

In 2019, d'fhorbair agus d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Straitéis Choimisiúnaithe Tusla 2019–2023 ina bhfuil creat le fáil maidir le tosaíochtaí agus rúin choimisiúnaithe sa tréimhse chúig bliana. Forbraíodh agus foilsíodh sraith straitéisí Coimisiúnaithe Tusla in 2019. Is tacaíocht í seo go príomha do choimisinéirí áitiúla de chuid Tusla a bhíonn páirteach i gcoimisiúnú áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus do bhainisteoirí sinsearach ionas gur féidir leo tuiscint níos fearr a fháil ar an gcur chuige nua i leith coimisiúnaithe agus tacú leis go héifeachtach. Soláthraíonn an tsraith straitéisí an creat cuí do ghníomhaireachtaí maoinithe san earnáil phobail agus dheonach agus san earnáil phríobháideach agus eolas ar an gcur chuige atá in úsáid ag Tusa chun seirbhísí a choimisiúnú go héifeachtach. Tá na freagrachtaí atá ar choimisinéirí agus an próiseas chun seirbhísí a choimisiúnú agus a dhíchoimisiúnú leagtha amach sa tsraith straitéisí.

Tugadh samhail nua oibríochta chun críche in 2018 ar féidir é a chur i bhfeidhm ar eagrais i gcomhréir lena méid agus lena leibhéal maoinithe. 'An Creat Dea-Rialaithe' a thugtar air. Is éard atá ann ná na caighdeán rialaithe a mbíonn Tusla ag súil leo ónár ngníomhaireachtaí maoinithe. Cuireadh i ngníomh é ar bhonn 'comhlíon agus mínigh' in 2019. I gcomhar le hobair an Aonaid um Chomhlíontachta Airgeadais, leathnaíodh an plean iniúchóireachta chun líon níos mó eagrais phobail, dheonacha agus charthanachta a áireamh. Faigheann gach gníomhaireacht mhaoinithe cóip de thorthaí agus moltaí iniúchóireachta. Tá foirm um chruinnithe athbhreithnithe déanta amach agus tá sí ar fáil ar an suíomh gréasáin. Tá sí ann lena chinntiú go gcoinnítear taifead d'aon cheisteanna a bhaineann leis an gComhaontú Seirbhíse le gníomhaireachtaí maoinithe.

Rinne ceantair sheirbhíse pleananna coimisiúnaithe in 2019. Tugann plean coimisiúnaithe léargas soiléir ar na seirbhísí a coimisiúnaíodh. Tríd an phlean coimisiúnaithe a fhorbairt, déanann gach ceantar athbhreithniú ar na seirbhísí a coimisiúnaíodh agus cuirtear na seirbhísí in oiriúint do na riachtanais sa cheantar. Mar thoradh díreach ar an bpróiseas sin, tá díchoimisiúnú déanta ar roinnt seirbhísí mar níl siad ag teacht a thuilleadh leis na riachtanais sa

Cheantar. Tá seirbhísí nua coimisiúnaithe ag na Ceantair freisin agus tá leasú déanta ar sheirbhísí atá i bhfeidhm cheana féin chun freastal ar na riachtanais áitiúla.

Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht in 2014, tá dul chun cinn mór déanta i dtaca leis na réimsí seo a leanas:

- Tabhairt isteach conradh seirbhíse nua maidir leis an gcroímhaoiniú uile, le héifeacht ó 2018: cuirtear béim ar chomhlíonadh na riachtanas i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú Deontas ón Státchiste agus Cuntasacht ina Leith;
- Tugadh chun críche samhail nua oibríochta i dtaca le rialú, comhlíontacht agus tuairisciú, samhail ar féidir í a chur i bhfeidhm maidir le heagrais i gcomhréir lena méid agus lena leibhéal maoinithe. An Creat Dea-Rialaithe a thugtar air seo. Tá Cód Rialaithe na gCarthanachtaí san áireamh sa chreat agus tá an Ghníomhaireacht ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar chur i bhfeidhm an chóid seo;
- Leathnú an phlean reatha iniúchóireachta chun líon níos mó eagrais phobail, dheonacha agus charthanachta a chuimsiú. Faigheann gach gníomhaireacht mhaoinithe cóip de thorthaí agus de mholtaí iniúchóireachta;
- Dearadh agus cur i bhfeidhm tairsí ar líne chun conarthaí agus idirghníomhú le gníomhaireachtaí maoinithe a bhainistiú;
- Tabhairt chun cinn Pleananna Coimisiúnaithe Ceantair, a thugann léargas soiléir ar na seirbhísí atá de dhíth ag leibhéal áitiúil agus conas atáthar ag tabhairt aghaidh ar a soláthar. Mar thoradh ar athbhreithnithe ar na seirbhísí a theastaíonn, tá díchoimisiúnú déanta ar sheirbhísí áirithe nach bhfuil ag teacht le riachtanais an Cheantair a thuilleadh, tá seirbhísí nua tugtha isteach agus tá leasú déanta ar sheirbhísí a bhí ann cheana féin chun dul i ngleic leis na riachtanais áitiúla;
- Tá an tAonad um Chomhlíontacht Airgeadais bunaithe ag an nGníomhaireacht chun dearbhú breise a thabhairt trí phróiseas ráitis comhlíontachta, athbhreithnithe ar ráitis

fhóilsithe airgeadais, anailísíocht, bailiú sonraí agus an clár iniúchóireachta;

- Bhunaigh an Ghníomhaireacht Aonad Coimisiúnaithe. I gcomhthéacs na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, is éard is coimisiúnú ann an próiseas chun a chinntiú go mbaintear úsáid as na hacmhainní uile atá ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh chun torthaí a fheabhsú ar an dóigh is éifeachtaí, is éifeachtúla, is cothroime, is comhréir agus is inbhuanaithe;
- Tá Straitéis Choimisiúnaithe 2019-2023 ag an nGníomhaireacht agus tá creat le fáil ann maidir le tosaíochtaí agus rúin choimisiúnaithe sa tréimhse chúig bliana;
- D'fhorbair an Ghníomhaireacht Sraith Straitéisí Coimisiúnaithe, atá mar thacaíocht do choimisinéirí agus do bhainisteoirí in Tusla chun cuidiú leo an cur chuige nua i leith Coimisiúnaithe a thuiscint agus tacú leis; agus
- Trí iniúchóireacht inmheánach, comhlíontacht agus coimisiúnú, bíonn ar ghníomhaireachtaí deonacha caighdeán níos airde a bhaint amach maidir le comhlíontacht, rialú agus cáilíocht seirbhíse..

Taisteal agus Cothabháil

Aithníodh roinnt laigí sna rialuithe inmheánacha ar an gcóras éilimh taistil agus cothabhála in 2019 agus roimhe sin freisin. Tá pleananna gnímh curtha i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta chun na laigí sonracha seo a mhaolú agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirsiú orthu.

Is próiseas a dhéantar de láimh atá sa phróiseas foriomlán taistil agus cothabhála, rud a chothaigh deacrachtaí ó thaobh rialuithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm sa réimse seo. D'fhoirne na laigí córasacha atá ann mar gheall ar a bheith ag brath barraíocht ar idirghabháil de láimh, táthar ag lorg ceada faoi láthair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun córas uathoibrithe Taistil agus Cothabhála a fhorbairt, rud a bheidh ag teastáil chun dul i ngleic mar is ceart leis na bunlaigí rialaithe.

Córais Bainistíochta Airgeadais

Bíonn Tusla ag brath ar an gcóras atá ann cheana féin san FSS dá Chóras Íocaíochta, dá Mhórleabhar Ginearálta, dá chóras Párolla, dá chóras Soláthair agus dá chóras bainistíochta Acmhainní Daonna. Chomh maith leis sin, is lámhchórais den chuid is mó iad na córais a bhaineann le taisteal agus cothabháil, íocaíochtaí liúntas airgid thirim agus íocaíochtaí do Ghníomhaireachtaí a Fhaighdeann Deontas i gCabhair. Mar sin féin, bíonn próisis airgeadais Tusla luaite faoi chód aonair cuideachta SAP amháin.

Luaitear i ráiteas FSS faoi nótaí rialaithe inmheánaigh an easpa córas aonair comhtháite airgeadais agus bainistíochta agus luaitear ann freisin bunú an Chláir um Athchóiriú Airgeadais, a bhfuil Tusla mar chomhpháirtí ann, chun clár athruithe a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach ar bhealach a chuimsíonn Daoine, Próisis agus Teicneolaíocht. Táthar ag súil go dtosóidh Tusla ar an aistriú go dtí an córas nua in 2021 faoi phleananna reatha Chéim 1. Tá Tusla i mbun pleanála lena chinntiú gur féidir leis an oiread leasa agus is féidir a bhaint as cur i bhfeidhm an chórais nua.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Faigheann Tusla méid suntasach seirbhísí TFC go díreach ó FSS. Ar na seirbhísí sin tá seirbhísí óstála, bainistiú líonra, slándáil agus bainistiú ríomhairí. Tá sé aitheanta ag FSS ina SIC go bhfuil laigí aimsithe trí iniúchóireacht inmheánach maidir le rialuithe slándála agus prótacail aisghabhála i gcás tubaiste, go háirithe i gcórais is sine agus i gcórais a fuarthas le hoidhreachta. Go príomha, tá na córais a bhíonn in úsáid ag Tusla níos nua-aimseartha agus is lú an cur isteach a bhíonn ann ó fhadhbanna oidhreachta, ach sa chás ina mbíonn Tusla ag brath ar na seanchórais, féadfaidh sé go mbeidh impleachtaí ag na laigí seo dá rialuithe inmheánacha. Tá sé tugtha le fios ag FSS go bhfuil sé tiomanta do rialuithe cibearshlándála a fheabhsú.

Bainistiú Riosca

Aithníonn an Ghníomhaireacht go bhfuil bainistiú riosca ceangailte go dlúth le dea-rialú agus le seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán, atá sábháilte freisin, sa Ghníomhaireacht agus tá acmhainní breise curtha i bhfeidhm aici chun tacú le bainistiú agus cur i bhfeidhm an phróiseas bainistiú riosca. Tá gníomhartha chun dul i ngleic le laigí sa chreat bainistiú riosca á dtabhairt chun cinn agus á maoirsiú ag an lucht bainistíochta in 2020. Tá riosca ann mar gheall ar phaindéim COVID-19 nach gcuirfear cuid de na gníomhartha i gcrích de réir an chlár ama a bhí socraithe.

Cosaint Sonraí

Aithníonn Tusla go bhfuil iontaobh agus muinín an phobail as na socrúithe cosanta príobháideachais agus rúndachta mar bhunchloch na hoibre tábhachtaí a bhíonn ar siúl ag an nGníomhaireacht chun leanaí a chumhdach. Caitheann Tusla go han-dáiríre le gach sárú i dtaca le sonraí agus tá sé tiomanta do bheith ag dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá le mórcheisteanna córasacha a bhfuil sárú maidir le sonraí mar thoradh orthu. Aithníonn Tusla freisin go bhfuil réitigh de dhíth chun cosc a chur ar shárúithe den chineál seo sa todhchaí. Tá clár oibre ar leith bunaithe ag Tusa chun dul i ngleic leis na laigí ina chórais agus déanfaidh Coiste Forbartha an Eagrais maoirsiú air.

Chuir Tusla gach sárú i dtaca le sonraí in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí agus bíonn teagmháil chuimsitheach aige leis an gCoimisiún agus a chuid Fiosrúcháin idir lámha aige. Bhíodh taifid á gcoinneáil ar pháipéar in Tusla san am a chuaigh thart agus chuir sé sin leis na mórcheisteanna córasacha atá mar bhunús leis na sárúithe seo. Tá feabhas tagtha ar an scéal ó tugadh isteach an Córas Náisiúnta Faisnéise um Leanaí. Cé go bhfuil córais pháipéarbhunaithe go fóill i bhfeidhm, tá pleananna ann dul i ngleic leis seo sa bhliain atá amach romhainn. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Tusla, agus tá iarrachtaí go fóill á ndéanamh, bheith i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus chun próisis Tusla a fheabhsú d'fhonn comhlíontacht i dtaca leis an reachtaíocht chuí a fheabhsú. Tá pleananna sonraithe feabhsúcháin chun dul i ngleic leis na

mórcheisteanna cosanta sonraí is cúis leis na sárúithe seo curtha i bhfeidhm. Tá acmhainní breise soláthartha ag an mBord chun tacú le hobair an Oifigigh Cosaint Sonraí.

COVID-19 agus Rialuithe Inmheánacha

Thosaigh éigeandáil COVID-19 i mí Mhárta 2020 agus beidh tionchar leanúnach aige go ceann tamaill ar na hacmhainní atá ar fáil sa Ghníomhaireacht, in HBS/FSS agus i ngníomhaireachtaí maoinithe. Mar gheall ar COVID-19, bhunaigh an Ghníomhaireacht Foireann Bainistiú Géarchéimeanna chun déileáil leis an líon ard mórcheisteanna gan fasach a tháinig chun cinn sa Ghníomhaireacht féin agus sna gníomhaireachtaí maoinithe, go háirithe maidir le soláthar seirbhísí a chuireann chun cinn forbairt, folláine agus cosaint leanaí agus teaghlach. Tá réimse míreanna seasta ar a clár ag an bhFoireann Bainistiú Géarchéimeanna atá mar chuid de chlár bainistiú riosca ar leith.

De réir mar atá na srianta ar acmhainní ag iarraidh níos teinne, táthar ag díriú go príomh a gcónaí ar sholáthar seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh atá i mbaol.

Aithníonn an Bord agus an Ghníomhaireacht gur féidir nach mbeidh oibriú éifeachtach i dtaca le rialuithe tábhachtacha chomh maith agus a bheadh sé de ghnáth le linn na tréimhse éigeandála mar gheall ar shrianta ar acmhainní de chuid na Gníomhaireachta, agus gur féidir nach mbeidh cumas na Gníomhaireachta gníomhú go tráthúil i dtaca le moltaí faoi rialú inmheánach a tháinig as an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht 2019 chomh hard agus a bheadh sé de ghnáth. Beidh leibhéal an tionchair ar rialuithe agus ar phleananna gnímh, i measc nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ag brath ar an bhfad a mhairfidh an tréimhse éigeandála. Ag an bpointe seo, níl an Bord cinnte cén amlíne a bheidh ann, agus mar gheall air sin, ní heol dóibh cén tionchar go díreach a bheidh ag na cúrsaí seo ar rialuithe inmheánacha agus ar phleananna gnímh.

Go dtí seo, tá comhairle curtha ar an nGníomhaireacht faoi na ceisteanna seo a leanas:

- Tá cion substaintiúil d'acmhainní na foirne Iniúcháireachta Inmheánaí a sholáthraíonn seirbhísí don Ghníomhaireacht agus do FSS araon curtha i dtreo nithe eile agus ní fios cad é an tionchar a bheidh aige sin ar fheidhmíocht i dtaca le Plean Iniúcháireachta Inmheánaí 2020;
- Tá acmhainní áirithe san Aonad um Chomhlíontacht Airgeadais curtha i dtreo nithe eile agus ní fios cad é an tionchar a bheidh aige sin ar phlean oibre 2020;
- Tá baill foirne áirithe a bhíonn ag plé le Dearbhú Cáilíochta curtha ag obair ar nithe eile agus ní fios cad é an tionchar foriomlán a bheidh aige sin ar phlean oibre 2020;
- Tá sé tugtha le fios ag roinnt gníomhaireachtaí maoinithe go mb'fhéidir go mbeadh brú airgeadais orthu mar gheall ar an laghdú ar a ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus ar dheonacháin chorparáideacha agus eile, rud a bhféadfadh sé tionchar a imirt ar éifeachtúlacht a gcórais rialaithe inmheánaigh féin le linn na héigeandála.

Cuirfidh an Bord anailís iomlán ar fáil faoi thionchar COVID-19 ar chúrsaí rialaithe inmheánaigh in 2020 nuair a chuirfidh sé a ráitis airgeadais bhliantúla agus a ráiteas ar rialú inmheánach ar fáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Conclúid

Mar eagrais, tá athrú suntasach ag titim amach in Tusla agus tá na córais rialaithe go fóill bunaithe ar chuid mhaith lámhchórais agus ar chórais a fuarthas le hoidhreacht nuair a bunaíodh é in 2014. Tá sé beartaithe córais eile a thabhairt isteach in áit na gcórais sin sa tréimhse trí bliana go cúig bliana atá amach romhainn. Léiríonn na mórcheisteanna neamhchomhlíontachta a aithníodh i gcúrsaí rialaithe dá dtagraítear sa ráiteas seo an gá atá le fócas leanúnach, sonraithe ar fheabhsúcháin agus ar chomhlíontacht ag gach leibhéal san eagrais. Aithníonn an Ghníomhaireacht go bhfuil gá le béim leanúnach ar chúrsaí rialaithe agus go gcaithfear iad a fhorbairt agus nach mór díriú ar an ngá atá le meon comhlíontachta a chur chun cinn ar fud an eagrais. Tá sé de rún ag an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas dearbhaithe in 2020 lena chinntiú go leanfar le baint amach na gcaighdeán is fearr.

Tá cúrsaí rialaithe, próisis bainistiú riosca agus socrúithe dearbhaithe ag dul i bhfeabhas, agus sa chás ina bhfuil moltaí ann nár cuireadh i bhfeidhm go fóill ón Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí, ón Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta, ón Aonad um Chomhlíontacht Airgeadais, ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ón Udarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí, déanfaidh an Bord agus coistí an Bhoird monatóireacht ar gníomhartha na mbainisteoirí chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm agus déanfar athmheasúnú orthu in athbhreithniú 2020 ar an gcórais rialuithe inmheánacha, ag glacadh san áireamh an méid a dúradh thuas maidir le COVID-19.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a chuidigh linn seirbhís leanúnach, thrédhearcach ar féidir a bheith cuntasach ina leith a chur ar fáil.



Pat Rabbitte
An Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2020

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leathanach 1)



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá cuntais airgeadais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 iniúchta agam de réir mar a éilítear le forálacha Alt 51 d'Acht na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na ráitis seo a leanas:

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas caipitiúil
- an ráiteas ar an riocht airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar an gcúlchiste
- an ráiteas ar shreabhadh airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasáiochta san áireamh.

Is í mo thuairim í maidir leis na ráitis airgeadais:

- go léiríonn siad mar is ceart an riocht ina bhfuil gnóthaí na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach amhail an 31 Nollaig 2019 agus ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain 2019
- gur ullmhaíodh mar is ceart iad de réir na gcaighdeán cuntasáiochta atá sonraithe ag an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige de réir mar atá siad leagtha amach sa chuid faoin mbonn ullmhúcháin sna polasaithe cuntasáiochta.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta atá fógartha ag an Eagrais Idirnáisiúnta um Institiúidí Uachtaracha Iniúchóireachta. Tá cur síos le fáil san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus gur fóirsteanach í chun go mbeidh bunús le mo thuairim.

Tuarascáil ar eolas eile taobh amuigh de na ráitis airgeadais agus ar cheisteanna eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an t-eolas sin comhdhéanta de na hagusíní leis na ráitis airgeadais, an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas ar rialú agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos le fáil san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm maidir leis an gcineál sin eolais agus ceisteanna áirithe eile a dtugaim tuairisc ina leith ar bhonn eisceachta.

Soláthar neamhchomhlíontach

Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach go raibh caiteachas suntasach leanúnach ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in 2019 sa chás nach raibh na gnáthaimh a ndearnadh dá réir ag teacht le treoirlínte faoi sholáthar poiblí. Leagtar amach sa ráiteas ar rialú inmheánach freisin na céimeanna atá glactha nó atá beartaithe ag an nGníomhaireacht chun dul i ngleic leis na laigí ba bhonn leis sin.

Fíneálacha gearrtha ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

